Coimisiún na Meán

# Tuarascáil Bhliantúil 2024

# Clár


## Réamhrá na gCoimisinéirí 2

## Maidir le Coimisiún na Meán 4
Fís & Luachanna 5
Forbairt Straitéise 6
Forbairt Eagraíochta 7
Earcaíocht 10
Taighde 11
Rannpháirteachas Idirnáisiúnta 15
Rialachas 19

## Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí 25
Sábháilteacht ar Líne 26
Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh 32
Forbairt na Meán 50
Tacaíocht d'Úsáideoirí agus Caidreamh le hÚsáideoirí 69

## Ráitis Airgeadais 77
Eolas faoin gCoimisiún 78
An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí 79
An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 86
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 91
An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe 93
An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach 95
An Ráiteas faoin Staid Airgeadais 96
An Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 97
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 98

# Réamhrá na gCoimisinéirí

Ba é 2024 ár gcéad bhliain iomlán ar an bhfód mar Choimisiún na Meán. Rinneamar dul chun cinn mór maidir lenár sainchúraimí go léir i rith na bliana agus sinn ag obair le tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialú. Ag an am céanna, chuireamar foireann agus struchtúr eagraíochta nua i dtoll a chéile i gCoimisiún na Meán chun glacadh le raon suntasach feidhmeanna rialála nua.




Ó chlé go deas: John Evans (An Coimisinéir um Sheirbhísí Digiteacha), Niamh Hodnett (An Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne), Jeremy Godfrey (Cathaoirleach Feidhmiúcháin), Aoife MacEvilly, (An Coimisinéir um Chraolachán agus Físeán ar Éileamh) Rónán Ó Domhnaill (An Coimisinéir um Fhorbairt na Meán).

I réimse na craoltóireachta, thugamar nósanna imeachta nua isteach maidir le gearáin a láimhseáil agus rinneamar iad a oibríochtú, de réir mar a éilíonn an reachtaíocht. Thógamar céim thábhachtach chun an moratóir ar chlúdach craolacháin na dtoghchán a bhaint, rud a léiríonn na hathruithe atá tagtha ar thírdhreach na meán ó tugadh an moratóir isteach den chéad uair in 1997. Tar éis gairm ar ionchur, chuireamar nós imeachta ceadúnaithe Mear i bhfeidhm le haghaidh deich seirbhís tráchtála réigiúnacha agus áitiúla, lenar cinntíodh go raibh craoltóirí in ann a luchtanna féachana agus éisteachta a choinneáil ar an eolas agus siamsaíocht a chur ar fáil dóibh.

Tá an-mhuinín agus an-suim sa nuacht áitiúil in Éirinn go fóill, de réir caighdeáin idirnáisiúnta. Bhí lúcháir orainn an chéad dá scéim maoinithe iriseoireachta a fhorbairt, arna samhlú ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán (CTM). Osclaíodh an dá scéim seo, a chuimsíonn an tuairisciú ar údaráis áitiúla agus na cúirteanna, le hiarratais a fháil ag deireadh 2024. Trínár gcuid scéimeanna urraíochta agus forbartha earnála, thugamar tacaíocht do raon gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha in earnáil fuaime agus closamhairc na hÉireann. Tríd an scéim Fuaim & Fís bhronnamar na milliúin euro maoiniúcháin ar raon craoltóirí agus léiritheoirí le hábhar a chruthú a léiríonn ár gcultúr agus ár sochaí. D'fhoilsíomar an Straitéis um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (ICÉI) d'earnáil na meán, agus sinn ag obair le cinntiú go bhfuil cothromaíocht ann maidir leis na daoine, guthanna, scéalta agus taithí saoil atá le feiceáil ar ár scáileáin.

## Réamhrá na gCoimisinéirí

Thógamar roinnt céimeanna tábhachtacha lenár gCreat Sábháilteachta ar Líne a chur chun feidhme go hiomlán in 2024. Ghlacamar le freagrachtaí maidir le Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha an AE i bhFeabhra, agus d'fhorbraíomar creat um riosca agus comhlíonadh ionas go mbeimis in ann an reachtaíocht a oibríochtú. Tar éis comhairliúchán poiblí ar an gCód Sábháilteachta Ar Líne, cuireadh an dréacht-Chód isteach i bpróiseas an Chórais Faisnéise Rialachán Teicniúil (CFRT) den Choimisiún Eorpach i mí na Bealtaine. Chomh luath is a tugadh an próiseas sin chun críche, d'fhoilsíomar an Cód deiridh i mí Dheireadh Fómhair agus chuireamar i bhfeidhm é ar Sheirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán, agus chuireamar lenár gcreat um riosca agus comhlíonadh, arna mhaoirsiú ag an Rannóg Maoirseachta. Faoin Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne, d'aithníomar go raibh trí sholáthraí seirbhísí óstála neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta, rud a spreag sinn lenár n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus bearta sonracha a ghlacadh chun scaipeadh ábhair den sórt sin a íoslaghdú. Le na trí ghné den Chreat Sábháilteachta ar Líne i bhfeidhm anois, is féidir linn a dhearbhú go bhfuil deireadh curtha le ré an fhéinrialaithe d'ardáin ar líne, agus rialúchán éifeachtach curtha ina háit. Anois táimid ag díriú ar sheirbhísí a thabhairt chun cuntais i dtaca leis an mbealach a gcomhlíonann siad na rialacha ceangailteacha sin. I dtaca leis sin, thosaíomar an chéad athbhreithniú cothrománach ar chomhlíonadh na n-ardán le sásraí tuairiscithe um ábhar mídhleathach.

Taobh leis na réimsí oibre téamacha sin, chuireamar béim leathan ar na toghcháin in 2024, i bhfianaise na dtoghchán áitiúil, náisiúnta agus Eorpach. D'oibrigh ár gcomhghleacaithe thar fheidhmeanna éagsúla agus le raon comhpháirtithe seachtracha le cinntiú go raibh ár gcuid déanta againn le tacú le daonlathas, ionracas na dtoghchán, agus cearta na ndaoine rogha shaor, chothrom agus fheasach a dhéanamh maidir lena vóta a chaitheamh.

D'oibríomar go dian freisin le tacaíocht a thabhairt do bhaill den phobal. Osclaíodh ár n-ionad teagmhála an 19 Feabhra le comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do bhaill den phobal maidir le ceisteanna a bhaineann leis an gcraolachán nó leis an tsábháilteacht ar líne. Sheolamar ár gcéad fheachtas feasachta poiblí maidir le cearta an úsáideora faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne, agus leanamar ar aghaidh lenár gcuid oibre fadtéarmaí ar litearthacht sna meáin.

Go hinmheánach, chaitheamar a lán ama agus rinneamar an-iarracht lenár luachanna a fhorbairt agus a neadú. Ghlacamar méid mór ball nua agus sinn ag druidim lenár spriocshamhail oibríochta a bhaint amach, agus d'fhásamar go 208 duine roimh dheireadh na bliana. Tá ár bhfoireann ag croílár rath Choimisiún na Meán, agus gabhaimid buíochas leo as a dtiomantas agus a n-obair chrua in 2024, rud a léirítear i mionsonraí na tuarascála bliantúla seo.

# Maidir le Coimisiún na Meán

Fís & Luachanna 5
Forbairt Straitéise 6
Forbairt Eagraíochta 7
Earcaíocht 10
Taighde 11
Rannpháirteachas Idirnáisiúnta 15
Rialachas 19

# Fís & Luachanna

Ag deireadh 2023, tháinig na Coimisinéirí agus Stiúrthóirí le chéile le linn sraith ceardlann chun ár gcuid luachanna agus cuspóirí a chur in iúl agus chun aontú fúthu i gcomhar lena chéile. B'ócáid chinniúnach é sin le linn ár n-aistir mar eagraíocht nua. Bhí an próiseas sin ríthábhachtach chun bunús a chruthú dár gcultúr éiritheach agus chinntigh sé go dtuigeann gach ball den eagraíocht ár gcuspóir, ár bprionsabail agus ár n-iompraíocht agus go n-ailíníonn siad leo.

Arna stiúradh ag an bhfoireann Daoine agus Forbartha Eagraíochta (DFE), agus i gcomhpháirtíocht leis na Coimisinéirí agus Stiúrthóirí, thugamar faoi phróiseas struchtúrtha agus ionchuimsitheach lenár gcuid luachanna agus iompraíochta eagraíochtúil a cheapadh, a aontú agus a neadú.

Socraíonn sé sin an caighdeán maidir le conas a dhéanaimid caidrimh, conas a chomhoibrímid agus conas a imrímid tionchar. Inár Ráiteas Cuspóra mínítear ár ról go soiléir.

Déanaimid ár gcáil mar rialtóir iontaofa a shaothrú agus a chosaint.

Níl eagla orainn rioscaí a ghlacadh agus dúshlán a thabhairt don status quo le tírdhreach na meán a athrú chun feabhais.

Déanaimid ár dtionchar a uasmhéadú trí thorthaí a sholáthar a dhéanann difear dearfach.




Cloímid leis na caighdeáin eiticiúla is airde.

Déanaimid an chuid is fearr dár gcuid oibre trí mheas a léiriú ar a chéile agus ar ár bpáirtithe leasmhara agus trí bheith ag oibriú lena chéile.

Táimid neamhchlaonta, agus cuirimid leas an phobail i gcroílár a ndéanaimid.

# Forbairt Straitéise

Foráiltear san Acht Craolacháin agus san Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán go gcuirfidh an Coimisiún Ráiteas Straitéise trí bliana i dtoll a chéile. Thosaigh an próiseas chun an Ráiteas Straitéise a fhorbairt don tréimhse 2025 go 2027 i mí na Bealtaine 2024 agus áiríodh cúig phríomhchéim leis:

1. Bailiú faisnéise agus anailís ar shonraí
2. Comhairliúchán le páirtithe leasmhara
3. Dréachtú straitéise
4. Comhairliúchán poiblí
5. Tabhairt chun críche na straitéise agus foilsiú an Fhreagra ar Chomhairliúchán

Ghlac baill foirne ag gach leibhéal agus ó gach rannóg san eagraíocht páirt i gcéim an chomhairliúcháin trí shuirbhé ar líne, cruinnithe ar an láthair agus ócáid chomhairliúcháin ar líne. Roinn príomhpháirtithe leasmhara seachtracha a gcuid ama agus léargais chomh maith, lenar áiríodh ionadaithe na n-earnálacha craoltóireachta agus Físeán ar Éileamh, soláthraithe ardán, daoine óga agus ionadaithe de chuid roinnt comhlachtaí aighneachta don ógra, ionadaithe phobal na Gaeilge, rialálaithe eile agus gníomhaireachtaí Eorpacha.

Ar an 6 Samhain 2024, thosaigh próiseas comhairliúcháin phoiblí ceithre seachtaine. Cuireadh fáilte sa chomhairliúchán roimh thráchtanna i dtaca leis an méid seo a leanas:

- Misean agus Luachanna beartaithe an Choimisiúin agus an méid a mhínítear leo cad é a dhéanaimid (ár misean), agus ár n-uaillmhianta don todhchaí (fís).
- Ár gcuid torthaí straitéiseacha beartaithe, agus cé chomh hoiriúnach is atá siad i gcomhthéacs ár róil agus na timpeallachta ina noibrímid.
- Réimsí oibre ar chóir dúinn tabhairt fúthu, dar le freagróirí, faoi cheann amháin ar a laghad de na torthaí straitéiseacha beartaithe.
- Tosaíochtaí breise ar chóir iad a chur san áireamh lena gcuimsiú sa Ráiteas Straitéise deiridh.

Fuarthas 12 aighneacht san iomlán. Lean an Coiste Stiúrtha Straitéise ar aghaidh ag stiúradh fhorbairt na Straitéise agus é ar intinn aige an ráiteas a fhoilsiú ag tús 2025.

# Forbairt Eagraíochta

Bliain ríthábhachtach a bhí ann don Fhorbairt Eagraíochta (FE) ag Coimisiún na Meán in 2024, le béim láidir ar chultúr, ceannaireacht, agus cruthú acmhainne. Trí shraith de thionscnaimh straitéiseacha, bhí príomhról ag an bhfeidhm FE i neadú ár luachanna, neartú na ceannaireachta agus feabhsú ar rannpháirteachas agus folláine na foirne.

Trí phríomhthosaíocht a threoraíonn ár gcur chuige i leith FE:

- Cultúr a bhfuil meas ag daoine air a chruthú
- Tacú le ceannairí agus iad ag treorú i gcomhar lena chéile trí athrú
- Infheistíocht inár ndaoine agus foirne



Forbairt Eagraíochta (ar lean)

# Príomhthionscnaimh & Éachtaí

I gcaitheamh na bliana, d'éirigh linn raon tionscnamh a dhearadh agus a sholáthar, lenar neartaíodh cultúr na heagraíochta, ina dtugtar tús áite do dhaoine, lena n-áirítear:

### Folláine na bhFostaithe & Tacaíocht dóibht

- Seoladh Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (CCF) nua le VHI chun tacaíocht inrochtana agus rúnda a chur ar fáil d'fhostaithe.
- Forbraíodh agus foilsíodh Treoir maidir le Bainistiú Struis Thrámaigh le cuidiú le fostaithe agus bainisteoirí dul i ngleic le ceisteanna dúshlánacha.
- Bunaíodh Grúpa Cosanta Fostaithe le cur chuige struchtúrtha agus réamhghníomhach a chinntiú i leith shláinte agus fholláine na bhfostaithe.
- Cuireadh chun críche Measúnú Riosca maidir le Folláine agus Sábháilteacht na hEagraíochta le heolas a dhéanamh do thionscnaimh folláine amach anseo.

### Cultúr & Luachanna

- Stiúradh forbairt agus neadú Luachanna & Iompraíochta Eagraíochta nua de chuid Choimisiún na Meán, lenar cinntíodh ailíniú lenár bhfís straitéiseach.
- Athdhearadh agus athsheoladh ár bhFóram d'Fhostaithe, lenar neartaíodh guth na bhfostaithe agus rannpháirteachas ar fud na heagraíochta.
- Tugadh isteach an Clár Aitheantais Luachanna Láraithe d'Fhostaithe, agus eagraíodh ócáid chinn bliana le ceiliúradh a dhéanamh ar fhostaithe a léiríonn luachanna ár n-eagraíochta.
- Tugadh faoi Iniúchadh Cultúrtha le bunús fianaisebhunaithe a chur ar fáil do thionscnaimh forbartha cultúir leanúnacha.

### Ceannaireacht & Forbairt Acmhainne

- Forbraíodh agus seoladh Beartas Foghlama & Forbartha nua le fostaithe a threorú agus iad ag fáil rochtana ar dheiseanna foghlama.
- Tacaíodh le fostaithe agus foirne ar leith maidir le deiseanna maoinithe agus forbartha, lena bhfeabhsaítear scileanna ar fud na heagraíochta.
- Reáchtáladh Clár Cóitseála Feidhmiúcháin ar bhonn píolótach le haghaidh 30 ceannaire le hacmhainn ceannaireachta a neartú.
- Soláthraíodh raon éagsúil oiliúna agus máistir-ranganna, lena gcuimsítear Bainistiú Daoine, Athléimneacht, Meabhairshláinte, Bainistiú Tionscadal, Scríbhneoireacht Ghnó, Rialachas, agus Reachtaíocht.
- Éascaíodh eochair-ócáidí idirghníomhacha le príomhthionscnaimh CÉI a cheiliúradh, lena n áirítear BRÓD, Lá Idirnáisiúnta na mBan, agus Lá Idirnáisiúnta na bhFear, lenar neartaíodh ár dtiomantas do láthair oibre ionchuimsitheach agus chothrom a fhorbairt.

Forbairt Eagraíochta (ar lean)

## Tionchar & Breathnú chun Tosaigh

In 2024 bhí a lán rannpháirteachais le cláir agus tionscnaimh stiúrtha ag an eagraíocht, agus áirítear an méid seo a leanas leis na torthaí samplacha:



D'fhreastail
**520**
rannpháirtí ar chúrsaí agus máistir-ranganna foghlama agus forbartha.

Ghlac
**30**
ceannaire páirt sa Chlár Cóitseála Feidhmiúcháin píolótach.

Ghlac
**127**
fostaí páirt in eochair-ócáidí CÉI.

Léiríonn aiseolas agus sonraí go bhfuil an bhéim ar fhoghlaim, forbairt agus folláine tábhachtach de réir na bhfostaithe, agus go bhfuil na luachanna agus iompraíocht eagraíochta comhchruthaithe an-ábhartha ar fud na heagraíochta.

Amach anseo, leanfaidh FE ag glacadh cur chuige sonraíbhunaithe agus fianaisebhunaithe i leith forbairt acmhainne fostaithe agus cruthú cultúir, lena gcinnteofar go bhfuil Coimisiún na Meán ina láthair oibre rathúil agus ionchuimsitheach atá dírithe ar luachanna sa todhchaí.

# Earcaíocht

Bhí 2024 ina bhliain chlaochlaitheach maidir le hearcaíocht ag Coimisiún na Meán, agus ba thréimhse í ina raibh borradh as cuimse agus rath in earcú tallainne.

Ag tús na bliana, bhí 79 ball foirne againn. Faoi mhí an Mheithimh, bhí 174 againn, níos mó ná a dhá oiread, agus faoi mhí na Nollag, bhí 209 fostaí againn, na Coimisinéirí san áireamh. Bhaineamar an méadú mear sin amach go héifeachtúil, rud a léiríonn neart ár mbranda fostóra agus an tóir atá ar ár misean.

Bhí ár bhfís, ár misean agus ár gcuspóir lárnach chun tallann den scoth a mhealladh. Fuarthas mó ná 3,000 iarratas agus léirigh 1,750 iarratasóir suim i bhfolúntais amach anseo. Bhainistigh an fhoireann Earcaithe Tallainne, a bunaíodh le déanaí, 50+ comórtas earcaíochta, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí earcaíochta tríú páirtí, rud a chinntigh go mbeadh an próiseas earcaithe réidh agus proifisiúnta.

Chun na scileanna riachtanacha a chur ar fáil do bhainisteoirí earcaíochta, d'éascaíomar oiliúint fhairsing agus ullmhúchán maidir le hagallaimh. I gcaitheamh na bliana, rinneadh beagnach 90 lá agallamh, agus ba é an toradh air sin ná gur glacadh le 100+ tairiscint agus bunaíodh 122 painéal iarratasóirí.

## Éifeachtúlacht & Barrfheabhsú Próiseas

Bhí ár ráta glactha i bhfad níos airde ná formhór na ngníomhaireachtaí san earnáil phoiblí, agus bhaineamar meán-am earcaithe éachtach de sheacht seachtaine amach – ó fhógra an phoist go glacadh na tairisceana. Agus sinn ag freastal ar riachtanais earcaíochta ar scála mór, d'oibríomar freisin chun próisis earcaithe a bheachtú agus a chuíchóiriú, rud a chinntigh ailíniú le caighdeáin earcaíochta, dea-chleachtais agus trédhearcacht sna seirbhísí poiblí. Cuireadh athbhreithniú cuimsitheach agus nuashonrú i gcrích ar ár mBeartas Earcaithe Tallainne chun riachtanais ár n-eagraíochta éirithí a léiriú.

Cloch mhíle thábhachtach in 2024 ab ea comhtháthú rathúil iarfhoirne Údarás Craolacháin na hÉireann i gCoimisiún na Meán, agus 39 ball foirne sannta i róil a bhí ag teacht lena gcuid scileanna agus mianta.

## Pleanáil an Lucht Saothair & Fás Amach Anseo

Bhí ár rannpháirteachas láidir lenár máthair-roinn lárnach maidir le cás gnó cuimsitheach a chur isteach chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSA) le haghaidh beagnach 100 post breise, lena dtacófar leis an gcéad chéim eile den mhéadú ar ár lucht saothair. Beidh an phleanáil réamhghníomhach sin maidir le lucht saothair ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh an acmhainn agus sainscileanna againn a bheidh riachtanach lenár gcuspóirí rialála agus straitéiseacha a bhaint amach.

## Tiomantas don Éagsúlacht, don Chomhionannas & don Ionchuimsitheacht (ÉCI)

Mar chuid dár dtiomantas don Éagsúlacht, don Chomhionannas agus don Ionchuimsitheacht (ÉCI), bhunaíomar comhpháirtíocht straitéiseach le The Open Doors Initiative agus d'fhorbraíomar plean gníomhaithe atá dírithe ar thionscnaimh ÉCI fhiúntacha a thiomáint laistigh den earcaíocht agus ar fud na heagraíochta.

Ba bhliain bhunúsach é 2024 maidir le lucht saothair láidir, ionchuimsitheach agus ardfheidhmíochta a thógáil – ceann a leanfaidh ar aghaidh ag fás, ag éabhlóidiú agus ag tacú le misean Choimisiún na Meán sna blianta amach romhainn.

# Taighde

Forálann an tAcht Craolacháin 2009, arna leasú, go ndéanfaidh an Coimisiún "cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, agus an chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn i measc na ndaoine lena ngabhann sé i gcomhairle". Bunaíodh an t-aonad um Thaighde agus Straitéis le tacú linn ár ról a chomhlíonadh mar rialálaí fianaisebhunaithe. Déanaimid taighde iontaofa, ardchaighdeáin agus eiticiúil agus déanaimid é a choimisiúnú chun eolas a dhéanamh do phróisis bhreithniúcháin agus cheaptha beartais de chuid an Choimisiúin. Tríd an taighde a chur ar fáil go poiblí, tacaíonn an t-aonad um Thaighde agus Straitéis le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe arna déanamh acu siúd atá rialaithe againn, agus ag páirtithe leasmhara eile.

Gach bliain, glacann an t-aonad um Thaighde agus Straitéis le clár taighde arna threorú ag ár dtosaíochtaí straitéiseacha.

Bhí naoi dtionscadal taighde inár gclár taighde in 2024. Tá achoimre ar gach tionscadal sa tábla seo thíos, in éineacht le nuashonrú i dtaca le stádas reatha an taighde sin tráth scríofa na tuarascála seo.

Achoimre ar thionscadail taighde a bhí ar siúl in 2024:

| Teideal an tionscadail | Achoimre | Stádas amhail an dáta cló |
|---|---|---|
| **Athbhreithniú ar an litríocht maidir le húsáid na meán sóisialta agus meabhairshláinte leanaí – agus idirghabhálacha arb é is aidhm dóibh sábháilteacht agus folláine leanaí ar líne a chur chun cinn** | San athbhreithniú insinte seo ar an litríocht, fiosraítear an litríocht atá ann cheana féin maidir le cé acu atá nó nach bhfuil aon tionchair dhearfacha nó dhiúltacha ag baint le húsáid na meán sóisialta ar mheabhairshláinte leanaí agus daoine óga agus ar a bhfolláine i gcoitinne. | Ar siúl:<br>Táthar ag nuashonrú dréacht níos luaithe faoi láthair leis na forbairtí is déanaí a léiriú. |

Taighde (continued)

| Teideal an tionscadail | Achoimre | Stádas amhail an dáta cló |
|---|---|---|
| **Taighde ar eispéiris ar líne na n-iarrthóirí i dtoghcháin áitiúla agus ghinearálta 2024** | Leis an taighde seo fiosraítear eispéiris ar líne na n-iarrthóirí le linn thoghcháin áitiúla agus ghinearálta 2024. Scrúdaítear ann, mar shampla, cineálacha áirithe iompraíochta a d'fhéadfadh a bheith feicthe ag na hiarrthóirí ar líne; tionchair a leithéid d'iompraíocht ar a bhfeachtasaíocht nó ar a bhfolláine; tionchair a leithéid d'iompraíocht ar fholláine a mball foirne/teaghlaigh; an tionchar is dócha a bhíonn ag a leithéid d'iompraíocht ar an gcinneadh seasamh i dtoghchán eile arís amach anseo; a n-eolas faoi phróisis tuairiscithe na n-ardán agus a n-eispéiris leo. | Ar siúl:<br>Tugadh an chéad chéim den taighde, a dhíríonn ar eispéiris iarrthóirí áitiúla, chun críche agus táthar i mbun anailíse. Cuirfear tús leis an dara céim den taighde, atá dírithe ar eispéiris iarrthóirí an Olltoghcháin, i mí Feabhra 2025. |
| **Measúnú ar fhorbairtí in úinéireacht agus rialú na meán** | Leis an measúnú seo tuairisceofar ar fhorbairtí in úinéireacht agus rialú na meán le linn na tréimhse trí bliana atá i gceist (2021-2023) agus is riachtanas reachtúil é faoin Acht Iomaíochta 2002, arna leasú. | Ar siúl:<br>D'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin maidir le Forbairtí in Iolrachas na Meán in Éirinn, 2021-2023 i Samhain 2024. Tá measúnú ar na freagairtí ar siúl faoi láthair. Táthar ag dréachtú tuarascála faoi láthair a chuirfear ar aghaidh chuig an Aire lena hathbhreithniú sula gcuirfear faoi bhráid an Oireachtais í. |
| **Taighde cur chuige measctha i dtaca le hábhar sna meáin a d'fhéadfadh díobháil nó col a dhéanamh** | Tá an taighde seo á dhéanamh i gcomhar le hOifig Aicmithe Scannán na hÉireann (IFCO). Scrúdaítear ann meonta an phobail maidir le hábhar sna meáin agus feasacht an phobail, agus a ndearcadh, i dtaca le bearta rialála ábhartha. | Ar siúl:<br>Tugadh athbhreithniú ar an litríocht chun críche, chomh maith le snáithe cainníochtúil an taighde (suirbhé ar 1000 rannpháirtí).<br>Tá snáithe cáilíochtúil an taighde ar siúl; tugadh grúpaí fócais i gcrích le daoine fásta agus tá grúpaí fócais le leanaí le tosú i mí an Mhárta 2025 i gcomhpháirtíocht le hOifig an Ombudsman do Leanaí. |

## Taighde (continued)

| Teideal an tionscadail | Achoimre | Stádas amhail an dáta cló |
|---|---|---|
| **Taighde cur chuige measctha ar chraolachán raidió de cheol arna chumadh agus arna sheinm ag mná.** | Leis an taighde seo fiosraítear cineál agus méid na hionchuimsitheachta maidir le hábhar raidió arna chumadh nó arna sheinm ag mná. Leis an tionscadal seo táthar ag iarraidh tuiscint a fháil ar an méid a leanas:<br>▪ cineál aon chaighdeán agus cleachtas a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun craolachán an cheoil, arna chumadh nó léiriú ag mná, ar an raidió a chur chun cinn agus<br>▪ na cineálacha beartas agus beart a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun tacú leis an tionscal cloí le caighdeáin agus cleachtais den sórt sin. | Ar siúl:<br>Tá athbhreithniú ar an litríocht, agus an snáithe cáilíochtúil den taighde (agallaimh ar rannpháirtithe) tugtha chun críche.<br><br>Tá an snáithe cainníochtúil den taighde (anailís ar ábhar an chláir) ar siúl, agus táthar ag súil go mbeidh an tuarascáil críochnaithe i mí an Mhárta 2025. |
| **Taighde i dtaca le rannpháirteachas na meán spóirt, le béim ar leith ar ionchuimsitheacht inscne.** | Seo tionscadal taighde comhoibríoch i gcomhar le Spórt Éireann agus tá sé dírithe ar thomhaltas na meán spóirt. Mar chuid de, tá suirbhé á dhéanamh ar shampla ionadaíoch náisiúnta de 700 duine fásta. Leis an obair sin, tacaítear le dhá mholadh a rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Meán i dtaca le (a) forbairt plean straitéisigh le haghaidh craolachán agus cur chun cinn spóirt agus (b) forbairt straitéise le héagsúlacht agus ionchuimsitheacht i dtuairisciú agus craolachán spóirt a chur chun cinn agus a fheabhsú. Tá an píosa taighde sin ar an gcéad phíosa taighde i gcaidreamh comhoibríoch leanúnach le Spórt Éireann | Ar siúl:<br>Ag céim na hoibre allamuigh. |

## Taighde (continued)

| Teideal an tionscadail | Achoimre | Stádas amhail an dáta cló |
|---|---|---|
| **Athbhreithniú ar an nGaeilge sna Meáin** | Seo athbhreithniú ar sholáthar sheirbhísí agus ábhar i nGaeilge ar fud na meán. | Ar siúl:<br>Mar chuid den taighde seo, rinneadh suirbhé idir Meitheamh agus Iúil 2024. Bhí an suirbhé ag lorg dearcthaí ó thart ar 1,200 duine ó luchtanna féachana agus éisteachta náisiúnta agus Gaeltachta, 18+ mbliana d'aois, agus rinneadh iniúchadh ar rannpháirteachas pobail, ar roghanna, agus ar dhearcthaí maidir le hábharthacht agus éifeachtacht na meán Gaeilge – teilifís, raidió, meáin chló agus meáin ar líne san áireamh. |
| **Tuarascáil Nuachta Digití Reuters** | Déanann Institiúid Reuters um Staidéar ar an Iriseoireacht ag Ollscoil Oxford an taighde don Tuarascáil bhliantúil ar an Nuacht Dhigiteach, agus is é sin an staidéar comparáideach leanúnach faoi thomhaltas nuachta is mó ar domhan. Tá na sonraí Éireannacha ina gcuid den suirbhé iomlán, a rinneadh i 47 margadh in 2024. Éascaíonn an Coimisiún rannpháirtíocht na hÉireann. Chuir taighdeoirí ó Institiúid OCBÁC um Meáin Todhchaí, Daonlathas agus Sochaí (FuJo) anailís ar na sonraí Éireannacha ar fáil in 2024. | Curtha i gcrích:<br>Foilsíodh an Tuarascáil ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2024 an 16 Meitheamh 2024.<br><br>DS |

Ina theannta sin, le linn na bliana bhainistigh an fhoireann Taighde agus Straitéise dearadh an phróisis agus cur chun feidhme phróiseas seiceála na dtaighdeoirí chun cloí lenár n-oibleagáidí mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha (CSD) faoi Airteagal 40(4-11) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD). Chomhordaigh an fhoireann forbairt ár gcéad straitéise corparáidí freisin, céimeanna an rannpháirteachais páirtithe leasmhara agus an chomhairliúcháin phoiblí san áireamh.

# Rannpháirteachas Idirnáisiúnta

Athraíodh clár rannpháirteachais idirnáisiúnta Choimisiún na Meán le bheith níos foirmiúla agus níos struchtúrtha in 2024, le tabhairt isteach Foirne Gnóthaí Idirnáisiúnta i mí an Mhárta, nuair a chuaigh ár gcéad Stiúrthóir Gnóthaí Idirnáisiúnta isteach sa Choimisiún.

In 2024, d'éirigh linn poist cheannaireachta a ghlacadh inár líonraí rialála go léir, foireann bheag thiomanta a chruthú lenár rannpháirteachas a bhainistiú agus cur chuige níos straitéisí a fhorbairt i leith comhoibriú, dea-chleachtas a roinnt, agus abhcóideacht ar son comhleanúnachais san AE agus ar fud an domhain.

Is minice a bhaineann rannpháirteachas idirnáisiúnta le rialú seirbhísí trasteorann, go príomha ardáin ar líne agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán (VSPS). Is é is ciall leis sin ná gur thugamar tús áite do rannpháirteachas, comhoibriú agus comhordú i rialú sábháilteachta ar líne agus ardán digiteach in 2024, mar shampla trí phríomhról a ghlacadh ar an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha (EBDS), a bhfuil a chuid oibre lárnach i rialú ardán digiteach san AE; trí thacú leis na Coimisinéirí freastal ar chomhdhálacha ar fud na hEorpa agus san Áise agus in SAM; agus trí obair a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach go díreach chun ailíniú a fhiosrú maidir le rialú sábháilteachta ar líne.

Is grúpa comhairleach neamhspleách é an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha (EBDS) a bunaíodh faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha le cur chun feidhme agus forfheidhmiú seasmhach an Ghnímh a cinntiú ar fud an Aontais Eorpaigh. Tá EBDS comhdhéanta de Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha na mBallstát agus is é an Coimisiún Eorpach a dhéanann cathaoirleacht air, agus cuireann an Coimisiún tacaíocht riaracháin agus anailíseach ar fáil chomh maith. Tagann EBDS le chéile gach dhá mhí agus bíonn rannpháirteachas oibre sách ard idir cruinnithe boird. Ag an cúigiú cruinniú boird de chuid EBDS an 20 Meitheamh 2024, bhunaigh an Bord ocht Meitheal le tacú lena chuid oibre. Cuireann na Meithleacha sin cúnamh agus tuairisciú ar fáil don Bhord. Sanntar réimse ábhar do gach Meitheal a bhaineann le an GSD, ar ina leith a chuireann sí le hobair an Bhoird, go háirithe maidir le ceisteanna ábhartha ar leith a scrúdú agus cáipéisí a ullmhú le haghaidh an Bhoird. Tugtar breac-chuntas anseo thíos ar raon feidhme tosaigh agus sruthanna oibre na n-ocht meitheal, de réir mar a d'fhormheas an Bord iad. Tá an Coimisiún ina leaschathaoirleach ar dhá cheann de na meithleacha, an t-aon CSD amháin atá i bpoist mar leaschathaoirleach.

## Rannpháirteachas Idirnáisiúnta (ar lean)

| | Raon Feidhme | Leaschathaoirleach |
|---|---|---|
| WG1 | Cothrománach & Dlí | IT (AGCOM) |
| WG2 | Obair le Chéile | NL (ACM) |
| WG3 | Modhnóireacht Ábhair & Rochtain ar Shonraí | FR (Arcom) |
| WG4 | Sláine an Spáis Faisnéise | SK (CMS) |
| WG5 | Tomhaltóirí agus margaí ar líne | DE (BNetzA) |
| WG6 | Cosaint ar Mhionaoisigh | IE (CnaM) |
| WG7 | Orduithe agus saincheisteanna coiriúla | AT (KommAustria) |
| WG8 | Saincheisteanna TF | IE (CnaM) |



An Coimisinéir um Chraolachán agus Físeán ar Éileamh Aoife MacEvilly le Comhchomhaltaí anBord Eorpach um Sheirbhísí Meán (BESM), cuirfear tús leis a chuid oibre in 2025.

Ghlac an Coimisinéir um Sheirbhísí Digiteacha, John Evans, príomhról sa Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha (BESD). Fágtar an t-urlár faoi John i ngach cruinniú boird, agus roinneann sé na ceachtanna ar leith atá foghlamtha againn ónar gcéad bhliain mar CSD na hÉireann. Táimid gníomhach sna hocht Meitheal BESD go léir, go háirithe mar leaschathaoirleach ar Mheitheal 6 (cosaint leanaí) agus ar Mheitheal 8 (saincheisteanna TF) agus glacaimid páirt i ngrúpaí dréachtóirí le táirgí a fhorbairt mar chuid de Mheitheal 3 (treoirlínte oibríochtúla le haghaidh CSDanna maidir le rochtain ar shonraí) agus de Mheitheal 4 (foireann uirlisí le haghaidh ionracas toghcháin). Mar chuid de Mheitheal 6, táimid ag obair go gníomhach le cearta na leanaí a neadú i gcleachtais sábháilteachta ar líne. Chuidigh foireann taighde an Choimisiúin go suntasach leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Rochtain ar Shonraí (Airteagal 40 GSD), rud a léiríonn ról ríthábhachtach an Choimisiúin sa phróiseas casta seo. Oibrímid go dlúth freisin lenár gcomhghleacaithe CSD agus leis an gCoimisiún Eorpach chun próisis a chomhoiriúnú le gearáin a láimhseáil agus dea-chleachtais a roinnt ónár gcuid oibre chun seirbhísí um Réiteach Díospóide lasmuigh den Chúirt a dheimhniú.

Is bord comhairleach neamhspleách é an Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán (BESM), arna bhunú ag an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, déanta suas as comhlachtaí agus údaráis rialála náisiúnta d'earnáil na meán agus an chlosamhairc. Cuireann sé le Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, a cruthaíodh in 2014, agus tagann sé ina ionad. Tháinig an Bord i bhfeidhm i mí Feabhra 2025. Déanann an Coimisinéir Craolacháin agus Físeán ar Éileamh, Aoife MacEvilly, ionadaíocht do Choimisiún na Meán ar BESM.

## Rannpháirteachas Idirnáisiúnta (ar lean)

I mí na Samhna toghadh Niamh Hodnett mar Leaschathaoirleach Líonra na Rialálaithe Domhanda um Shábháilteacht ar Líne (GOSRN). Tugann an líonra seo Rialálaithe Sábháilteachta Ar Líne le chéile ó gach cearn den domhan le comhleanúnachas rialála a chruthú agus le foghlaim ó chleachtas éiritheach. Mar leaschathaoirleach beimid ag díriú go leor dár gcuid iarrachtaí ar rannpháirteachas le sainbhreathnóirí GOSRN ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta. Rinne Niamh Hodnett ionadaíocht don Choimisiún freisin ar Bhord Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (GRESMC), a chuir tuarascálacha agus comhairle ar fáil faoi chur chun feidhme na Treorach um Sheirbhísí Meán Closamhairc agus a thacaigh le dlúthchomhar idir rialálaithe náisiúnta agus iad ag ullmhú leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a chur chun feidhme agus le GRESMC a thiontú sa Bhord Eorpach um Sheirbhísí Meán in 2025.




D'fhreastail John Evans ar Chruinniú Boird GSD leis an gCoimisinéir r-Shábháilteachta Julie Inman Grant



An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne Niamh Hodnett agus an Stiúrthóir Cód agus Rialacha Declan McLoughlin ag cruinniú GOSRN i Londain

## Rannpháirteachas Idirnáisiúnta (ar lean)




An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne Niamh Hodnett le comh-ionadaithe GOSRN Gill Whitehead, Stiúrthóir an Ghrúpa um Shábháilteacht Ar Líne ag Ofcom agus Julie InmanGrant, an Coimisinéir r-Shábháilteachta

I mí an Mheithimh toghadh Stephanie Comey arís ar Bhord ár líonra is sine, an tArdán Eorpach um Údaráis Rialála, áit a n-oibrímid le rialtóirí meán na hEorpa. Tá Stephanie anois sa ról mar Leaschathaoirleach Sinsearach agus reáchtálann sí an tascfhórsa litearthachta sna meáin EMIL.

Is iomaí comhghleacaí a thapaigh an deis feasacht a mhúscailt faoinár gcuid oibre ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus iad ag labhairt ag comhdhálacha ardphróifíle ar nós an Fhóraim le haghaidh Idirlíon Níos Sábháilte, chomhdháil bhliantúil na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha, Chumann Idirnáisiúnta na nGairmithe Príobháideachais agus CPDP (Ríomhairí, Príobháideachas agus Cosaint Sonraí). In 2024 chuir Coimisinéirí an Choimisiúin ár gcuid oibre i láthair do pháirtithe leasmhara agus lucht déanta beartas go domhanda freisin: thug ár gCathaoirleach Feidhmiúcháin Jeremy Godfrey agus an Coimisinéir Seirbhísí Digiteacha John Evans cuairt ar Washington DC in 2024 le bualadh le baill shinsearacha den Choimisiún Feidearálach um Thrádáil, rialtas SAM, comhlachtaí cosanta leanaí agus leis an tsochaí shibhialta chun breac-chuntas a thabhairt ar ár gcur chuige i leith maoirseacht ardán agus sábháilteachta ar líne. Tharraing Jeremy Godfrey aird ar ár gcuid oibre chun dul i ngleic le bréagaisnéis ag comhdháil bhliantúil na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Chumarsáid in Bangkok chomh maith.

Bhí lúcháir orainn chomh maith fáilte a chur roimh roinnt toscaireachtaí i mbliana – mar shampla ó RA, an Téaváin, an Chosaiv, SAM, Comhairle na hEorpa, agus an Aetóip – agus i gcomhrá leo chuireamar béim ar ár gcuid oibre craolacháin, litearthachta sna meáin agus forbartha meán. Agus le teacht i bhfeidhm an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán an bhliain seo chugainn agus leis an athbhreithniú ar an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc (TSMC) a dhéanfar amach anseo, is cinnte go mbeidh níos mó gníomhaíochtaí idirnáisiúnta sna réimsí sin in 2025 agus sinn ag cur lenár bhfócas ar bheartas digiteach in 2024.



An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne Niamh Hodnett le Comhchomhaltaí Boird GRESMC

# Rialachas

In 2024 lean Coimisiún na Meán ar aghaidh ag cur ár bpríomhfheidhmeanna agus beartais rialachais chorparáidigh chun feidhme agus á bhforbairt de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialáil Gníomhaireachtaí Stáit chomh maith le feidhmeanna reachtúla eile.

Cuirtear cur síos ar chreat na Rialacha Inmheánacha agus ar phróisis Iniúchta agus Bainistithe Riosca san áireamh sa Ráiteas Rialachais agus i dtuarascáil an Choimisinéara faoin mír Ráitis Bhliantúla Airgeadais sa tuarascáil seo. Leagtar amach cur síos ar an ngníomhaíocht i roinnt príomhréimsí rialachais eile mar a leanas:

## Ráiteas Straitéise

Ceanglaítear ar Choimisiún na Meán ráiteas straitéise trí bliana a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire a luaithe is indéanta tar éis lá an bhunaithe.

I mí na Samhna 2024, d'fhoilsíomar dréacht dár Ráiteas Straitéise 2025–2027 le haghaidh comhairliúchán poiblí. Rinne ár sainordú reachtaíochta eolas d'fhorbairt an dréachta agus léirigh ár gcuspóir rannphháirteachas suntasach leis an bhfoireann agus raon leathan páirtithe leasmhara freisin. Ceapadh an dréacht-Ráiteas chun cuidiú leis an eagraíocht ullmhú go straitéiseach do dheiseanna agus dúshláin amach romhainn, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa, agus chun tacú le heagraíocht a chruthú atá sainoiriúnaithe agus í ag fás go mear.

De réir Alt 29 den Acht Craolacháin 2009 chuir an Coimisiún cóip de Chlár Oibre 2025 dá chuid faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

## Comhaontú um Maoirseacht

I mí Dheireadh Fómhair 2024, rinneadh comhaontú maoirseachta idir Coimisiún na Meán agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le linn na tréimhse tuairiscithe. Forálann an Comhaontú go mbainfear amach cuntasacht chuí agus éifeachtach maidir le Coimisiún na Meán trí róil agus freagrachtaí, atá leagtha amach go soiléir, a bhunú i gcomhréir lenár reachtaíocht rialúcháin, leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus le forálacha ábhartha eile. Tá tuilleadh eolais maidir le struchtúir agus próisis Rialachais laistigh de Choimisiún na Meán ar fáil sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil na gCoimisinéirí faoin mír Ráitis Bhliantúla Airgeadais sa tuarascáil seo.

Cuireadh seicliosta i gcrích chun comhlíonadh an Chóid Cleachtais a dheimhniú agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán é i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Rialachas (ar lean)

## Nochtadh Cosanta

I gcomhréir le forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, is é beartas an Choimisiúin a chinntiú gur féidir lena fhostaithe imní a chur in iúl maidir le mírialtacht nó éagóir, nó ábhair imní eile a bhaineann leis an eagraíocht.

Forálann Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 arna leasú (I.R. Uimh. 524/2023) freisin go bhfuil Cathaoirleach Choimisiún na Meán ina dhuine forordaithe maidir le nochtadh seachtrach i gcás ina dtiteann an éagóir atá i gceist laistigh de shainchúram ár bhfeidhmeanna rialála.

In 2024, rinneamar ár mbeartas um Nochtadh Cosanta a nuashonrú agus tá sé ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

De réir na hoibleagáidí reachtúla, sheolamar foirmeacha tuarascála PDA1 agus PDA2 ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe i leith 2024, agus d'fhoilsíomar tuarascáil bhliantúil i gcomhréir le hAlt 22 den Acht.

## Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide

Leis an Sainordú Earnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá againn, cuirtear i dtábhacht na príomhchuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide agus na príomhspriocanna dícharbónaithe atá againn, agus déantar athbhreithniú orthu go bliantúil. Déanaimid tuairisc go bliantúil ar an méid seo a leanas:

### Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

Tá Coimisiún na Meán tiomanta laghdú 51% a dhéanamh ar a astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) faoi 2030, i gcomhréir le hoibleagáidí aeráide na hearnála poiblí. Mar atá leagtha amach sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024, 57,663 kg $CO_2$ an tomhas a bhain le hastaíochtaí carbóin bunlíne atá bainteach le fuinneamh, bunaithe ar shonraí ó Údarás Craolacháin na hÉireann , agus sprioc 24,061 kg $CO_2$ ann do 2030. In 2024, bhí astaíochtaí $CO_2$ iomlána 3.9% os cionn na bunlíne 57,663 kg $CO_2$. Bhí dúshlán ag baint leis an dul chun cinn i dtreo na sprice 24,061 kg $CO_2$, go háirithe de dheasca fás eagraíochtúil an-suntasach le dhá bhliain anuas agus lucht saothair i bhfad níos mó ann i gcomparáid leis an tráth a socraíodh an bhunlíne, agus de dheasca aistriú chuig áitreabh níos mó. Chun an bhearna go dtí sprioc 2030 a dhruidim, tá Coimisiún na Meán ag leanúint de chonairí dícharbónaithe agus bearta eagraíochtúla a fhiosrú go gníomhach agus tá sé ag obair leis an tiarna talún chun deiseanna a shainaithint le feidhmíocht chomhshaoil an fhoirgnimh a fheabhsú a thuilleadh, le linn bainistíocht a dhéanamh go cúramach ar thionchar leathnaithe eagraíochtúil leanúnach.

### Feidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh

In 2024, d'fheabhsaigh ár n éifeachtúlacht Fuinnimh de bheagán chuig 50%, rud a chomhlíon sprioc 2030. Thit astaíochtaí $CO_2$ iontaise chuig 9,460 kg $CO_2$, agus sprioc 2030, is é sin 9,474 kg $CO_2$, á shárú. Spreagadh an dul chun cinn sin le tionscnaimh iomadúla, lena n-áirítear an tsuiteáil a rinne an tiarna talún ar chóras grianfhuinnimh fhótavoltaigh 48.0 kWp, rud a críochnaíodh in 2024 agus a tugadh do Choimisiún na Meán go luath in 2025. Cé go mbeidh tairbhí an chórais grianfhuinnimh fhótavoltaigh le brath go hiomlán i dtuairisciú 2025, príomhchéim is ea é chun spleáchas eangaí agus astaíochtaí carbóin a laghdú.
I rith 2024, thugamar isteach braiteoirí gluaiseachta PIR i limistéir áirithe freisin, rinneamar córais aerchóiritheora a optamú agus d'uasghrádaíomar chuig fuaraitheoirí uisce agus miasniteoirí atá níos tíosaí ar fhuinneamh. Le suiteáil Córais Bainistíochta Foirgneamh (CBF), feabhsaíodh an mhonatóireacht agus an rialú ar fhuinneamh tuilleadh. Bhí ár mbearta inbhuanaitheachta, lena n áirítear caomhnú uisce, athchúrsáil láraithe, úsáid pháipéir laghdaithe, deasca athúsáidte, agus soláthar stórais rothar shláin, ina dtaca freisin lenár bhfeidhmíocht fheabhsaithe. I dteannta a chéile, leis na bearta sin neartaíodh ár seasamh go mór idir 2023 agus 2024. Ós rud é go bhfuil an córas grianfhuinnimh fhótavoltaigh oibríochtúil anois agus go bhfuil tionscnaimh inbhuanaitheachta leanúnacha faoi bhealach, táimid ag súil go ndéanfar tuilleadh feabhsuithe sna blianta tuairiscithe atá le teacht.

Rialachas (ar lean)

### Cur i bhfeidhm an tSainordaithe

Tá Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm ar gach comhlacht lena mbaineann spriocanna dícharbónaithe agus déanann sé cuspóirí a chatagóiriú faoi na ceannteidil spriocanna, daoine, modh oibre, agus foirgnimh agus feithiclí.

In 2024, bhain an Coimisiún roinnt cuspóirí amach:

- Chruthaíomar ár gcéad Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide agus chuireamar faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus SEAI ag deireadh mhí an Mheithimh 2024.
- Bhunaíomar Foireann Ghlas le hionadaithe trasfheidhmiúla agus cheapamar Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta ag leibhéal an Choimisinéara. Lenár gCruinniú Uilefhoirne Inmheánach, Cad É An Scéal?, éascaíodh cur i láthair rathúil dar teideal 'Cuir Aithne ar d'Fhoireann Ghlas' i mí Mheán Fómhair 2024. Bhí achoimre san áireamh sa chur i láthair ar bheartais bhainistithe cur amú agus feachtas earcaíochta le hearcaigh nua. Rinne an Fhoireann Ghlas gníomhaíochtaí eile ar nós suirbhé foirne chun tacú le hobair na Foirne agus chun í a threorú.

### Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta

Chuir an Coimisiún ár ráiteas éigeantach ar chomhlíonadh an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide isteach trí Thairseach Mhonatóireachta agus Thuairiscithe SEAI i mí na Samhna 2024.

### Comhlíonadh Chiorclán 1/2020: Nós imeachta le cúiteamh a dhéanamh ar astaíochtaí de bharr aerthaisteal oifigiúil:

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún i dtaca le taifeadadh, monatóireacht agus luacháil astaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil i rith 2024, agus chomhlíonamar an ceanglas íocaíocht a dhéanamh do Bhainisteoir Ciste an Chiste reachtúil um Ghníomhú ar son na hAeráide maidir leo siúd. Tuairiscíodh sonraí freisin trí Thairseach Mhonatóireachta agus Thuairiscithe SEAI, mar a cheanglaítear.e

## Ár bhFoireann Ghlas

Is é cuspóir Fhoireann Ghlas Choimisiún na Meán ná comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara a oiliúint agus a chumasú chun gníomh fiúntach a dhéanamh ar son na haeráide. Ar an bhfoireann, tá ionadaithe as gach rannóg de chuid Choimisiún na Meán ag obair le chéile le todhchaí níos glaise a chruthú do chách. Reáchtáiltear cruinnithe gach mí ina ndírítear ar thomhaltas agus bainistiú fuinnimh, oiliúint na foirne agus spriocanna maidir le gníomh ar son na haeráide. Tacaíonn an bhainistíocht shinsearach, ár Seaimpín Gnímh ar son na hAeráide agus ár nOifigeach Feidhmiúcháin Fuinnimh go hiomlán leis an méid sin.

Is iad seo a leanas príomhphointí 2024:

- Cumarsáid – ailt rialta fhaisnéiseacha agus iompraíochta ar an inlíon don fhoireann lena n-áirítear ábhair ar nós feasacha fuinnimh agus athchúrsála; dhá cheardlann; cur i láthair don fhoireann gach bliain; fógraí curtha ar fud na hoifige le hiompraíocht na foirne a athrú; rannpháirtíocht san fheachtas Laghdaigh ar d'Úsáid; agus múscailt feasachta i measc na foirne a oibríonn le ceanglais a chomhlíonadh maidir le Soláthar Poiblí Glas.
- Cuireadh Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm, ina leagtar amach conas a bhainfimid na spriocanna amach a shocraítear i Sainordú an rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide, lena n-áirítear ár bpleananna chun astaíochtaí fuinnimh ónár n-oibríochtaí a laghdú, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024.rTá obair déanta ag an bhFoireann Ghlas le feasacht a mhéadú i measc na foirne chun na haraidí cearta a úsáid agus an dramhaíl a laghdú a oiread agus is féidir. Tá feabhsú soiléir tagtha ar an réimse sin agus ar na leibhéil athchúrsála.

Rialachas (ar lean)

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 i bhfeidhm an 13 Márta 2023 le roinnt feabhsuithe maidir le húsáid na Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí. Áirítear le roinnt de na forálacha sin an méid a leanas:

- Cuspóir go mbeidh 20% d'earcaigh nua san earnáil phoiblí agus sa Státseirbhís inniúil sa Ghaeilge faoi 2030.
- Foráil le cinntiú go bhfreagraítear cumarsáid le comhlacht poiblí ar na meáin shóisialta sa teanga chéanna.
- Foráil a cheanglaíonn ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil 20% ar a laghad dá gcuid fógraíochta bliantúla i nGaeilge.

In 2024, bhí 25.2% den fhógraíocht a rinne an Coimisiún i nGaeilge. Taifeadadh caiteachas 3.36% ar an nGaeilge le linn na tréimhse.

Leanaimid ar aghaidh ár ndícheall a dhéanamh gach gné de fhreagrachtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh agus táimid ag súil le rannpháirteachas i dtionscnaimh nua le linn 2025, forbairt chaighdeáin na Gaeilge san áireamh.

## Saoráil Faisnéise

Ceadaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 do chomhaltaí an phobail rochtain a fháil, ach é a iarraidh, ar thaifid a choinníonn an Coimisiún nach bhfuil ar fáil de ghnáth trí bhealaí eile. Fuarthas 62 iarratas Saorála Faisnéise (FOI) san iomlán in 2024, arb ionann sin agus méadú 67% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bronnadh trí iarratas go hiomlán, 35 go páirteach, diúltaíodh do 17 gcinn (sa chás nach raibh taifid le fáil san áireamh), agus cuireadh deireadh le 10 gcinn nó láimhseáladh iad lasmuigh de FOI. Fuarthas níos mó ná 50% de na hiarratais ó iriseoirí, agus fuarthas an chuid eile ó dhaoine aonair, ó ghearánaigh, nó ó ghrúpaí sibhialta nó grúpaí sainleasa gnó.

Is é is aidhm dúinn a bheith ag méadú go leanúnach catagóirí na faisnéise a fhoilsítear go rialta de réir mar a fhorbraíonn an eagraíocht.

## Cearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann / Dualgas na hEarnála Poiblí

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine dá ndéantar difear lena mbeartais agus pleananna a chosaint. Is ann d'oibleagáidí ar leith ar a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014).

Tá an Coimisiún tiomanta do chomhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, agus a chinntiú go gcuireann ár dtírdhreach meán le sochaí oscailte, dhaonlathach. I rith 2024 d'oibríomar i raon réimsí éagsúla chun príomhphrionsabail na gceart seo a chur i bhfeidhm inár bpríomhfheidhmeanna eagraíochta (cinn inmheánacha agus sheachtracha) de réir mar a forbraíodh iad.

Tugtar breac-chuntas ar phríomhréimsí fócais inmheánacha sa rannóg Daoine agus Forbairt Eagraíochta agus ar an leathanach faoi Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ar ár suíomh gréasáin.

Rialachas (ar lean)

Go seachtrach, d'éirigh linn cloí le cearta bunúsacha trí shásraí agus próisis rialála le cur chun feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, an Chóid Sábháilteachta Ar Líne agus an Rialacháin maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne, chomh maith le bearta eagraíochta eile mar atá leagtha amach sa tuarascáil seo.

An bhliain seo chugainn, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún ár gcreat alt 42(2) *measúnú, láimhseáil, tuairisciú*, a fhorbairt agus béim ar leith á cur ar phleananna, beartais agus gníomhartha – atá againn cheana féin nó a bhfuil sé beartaithe againn iad a chur chun feidhme – a shonrú. Tá sé i gceist againn Coiste Stiúrtha maidir le Cúram na hEarnála Poiblí a chur ar bun leis an méid sin a mhaoirsiú.

### Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a Chur chun Cinn

Tá Fócas ar Dhaoine ar cheann dár bpríomhluachanna, agus tá sé lárnach dár dtiomantas do thosaíocht a thabhairt d'ionchuimsitheacht agus an saibhreas a thagann le héagsúlacht a cheiliúradh. Creidimid sa tábhacht a bhaineanna le dearcthaí éagsúla agus taithí saoil éagsúil agus aithnímid go gcuireann gach fostaí rud éigin ar leith leis an eagraíocht. Is é an sprioc atá againn ná timpeallacht oscailte agus ionchuimsitheach a chruthú ina mothaíonn gach duine go bhfuil luach agus tacaíocht acu.

Is éard atá i gcroílár ár Straitéise nua i leith Daoine ná Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CÉI), rud a chuidigh go mór lenár gcéad Straitéis Eagraíochtúil. Ar aon dul lenár gcéad straitéis ICÉI d'earnáil na meán, tá CÉI ina bhunchloch dár luachanna eagraíochta.

Mar eagraíocht nua, tá dul chun cinn suntasach déanta againn cheana féin chun CÉI a neadú inár gcuid oibre. Tá creidiúnú Cré umha bainte amach againn ó Ionad na hÉireann um Éagsúlacht, rud a dheimhníonn an tiomantas atá againn do bhunús láidir comhionannais agus ionchuimsitheachta a chruthú. Mar a leagtar amach thuas, tá comhpháirtíocht againn freisin le *The Open Doors Initiative* chun ár n-iarrachtaí a láidriú a thuilleadh chun bealaí a chruthú chun na hinfhostaitheachta cothromasaí le haghaidh pobail atá faoi ghannionadaíocht.

### Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní

D'fhoilsíomar ár gcéad tuarascáil riamh ar an mBearna Phá idir na hInscní i mí na Nollag 2024. Ó mhí an Mheithimh 2024 amach, níl aon bhearna phá airmheánach idir na hinscní ann. Bhí bearna phá mheánach 9.18% ann, rud a léiríonn gur ann do ró-ionadaíocht bheag i measc na bhfear i róil shinsearacha i gcoibhneas le lucht saothair foriomlán na mban.

Cé gur mná a chomhdhéanann 67% den lucht saothair agus go bhfuil ionadaíocht mhaith acu sna róil bainistíochta sinsearaí uile, is amhlaidh is lú a bhíonn siad ann i róil shinsearacha de bheagán, lena n-áirítear ar leibhéal an Choimisiúin. Téann éifeacht na dtuarastal ard agus íseal ar an meán i bhfeidhm ar luach an mheáin. Bíonn tionchar mór ag poist an Choimisiúin ar an meán, ós iad na róil dá n-íoctar an pá is airde san eagraíocht iad. Ar an dáta samplach, bhí ceann de na poist sin folamh, ach tá ban-Choimisinéir ann ó shin. Tá an Coimisiún déanta suas as beirt Choimisinéirí mná agus triúr Coimisinéirí fir faoi láthair.

Is féidir cóip den tuarascáil a fháil ar ár suíomh gréasáin.

Rialachas (ar lean)

# Eile

Forbraíodh roinnt réimsí beartas rialachais nua in 2024:

### Cód Iompraíochta Gnó

Leis an gCód Iompraíochta Gnó socraítear ár dtiomantas ar an leibhéal is airde de phrionsabail eiticiúla agus caighdeáin iompair, go hinmheánach agus i rannpháirteachas leis an bpobal agus lenár bpáirtithe leasmhara araon. Sa dara leath den bhliain 2024, thosaíomar ag obair ar an gCód a nuashonrú agus táimid ag súil go bhfoilseofar an cháipéis deiridh ar ár suíomh gréasáin i lár 2025.

### Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí

Mar eagraíocht na hearnála poiblí, tá Coimisiún na Meán tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do shaoránaigh agus is é is aidhm dó é sin a dhéanamh trí Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí a chur chun feidhme. Le linn thréimhse an athbhreithnithe, d'fhorbraíomar Cairt ina leagtar amach na caighdeáin seirbhíse a bhféadfadh an pobal agus foireann an Choimisiúin a bheith ag súil leo uainn.

Táthar ag súil go bhfoilseofar an Chairt, agus an Plean Gnímh a ghabhann léi, i lár 2025.

### Coimirce Leanaí

Forbraíodh sraith nua beartas, lena n-áirítear Ráiteas um Choimirciú Leanaí, agus cuireadh chun feidhme iad, chomh maith le creat céimnithe oiliúna don fhoireann uile. Ceapadh Teagmhálaí Ainmnithe, chomh maith le hIonadaithe. Leis an mbailiúchán saothair seo, cinntítear comhlíonadh reachtúil, ullmhacht oibríochta, agus prótacail cosanta láidre i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017.

### OBC

In 2024, leanamar lenár gcuid oibre ar fhorbairt na feidhme mar Oifig Bainistíochta Clár laistigh de Choimisiún na Meán. Tá an Oifig Bainistíochta Clár freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an Chláir Oibre don Eagraíocht, agus as cuspóirí a shainaithint ónár bPleananna Straitéise lena mbaint amach, agus as creat a fhorbairt lena leagtar amach conas a sholáthraítear obair ar fud na heagraíochta.

I rith 2024, sheolamar *Meitheal*, ár gcreat soláthair a chuireann sásra ar fáil chun obair nua a thosú chomh maith le próisis sheasmhacha lena soláthar. Thacaíomar le hullmhú Chlár Oibre 2025 dár gcuid freisin.

# Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí


| | |
|---|---|
| Sábháilteacht ar Líne | 26 |
| Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh | 32 |
| Forbairt na Meán | 50 |
| Tacaíocht d'Úsáideoirí agus Caidreamh le hÚsáideoirí | 69 |

# Sábháilteacht ar Líne



## Cód Sábháilteachta Ar Líne

**Forbairt**

D'fhoilsigh Coimisiún na Meán an chéad Chód Sábháilteachta Ar Líne do sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán (VSPS) in Éirinn an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Rinne an méid a leanas eolas d'fhorbairt an Chóid:

- freagraí ar an nGlao ar Ionchuir maidir leis an gCéad Chód Ceangailteach um Shábháilteacht ar Líne in Éirinn do Sheirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán a Fhorbairt (Iúil 2023);
- athbhreithniú ar Fhianaise ar Dhíobhálacha ar Líne do Sheirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán, arna dhéanamh ag PA Consulting ("Tuarascáil PA ar Dhíobhálacha") (Meán Fómhair 2023);
- Taighde ar Shábháilteacht Ar Líne 2023 (Samhain 2023);
- freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí ar an dréacht-Chód (Nollaig 2023 go Eanáir 2024); agus
- comhairliúchán le Coiste Comhairleach don Ógra de chuid Choimisiún na Meán (Eanáir 2024).

D'fhógair an Coimisiún don Choimisiún Eorpach go raibh an Cód ann faoi phróiseas foirmeálta faoi Threoir (AE) 2015/1535 (an Treoir TRIS) le comhréir le dlí infheidhme na hEorpa a chinntiú. Ní bhfuair an Coimisiún barúlacha faoin gCód ón gCoimisiún Eorpach ná ó Bhallstáit AE eile.

Sábháilteacht ar Líne (ar lean)

### Iarratas

An 17 Deireadh Fómhair 2024 chinn an Coimisiún go gcuirfí an Cód i bhfeidhm ar:

- catagóir VSPS; agus
- deich (10) VSPS ainmnithe: Facebook, Instagram, LinkedIn, Pinterest, TikTok, Tumblr, Udemy, X, Reddit agus YouTube.

Mar thoradh air sin, ní mór do sholáthraithe VSPS na ceanglais a bhaineann leis an méid a leanas a chur chun feidhme:

- Cuid A den Chód faoi 19 Samhain 2024; agus
- Cuid B den Chód faoi 21 Iúil 2025.

### Oibleagáidí

Tríd an gCód tugtar oibleagáidí isteach ar ardáin comhroinnte físeán chun daoine, agus leanaí go háirithe, a chosaint ar fhíseáin agus ábhar gaolmhar díobhálach, lena n-áirítear:

- Cosc a chur le hábhar díobhálach a uaslódáil nó a chomhroinnt trína seirbhísí. Áirítear le hábhar díobhálach ábhar ina bhfuil cibearbhulaíocht, féindochar nó féinmharú, neamhoird itheacháin nó bheathaithe, gríosú chun fuatha nó foréigin, sceimhlitheoireacht, ábhar maidir le mí-úsáid gnéis leanaí, ciníochas agus seineafóibe, nó ábhar a chuireann na téamaí sin chun cinn.
- Úsáid a bhaint as dearbhú aoise ionas nach bhfeicfidh leanaí pornagrafaíocht ná foréigean gan ghá ar líne agus bearta fíoraithe aoise a bheith i bhfeidhm mar is iomchuí.iRialúcháin tuismitheoirí a chur ar fáil le haghaidh ábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta i leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois.

Beidh ar na hardáin sin a áirithiú freisin go gcuirfidh siad bealaí ar fáil do dhaoine chun ábhar lena mbristear na rialacha a thuairisciú, agus go ngníomhóidh siad ar na tuairiscí sin i gcomhréir lena gcuid Téarmaí agus Coinníollacha.

### Treoir

Tá Ábhar Treorach faoin tSábháilteacht ar Líne forbartha ag Coimisiún na Meán, agus foilsíodh é in éineacht leis an gCód an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Níl an t-ábhar treorach ceangailteach. Bunaítear leis ionchais agus moltaí maidir le conas ar cheart forálacha an Chóid a oibriú i gcleachtas.

Tá an t-ábhar treorach beartaithe chun cúnamh a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse cur chun feidhme an Chóid, chun na cosaintí riachtanacha a sholáthar do leanaí agus don phobal i gcoitinne.

## An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha

An 17 Feabhra tháinig an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) i bhfeidhm iomlán in Éirinn. Ó ainmníodh é mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha (CSD) na hÉireann, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le heintitis laistigh dá shainchúram rialála chun comhlíonadh GSD a áirithiú. Faoi thairseacha agus catagóirí arna socrú ag an GSD, is é príomhfhreagracht an Choimisiúin ná na seirbhísí a dhírítear ar úsáideoirí san Aontas Eorpach agus atá lonnaithe in Éirinn le níos lú ná 45 milliún faighteoir agus tá dlínse chomhroinnte aige leis an gCoimisiún Eorpach maidir le seirbhísí ag a bhfuil níos mó ná 45 milliún faighteoir.

Toisc gurb í Éire an tír ina bhfuil an chuid is mó de na hArdáin an-Mhór ar Líne (AMALanna), tá ceithre fhoireann maoirseachta curtha ar bun ag an gCoimisiún. Tá trí cinn acu tiomanta do AMALanna amháin, agus bíonn an fhoireann eile ag déanamh maoirseacht ar gach seirbhís eile. Leis an tsamhail seo beidh na foirne in ann díriú ar sheirbhísí ardtionchair agus ardphróifíle ar bhonn leanúnach agus beidh siad in ann freagairt go mear ar sheirbhísí a dteastaíonn aird uathu, agus dul i mbun rannpháirteachais leo.

Sábháilteacht ar Líne (ar lean)

Sannann an GSD freagracht as cineálacha éagsúla seirbhísí d'eintitis dhifriúla. Maidir le cainéil, seirbhísí taischte agus seirbhísí óstála nach margaí ar líne iad, is é an Coimisiún an príomhrialálaí. Maidir le margaí ar líne, is é an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí  an t-údarás freagrach, agus maidir le hArdáin an-Mhóra ar Líne agus Innill Chuardaigh an-Mhóra ar Líne, is é an Coimisiún Eorpach an príomhúdarás. Ina theannta sin, sa chás ina mbunaítear seirbhís i dtír Eorpach eile, is é an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha áitiúil an príomhrialálaí. Tá rannpháirteachas rialta tosaithe ag an gCoimisiún le rialálaithe agus údaráis eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí chruinnithe déthaobhacha, meithleacha agus breathnóireachtaí d'fhonn samhlacha oibre agus tuiscint ar shaincheisteanna reachtaíochta a fhorbairt. Tá an cur chuige seo i leith comhoibriú riachtanach chun a chinntiú go n-aistrítear agus go bhfaightear ceisteanna, ábhair imní agus gearáin ionas go gcuirtear an t-údarás cuí ar an eolas agus go dtacaítear leis.

Áirítear leis an gclár rannpháirteachais trédhearcacht le soláthraithe seirbhíse, iarrachtaí tuiscint ar sheirbhísí a fhorbairt, agus measúnachtaí ar chomhlíonadh bunúsach. Tá sin bainte amach trí raon gníomhaíochta maoirseachta ar a gcuirtear síos in alt (vi).

**Comharthóirí iontaofa agus Comhlachtaí um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt**

Forálann an GSD go mbronnfaidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha an stádas mar Chomharthóir Iontaofa d'eintitis a bhunaítear sa stát agus a chomhlíonann na coinníollacha creidiúnaithe a leagtar amach in Airteagal 22. Eintitis neamhspleácha is ea Comharthóirí Iontaofa, atá freagrach as ábhar a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach a bhrath agus ardáin ar líne a chur ar an airdeall. Is saineolaithe iad maidir le cineálacha áirithe ábhair mhídhleathaigh ar líne a bhrath, amhail fuathchaint nó ábhar sceimhlitheoireachta, agus iad a chur in iúl do na hardáin ar líne. Ní mór d'ardáin ar líne tús áite a thabhairt do na fógraí a chuireann Comharthóirí Iontaofa isteach toisc go meastar go mbeidh siad níos cruinne ná fógraí a chuireann gnáthúsáideoir isteach. Bronnann CSD Bhallstát bunaíochta an eintitis  iarrthaigh an stádas mar chomharthóir iontaofa.

I mí Feabhra 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir agus foirm iarratais chun comhlachtaí leasmhara a chur ar an eolas faoinár bpróiseas measúnaithe agus cinnteoireachta chun a chinneadh an gcomhlíonann iarratasóir na coinníollacha a bhaineann leis an stádas mar Chomharthóir Iontaofa. Le linn 2024, chuamar i mbun rannpháirteachais láidir le páirtithe a bhfuil suim acu i stádas an Chomharthóra Iontaofa, trí chruinnithe duine le duine agus trí imeacht eolais oscailte a tionóladh i mí Mheán Fómhair.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, dheimhníomar Appeals Centre Europe mar Chomhlacht um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt freisin.

## Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne

Leis an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (RASL) soláthraítear cumhachtaí nua do Bhallstáit an AE lena chinntiú go dtabharfaidh ardáin ar líne aghaidh ar ábhar sceimhlitheoireachta ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí. Ní mór do gach Ballstát den AE údaráis inniúla a cheapadh chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú. Áirítear leo an chumhacht chun orduithe baint anuas speisialta a eisiúint d'ábhar sceimhlitheoireachta, is orduithe gur gá d'ardáin aghaidh a thabhairt orthu laistigh d'uair amháin an chloig, agus an chumhacht lena chinntiú go ndéanfaidh ardáin bearta sonracha má thagann siad chun bheith neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta, amhail gnéithe nua a chur chun feidhme. Tá cosaintí  sa RASL freisin lena chinntiú go dtugann ardáin aghaidh ar ábhar sceimhlitheoireachta ar bhealach trédhearcach cruinn comhréireach.

Cheap an Rialtas an Garda Síochána mar údarás inniúil na hÉireann chun orduithe baint anuas a eisiúint i gcás ábhar sceimhlitheoireachta i mí na Bealtaine 2023 agus ceapadh Coimisiún na Meán mar an t-údarás inniúil chun a dheimhniú cad iad na cásanna ina bhfuil ardáin neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta i mí na Samhna 2023 agus chun pionóis a ghearradh ar sholáthraithe as sáruithe an Rialacháin i mí Mheán Fómhair 2024.

Sábháilteacht ar Líne (ar lean)

In 2024, chríochnaíomar oibríochtú RASL laistigh den eagraíocht. I mí an Mheithimh 2024, d'fhoilsíomar ár gCreat um Chinntí maidir le Neamhchosaint Soláthraithe Seirbhísí Óstála ar Ábhar Sceimhlitheoireachta. Déantar cur síos leis an gcreat cinnteoireachta ar na céimeanna a ghlacfaidh an Coimisiún agus é ag socrú an bhfuil seirbhís neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta.

Thosaíomar freisin ar fhorbairt creata chun measúnú a dhéanamh ar bhearta sonracha is gá do sholáthraithe óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta a chur isteach mar thoradh ar chinntí de chuid an Choimisiúin. In 2025, cuirfimid forbairt an chreata seo i gcrích, agus leis sin beimid in ann a dheimhniú cé acu an gcomhlíonann na bearta sonracha arna nglacadh ag soláthraithe na ceanglais a leagtar amach in RASL nó nach gcomhlíonann.

## Creat Comhlíonta

In 2024, d'fheabhsaíomar an Creat Comhlíonta ina dtugtar breac-chuntas ar ár gcur chuige i leith coisc, maoirseachta, fiosrúcháin agus forfheidhmithe. Áirítear leis an gcreat próisis agus gníomhaíochtaí chun freagrachtaí agus cumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmithe a chomhlíonadh a bhaineann leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022, agus Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne. Chríochnaíomar freisin gníomhaíochtaí lenár gcur chuige a láidriú i leith maoirseacht rioscabhunaithe ar eintitis arna rialú faoin reachtaíocht seo. Tacaíonn an Creat Comhlíonta le cur chun feidhme éifeachtach an Chreata Sábháilteachta ar Líne, rud a thabharfaidh seirbhísí digiteacha chun cuntais as an gcaoi a gcosnaíonn siad daoine, go háirithe leanaí, ar dhíobháil ar líne.

### Gníomhaíocht Mhaoirseachta ar Ardáin

Ó ainmníodh é, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le heintitis rialáilte faoina shainchúram rialála chun comhlíonadh an GSD a áirithiú. Tá cur chuige rioscabhunaithe glactha ag an gCoimisiún maidir le maoirseacht, trína ndírímid ár n-acmhainní maoirseachta ar eintitis a bhfuil na rioscaí is mó ag baint leo d'úsáideoirí ar líne, agus láithreacht mhaoirseachta aige ar fud na soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha uile ag an am céanna.

Le linn 2024, rinne an Coimisiún raon leathan gníomhaíochtaí maoirseachta lena gcumhdaítear eintitis os cionn nataírsí agus faoina bun araon. Ar na gníomhaíochtaí maoirseachta is suntasaí áirítear:

- Ocht n-iarraidh déag oifigiúla ar fhaisnéis (IAFanna) a sheoladh chuig Ardáin an-mhóra ar Líne (AMALanna) agus Innill Chuardaigh an-mhóra ar Líne (ICMALnna), chomh maith le faisnéis a iarraidh le linn ár rannpháirteachais maoirseachta rialta, chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagail 12 agus 16 den GSD.
- Maoirseacht a dhéanamh ar ullmhúcháin AMALanna agus ICMALanna do na toghcháin áitiúla, Eorpacha agus don olltoghchán, i ndáil leis an oibleagáid atá orthu rioscaí sistéamacha a bhaineann le sláine toghcháin a mheasúnú agus a mhaolú. Bhí an tsláine eolais ina tosaíocht le haghaidh 2024 agus cuireadh san áireamh í san obair sin. Bhí dhá chruinniú comhchéime toghcháin i gceist leis sin le hionadaithe ó na heintitis rialáilte, ó rialálaithe eile, agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Thacaigh an Coimisiún freisin le cruinnithe comhchéime toghcháin i mBallstáit eile. eAthbhreithniú a dhéanamh ar na Measúnuithe Riosca agus Iniúchtaí arna gcur isteach ag AMALanna agus ICMALanna ina leagtar amach conas a shainaithníonn siad rioscaí agus conas a théann siad i ngleic leo. Bhailíomar eolas freisin ó CSDanna agus ó údaráis eile, ón tsochaí shibhialta agus ó úsáideoirí chun tuiscint a fháil ar na háiteanna a bhféadfadh sé go bhfuil ag teip ar na hardáin.
- Tús a chur le clár leanúnach de shainaithint soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha agus catagóiriú seirbhísí le haghaidh eintitis nach eintitis AMAL/ICMAL iad. Bhaineamar úsáid as an eolas sin chun dul i dteagmháil le thart ar 400 seirbhís chun comhlíonadh oibleagáidí bunúsacha a lorg, lena n-áirítear pointí teagmhála d'úsáideoirí, rialálaithe, agus ceanglais trédhearcachta.

Sábháilteacht ar Líne (ar lean)

- Ceistneoir measúnaithe inmheánaigh a fhorbairt, a bheidh infheidhme maidir le gach soláthraí seirbhíse idirghabhálacha, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí sonracha. Tugadh an uirlis atriallach sin cothrom le dáta agus leanfar de bheith á tabhairt cothrom le dáta chun an tuiscint ar an GSD agus ar aon treoraíocht nuashonraithe a léiriú ar an mbealach is fearr. Go dtí seo, tá rannpháirteachas agus feabhas comhlíonta le cúig Sholáthraí Seirbhísí Idirlín mar thoradh air seo, lena n-áirítear seirbhísí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an obair seo fós ar siúl agus cuirtear tús le measúnuithe nua gach ráithe.
- In 2024 chinn an Coimisiún go raibh trí cinn de sholáthraí seirbhísí óstála neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta de bhun Airteagal 5(4): Meta Platforms Ireland Limited ("Meta") (i dtaca le seirbhísí Facebook agus Instagram dá chuid), TikTok Technology Limited ("TikTok") agus Twitter International Unlimited Company ("X"). In 2024, d'eisigh an Coimisiún cinntí maidir le neamhchosaint ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne i dtaca le ceithre sholáthraí seirbhísí óstála.

Lean an Coimisiún de bheith ag comhoibriú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus le CSDanna eile, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha, chun go gcomhroinnfear eolas go neamhfhoirmiúil, eolas a théann chun tairbhe don dá thaobh maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, cleachtas maoirseachta agus saincheisteanna sonracha amhail toghcháin, cosaint leanaí agus deacrachtaí d'úsáideoirí a bhaineann le hábhar mídhleathach a thuairisciú.



Le linn 2024, fuair an Coimisiún dhá iarraidh ar chúnamh faoi Airteagal 66.3 den GSD agus ghlac sé leo chun cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach ina chuid imscrúduithe.

Sábháilteacht ar Líne (ar lean)

## Comhoibriú agus Rannpháirteachas Tríú Páirtithe

Tá rannpháirteachas le héiceachóras tríú páirtithe ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus tríú earnálacha riachtanach dár n-obair sábháilteachta ar líne. Éilíonn feabhsú ar an tsábháilteacht ar líne cur chuige uile shochaíoch. Is comhpháirtí ríthábhachtach san obair seo é an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí , mar údarás inniúil chun críche GSD. I mí na Bealtaine 2024, shíníomar comhaontú comhair leis an gCoimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí , lenar gheallamar caidrimh oibre éifeachtacha a chothú, go príomha trí chultúr comhair agus comhoibrithe a chur chun cinn.

D'oibríomar go dlúth leis an nGarda Síochána i gcaitheamh 2024. Go háirithe, roimh an Olltoghchán, rinneamar pacáiste eolais d'iarrthóirí a fhorbairt le chéile, ina raibh comhairle agus tacaíocht le haghaidh iarrthóirí sa toghchán maidir le conas an t-idirlíon a úsáid ar bhealach sábháilte, conas fadhbanna a thuairisciú d'ardáin agus conas fadhbanna a thuairisciú do Choimisiún na Meán nó don Gharda Síochána.

In 2024, ghlac ár gCoimisinéir Sábháilteachta ar Líne Niamh Hodnett páirt sa Tascfhórsa Sláinte ar Líne mar bhall breathnóra. Is é aidhm don Tascfhórsa ná freagairt sláinte poiblí a fhorbairt ar dhíobhálacha do leanaí agus do dhaoine óga mar gheall ar chineálacha áirithe gníomhaíochta ar líne.

Glacaimid páirt i roinnt imeachtaí agus tionscnamh faoin tsábháilteacht ar líne, lena n-áirítear Lá le haghaidh Idirlíon Níos Sábháilte, arna chomhordú in Éirinn ag an Ionad Idirlín Níos Sábháilte, comhpháirtíocht idir Webwise, Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, agus Hotline.ie

Leanamar ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Roinn Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fhorbairt na Straitéise Náisiúnta Frith-bhréagaisnéise ar fud 2024. Tá Coimisiún na Meán i nGrúpa Cur chun Feidhme agus Maoirseachta na nOifigeach Sinsearach chun moltaí an Tascfhórsa maidir le Tuarascáil na Rannpháirtíochta Níos Sábháilte sa Saol Polaitiúil a chur chun feidhme. Tá ár gcuid oibre chun tacú le rannpháirtíocht níos sábháilte lárnach inár n-obair le bliain anuas, mar shampla trí fhorbairt an phacáiste eolais d'iarrthóirí i gcomhar le AGS, agus sinn ag déanamh taighde ar eispéiris ar líne na n-iarrthóirí le linn toghchán agus rannpháirteachas rialta le hardáin ar líne atá lonnaithe in Éirinn laistigh agus lasmuigh de thoghcháin.




An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne, Niamh Hodnett, ag labhairt le linn Lá le haghaidh Idirlíon Níos Sábháilte 2024




An Coimisinéir Seirbhísí Digiteacha John Evans le Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána Shawna Coxon agus iad ag seoladh ár bpacáiste eolas d'iarrthóirí roimh an Olltoghchán

# Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh



## Oibleagáidí ceadúnaithe agus conartha

### Ceadúnú na Meán Pobail

Leis an Acht Craolacháin 2009 tugtar aitheantas don raidió pobail agus teilifís phobail mar mheáin ar leith in Éirinn. Oibríonn eagraíochtaí meán pobail ar bhonn seachbhrabúsach le struchtúr eagraíochta a fhorálann go mbaintear ballraíocht, bainistíocht agus oibríocht go príomha le baill den phobal. Tá a ngníomhaíochtaí léirithe bunaithe ar rochtain agus rannpháirtíocht ball den phobal agus léiríonn siad leasanna agus riachtanais ar leith an phobail sin.

Is féidir le meáin phobail sochar a sholáthar chomh maith trí shaol sóisialta, cultúrtha nó eacnamaíoch na bpobal a fheabhsú nó trí fhorbairt, cumhachtú agus/nó folláine phobail nach mbainfí amach seachas sin.

I mí Iúil 2024, chríochnaigh an Coimisiún an Plean Ceadúnaithe Raidió Pobail, arna thosú ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), mar a bhíodh, in 2022 trí chonarthaí craolacháin fuaime pobail nua a mhaireann deich mbliana a dhéanamh le *Athlone Community Radio* agus *Dublin South FM*. Cuirfear acmhainní luachmhara ar fáil leis na seirbhísí sin maidir leis an nuacht áitiúil, le clársceidealú cultúrtha agus le hábhar oideachais agus cuirfear a lán sochar ar fáil do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad.

An 18 Aibreán 2024, d’fhaomh an Coimisiún síntí conartha de dhá bhliain le haghaidh gach ceann de na seirbhísí teilifíse pobail, Teilifís Phobail Bhaile Átha Cliath (TPBAC) agus Teilifís Phobail Chorcaí (TPC), go dtí an 28 Aibreán 2026. Faomhadh na síntí conartha sin le go mbeifí in ann taighde a dhéanamh, arna choimisiúnú ag Údarás Craolacháin na hÉireann, lena n-áiríodh suirbhé i measc na bpobal ar a bhfreastalaíonn na seirbhísí teilifíse pobail i gcomhréir le halt 72(6) d’Acht 2009. Roinneadh tuarascálacha an taighde leis na seirbhísí teilifíse agus tacóidh siad le pleananna ceadúnaithe teilifíse pobail amach anseo, le tosú in 2025.

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

Ó thaobh an cheadúnúcháin de, tugtar breac-chuntas dearfach sna hathbhreithnithe ar an sochar a chuireann na seirbhísí ar fáil dá bpobail faoi seach agus tarraingítear níos mó airde ar phríomhról na meán pobail chun iolracht sna meáin agus litearthacht sna meáin a sholáthar.




Coimisinéirí Choimisiún na Meán Jeremy Godfrey (an Cathaoirleach Feidhmiúcháin) agus Rónán Ó Domhnaill (Coimisinéir Forbartha na Meán), le Cathaoirleach Dublin South FM Aileen Eglington, an Leas-Chathaoirleach Bryan Fox agus Mike Purcell.




Coimisinéirí Choimisiún na Meán Jeremy Godfrey agus Rónán Ó Domhnaill, taobh le Cathaoirleach Athlone Community Radio Alona Rock agus an Stiúrthóir Deirdre Ó Murchadha.

### Pleanáil agus Ailíniú Speictrim

Déanann Coimisiún na Meán idirchaidreamh le craoltóirí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann go rialta chun timpeallacht dhearfach a chinntiú d'fhorbairt seirbhísí craolacháin in Éirinn. In 2024, comhordaíodh na minicíochtaí seo a leanas:

- 100.3MHz i dTiobraid Árann thuaidh – úsáidfear í sin le clúdach Today FM a fheabhsú sa cheantar seo.
- 107.1MHz sa Chabháin thoir agus 107.9MHz i mBaile an Chabháin. Feabhsófar clúdach Newstalk leis sin i gceantair an Chabháin agus na Mí thuaidh.

Cuirfear na minicíochtaí nua sin chun feidhme in 2025.

In 2024, cuireadh tús le pleanáil speictrim chun athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid FM agus minicíochtaí a shainaithint le haghaidh suíomhanna tarchuir ar fud na tíre le clúdach a chur ar fáil do cheantair uirbeacha, do bhealaí iompair agus do cheantair Ghaeltachta. Leis na minicíochtaí nua sin, d'fhéadfaí seirbhís(í) FM nua a éascú ar bhonn gar-náisiúnta agus/nó ilchathrach. Tabharfar faoin bpróiseas sin roimh athbhreithniú pleanáilte an Choimisiúin ar a *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin* in 2025.

D'fhaomh an Coimisiún athruithe líonra do roinnt craoltóirí in 2024. D'aistrigh Highland Radio a dtarchuradóir i mBun an Phobail go suíomh nua, d'aistrigh Life FM agus Spirit Radio a dtarchuradóirí i gCathair Chorcaí ón taobh thuaidh den chathair go suíomh ar an taobh theas, agus chuir Newstalk tarchuradóir nua chun feidhme ar 107.0MHz i gCathair na Gaillimhe chun an clúdach a fheabhsú i lár na cathrach.

### Ceadúnú Sealadach

De bhun Alt 68 den Acht Craolacháin, 2009, féadfaidh Coimisiún na Meán conarthaí a dhéanamh le hiarratasóirí chun seirbhísí raidió sealadacha a sholáthar. Is iad an dá phríomhchineál conarthaí raidió sealadacha is féidir a bhronnadh ná: 1) conradh le haghaidh seirbhís raidió ar feadh tréimhse suas le 30 lá ar a mhéad i dtréimhse 12 mhí, agus 2) conradh le seirbhís raidió pobail a oibriú ar bhonn píolótach ar feadh tréimhse suas le 100 lá i dtréimhse 12 mhí.

De ghnáth clúdaíonn an chéad chineál conartha seirbhísí raidió a bhaineann le himeachtaí speisialta aon uaire nó séasúracha, amhail Lá Fhéile Pádraig, raidió ollscoile, agus imeachtaí nó tionscnaimh reiligiúnacha, shóisialta agus chultúrtha.

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

De ghnáth, cuireann grúpaí pobail, a dteastaíonn uathu seirbhísí pobail a reáchtáil ar bhonn píolótach, iarratas isteach ar chonarthaí raidió 100 lá. Ba cheart go ndíreodh clársceidealú na seirbhíse ar an bpobal, agus go háirithe go rachadh sé i ngleic le leasanna an phobail, agus go soláthródh sé sochar sóisialta don phobal sa cheantar sonraithe. Ba cheart an tseirbhís a bheith faoi úinéireacht agus faoi smacht eagraíocht neamhbhrabúis ag a bhfuil struchtúr lena gcuirtear ballraíocht, bainistíocht agus oibriú ar fáil do bhaill den phobal go príomha.

Ón 1 Eanáir 2024 go 31 Nollaig 2024, rinne Coimisiún na Meán 24 conradh sealadach um chraoltóireacht fuaime. Ba le haghaidh grúpaí pobail píolótacha bunaithe deich gcinn díobh sin, ach ba le haghaidh seirbhísí sealadacha de 30 lá nó níos lú 14 díobh. Tá an liosta de sheirbhísí ceadúnaithe mar seo a leanas:

| Seirbhís Craolacháin Fuaime Shealadach (suas le 30 lá) | Seirbhís Pobail Phíolótach (suas le 100 lá) |
|---|---|
| Creative Audio Limited ag trádáil mar The Sound of Ireland | Limerick City Community Radio |
| Raidió Rí-Rá | Cork City Community Radio |
| Heartbeat FM Radio Services ag trádáil mar Eden FM | Ballina Community Radio |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan ag trádáil mar Bang FM | Kinvara Community Radio |
| The Simultaneous Interpretation Company Limited ag trádáil mar TRA 2024 FM | Bere Island Community Radio |
| Christmas FM | Donegal Sounds ag trádáil mar Owenea FM |
| City Broadcasting Limited ag trádáil mar Pride Vibes | Loughrea Community Radio |
| Choice Broadcasting Limited - Classic Hits 80s | Ionad Ealaíona Iorras ag trádáil mar Erris FM |
| STL-SAT Ireland Ltd ag trádáil mar Freedom FM | Scariff Bay Community Radio |
| AMBION GmbH (UEFA – F24) | Finn Valley Broadcasting CLG ag trádáil mar Finn Valley FM |
| Cork Education Training Board ag trádáil mar Juice FM | |
| 8Radio | |
| Watch Tower Bible & Tract Society of Ireland 2024 Convention ag trádáil mar JW Watchtower | |
| Blackrock College Radio | |

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

I mí na Samhna 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Treoirlínte nua do Ghrúpaí Pobail Uaillmhianacha a bhfuil seirbhísí raidió pobail oibrithe acu faoi chonarthaí raidió pobail píolótacha agus ar mian leo dul i mbun plé leis an gCoimisiún maidir le hiarratas a chur isteach ar chonradh raidió lántéarma. Is grúpaí pobail iad sin a bhfuil conarthaí craolacháin fuaime pobail sealadacha agus píolótacha oibrithe acu. Trí chonarthaí fuaime pobail "píolótacha" is féidir le grúpaí oibriú ar feadh tréimhse suas le 100 lá laistigh de 12 mhí, agus meastar go mbeidh sé d'uaillmhian ag grúpaí pobail den sórt sin iarratas a dhéanamh ar chonradh craolacháin fuaime pobail lántéarma. Is é is cuspóir do na Treoirlínte foilsithe cúnamh a thabhairt do ghrúpaí pobail uaillmhianacha tuiscint a fháil ar na clocha míle ba cheart a bhaint amach agus ar na ceanglais nach mór a chomhlíonadh sula ngabhfaidh siad i mbun plé leis an gCoimisiún maidir le conradh craolacháin fuaime a fhógairt do phobal i limistéar sonraithe nó i bpobal leasa.

**Ceadúnú Tráchtála**

In 2024, lean an Coimisiún de Phlean Ceadúnaithe Raidió Tráchtála a chur chun feidhme, plean arna thionscnamh ag Údarás Craolacháin na hÉireann in 2022. Bhí idirbheartaíochtaí maidir le conarthaí craolacháin fuaime agus síniú conarthaí i dtaca leis na seirbhísí a leanas i gceist leis an bplean sin:

- Formáid leathan áitiúil: Tipp FM, East Coast FM agus Kfm.
- Seirbhísí atá dírithe ar cheol: FM104, 98FM, agus Red FM.



## Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)




Coimisinéirí Choimisiún na Meán Rónán Ó Domhnaill agus Jeremy Godfrey , taobh le Patricia Monahan agus Chris Doyle ó 98FM.




Coimisinéirí Choimisiún na Meán Rónán Ó Domhnaill agus Jeremy Godfrey ,, taobh le Ciara O'Connor agus Seán Ashmore ó East Coast FM.




Coimisinéirí Choimisiún na Meán Celene Craig agus Rónán Ó Domhnaill, taobh le Joao Soares agus John O'Sullivan ó Shannonside/Northern Sound, taobh le Coimisinéirí Choimisiún na Meán Celene Craig agus Rónán Ó Domhnaill.



Coimisinéirí Choimisiún na Meán Jeremy Godfrey agus Rónán Ó Domhnaill, taobh le Clem Ryan agus Seán Ashmore ó Kfm.



Coimisinéirí Choimisiún na Meán Celene Craig agus Rónán Ó Domhnaill, John Evans, Ruth Kiely agus Ronan McManamy ó Tipp FM, taobh le Coimisinéirí Choimisiún na Meán Celene Craig agus Rónán Ó Domhnaill.




Coimisinéirí Choimisiún na Meán Rónán Ó Domhnaill agus Niamh Hodnetttaobh le Joe Dempsey, Kiela Brodigan agus Chris Doyle ó Red FM.

## Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)




Coimisinéirí Choimisiún na Meán Rónán Ó Domhnaill agus Niamh Hodnett, taobh le Seán Barry, Padraic White, agus Vivienne Nagle ó FM104.

I mí an Mhárta 2024, thosaigh an Coimisiún a Phlean Ceadúnaithe Tráchtála 2024. D'fhoráil an plean go n-athcheadúnófaí deich seirbhís raidió tráchtála réigiúnacha agus áitiúla, a rachadh a gconarthaí in éag i Márta agus Aibreán 2025 mar a leanas:

| Réimse Saincheadúnais | Cineál Seirbhíse | In Oifig | Ainm an Stáisiúin |
|---|---|---|---|
| **Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath** | Seirbhís atá dírithe ar cheol don aoisghrúpa 15-34 bliana d'aois | Bauer Media Audio Ireland | Spin 1038 |
| **Contae Chill Chainnigh agus Contae Cheatharlach** | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | CK Broadcasting Limited | KCLR 96FM |
| **Contae Chiarraí** | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | Raidió Chiarraí Teoranta | Radio Kerry |
| **Réigiún an Oirdheiscirt – Cathair agus Contae Phort Láirge, Tiobraid Árann Theas, Contae Cheatharlach, Contae Chill Chainnigh agus Contae Loch Garman** | Seirbhís atá dírithe ar cheol don aoisghrúpa 15 - 34 bliain d'aois. | Bauer Media Audio Ireland | Beat 102-103 |
| **Tuaisceart Dhún na nGall** | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | Donegal Highland Radio Limited | Highland Radio |
| **Contae Laoise, Contae Uíbh Fhaillí agus Contae na hIarmhí** | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | Midlands Community Radio Services Limited | Midlands 103 |
| **Sligeach/Liatroim Thuaidh/ Deisceart Dhún na nGall** | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | North West Broadcasting Limited | Ocean FM |
| **Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath** | Seirbhísí bunaithe ar an gceol sainréimse | Star Broadcasting Limited | Sunshine 106.8 |
| **Cathair agus Contae Chorcaí** | Seirbhís áitiúil atá dírithe ar cheol don aoisghrúpa 25-44 bliana d'aois | County Media Limited | Cork's 96FM |
| **Cathair agus Contae Chorcaí** | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | County Media Limited | C103 |

## Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

Thosaigh an próiseas ceadúnaithe sin le glaoch ar léirithe spéise ó dhaoine a raibh suim acu seirbhísí craolacháin fuaime a oibriú i limistéir ábhartha saincheadúnais.

Fógraíodh an glaoch ar Léirithe Spéise i nuachtáin sna limistéir ábhartha saincheadúnais ina bhfuil an chiorclaíocht is mó agus/nó i nuachtán náisiúnta ag a bhfuil an chiorclaíocht is mó. Maidir le gach ceann de na conarthaí raidió a fógraíodh, ba é an t-aon Léiriú Spéise a fuarthas ón sealbhóir. Ansin d'fhoilsigh an Coimisiún ráiteas go raibh sé de chuspóir aige an nós imeachta mear a agairt faoi Alt 67 d'Acht 2009 agus, de réir cheanglais an Achta 2009, chuir sé 28 lá breise ar fáil do dhaoine eile a raibh spéis acu a spéis a léiriú maidir le hiarratas a chur isteach ar chonradh raidió. Ag deireadh na tréimhse, agus gan aon iarratas breise faighte aige, bhí cead ag an gCoimisiún an nós imeachta ceadúnaithe mear a agairt le haghaidh gach seirbhíse agus, dá réir sin, chuir siad fáilte roimh gach sealbhóir conartha togra a chur isteach chun téarmaí a gconarthaí raidió faoi seach a leasú.

Faoin 31 Nollaig 2024, bhí tús curtha le hidirbheartaíochtaí conartha craolacháin fuaime nua ag an gCoimisiún le haghaidh ceithre sheirbhís: Midlands 103, Ocean FM, Sunshine 106.8 agus Spin 1038. Tabharfar athcheadúnú na seirbhísí eile sa phlean chun cinn in R1 2025.

> Dul chun cinn i leith méadú ar inrochtaineacht seirbhísí meán closamhairc do dhaoine faoi mhíchumas, agus go háirithe, dul chun cinn déanta chun na torthaí beartaithe a bhaint amach i dtaca lena leithéid d'inrochtaineacht atá leagtha amach in aon rialacha maidir le seirbhísí meán le haghaidh craoltóirí agus Físeán ar Éileamh

Is iad fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus tráchtaireacht fuaime cineálacha seirbhísí rochtana lena gcuirtear teilifís agus cláir físeán ar éileamh ar fáil do lucht féachana agus éisteachta níos leithne agus a thacaíonn le níos mó ionchuimsitheachta i dtírdhreach na meán. Éascaíonn seirbhísí rochtana an tuiscint agus an taitneamh a bhaineann daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu, daoine atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu, agus daoine a bhfuil mallachar éisteachta agus lagú radhairc orthu as cláir.

De bhun Alt 7 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ní mór seirbhísí meán a dhéanamh níos inrochtana, ar bhealach leanúnach agus de réir a chéile, do dhaoine atá faoi mhíchumas trí bhearta comhréireacha. Forálann Alt 46O(5) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú, go n-ullmhóidh Coimisiún na Meán rialacha maidir le seirbhísí rochtana.

Sna Rialacha Rochtana do chraoltóirí teilifíse leagtar amach spriocanna, i gcéatadáin, maidir le méid an fhotheidealaithe, TCÉ agus na tráchtaireachta fuaime is gá do gach seirbhís craolacháin a chur ar fáil. Leagtar amach sna Rialacha freisin ionchais maidir le caighdeáin cháilíochta, cur chun cinn seirbhísí rochtana, tarchur faisnéise éigeandála, ceanglais dul i mbun comhairle le húsáideoirí seirbhísí rochtana agus dul i ngleic le ceisteanna/gearáin faoi sheirbhísí rochtana.

### *Monatóireacht ar Chomhlíonadh agus Rannpháirteachas na bPáirtithe Leasmhara*

Déanann Coimisiún na Meán monatóireacht ar chomhlíonadh agus forfheidhmíonn sé é gach bliain le Rialacha Rochtana. Is é atá i gceist leis sin ná monatóireacht a dhéanamh ar dhátaí craolacháin agus dul i mbun rannpháirteachais le craoltóirí agus lenár dhá bPainéal Comhairliúcháin Úsáideoirí. Tá na Painéil déanta suas as úsáideoirí seirbhísí rochtana teilifíse atá bodhar/breacbhodhar agus úsáideoirí atá dall/

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

úsáideoirí lagamhairc, Eagraíochtaí Chearta na nDaoine faoi Mhíchumas agus grúpaí a dhéanann ionadaíocht don lucht míchumais. Trí na Painéil sin foghlaimíonn Coimisiún na Meán faoi eispéiris na n-úsáideoirí maidir le seirbhísí rochtana go díreach ó na húsáideoirí féin.

In 2024, d'fhoilsíomar ár dtuarascáil faoi fheidhmiú na rialacha rochtana 2023, bliain ina raibh comhlíonadh le fáil go forleathan i measc na gcraoltóirí go léir maidir lena spriocanna a bhaint amach agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh don bhliain 2023. Mar sin féin, trínár rannpháirteachas le húsáideoirí seirbhísí rochtana tarraingítear aird ar imní faoi chaighdeán sholáthar an fhotheidealaithe agus TCÉ agus faoin monatóireacht ar an gcaighdeán sin. Thosaíomar ar raon feidhme an taighde phíolótaigh a mheas chun a fhiosrú cad é atá i gceist le 'cáilíocht' agus cad é a thuigtear uaithi maidir le soláthar seirbhíse rochtana fotheidealaithe agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus conas is féidir cáilíocht a thomhas agus a mheasúnú. Tosóimid taighde, arna stiúradh ag rannpháirtithe agus comhchruthaithe, le húsáideoirí seirbhíse rochtana agus eagraíochtaí ionadaíocha in 2025.

I gcomhthéacs shainchúraim níos leithne Choimisiún na Meán, i gcomparáid leis an eagraíocht a bhí ann roimhe, d'fhiosraíomar freisin conas a d'fhéadfadh ár rannpháirteachas le húsáideoirí seirbhíse rochtana forbairt. Lorg Coimisiún na Meán dearcthaí agus ionchur ónár dhá bPainéal agus ón Údarás Náisiúnta Míchumais faoi mhodhanna dea-chleachtais chun tacú le cumarsáid éifeachtach, comhairliúchán agus rannpháirtíocht úsáideoirí seirbhísí rochtana agus chun iad sin a fhorbairt. Aontaíodh struchtúr rannpháirteachais nuashonraithe agus tosaíodh leis i mí Mheán Fómhair 2024 agus leanfaidh sé ar aghaidh in 2025.

### *Taighde & For-rochtain*

Ghlac Coimisiún na Meán sa Sruth Oibre Rochtana ERGA (Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc) lenár macasamhlacha rialála ar fud an Aontais Eorpaigh. Leis sin díríodh ar ról na rialálaithe chun rochtain a chur chun cinn, oibleagáidí reatha a cheangal leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht, bearta agus treochtaí rochtana a fhiosrú, agus féachaint le forbairtí amach anseo.

In 2024, chuaigh Coimisiún na Meán i mbun rannpháirtíochta leis an nGrúpa Stiúrtha de chuid tionscadail arna mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus arna chomhordú ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tionscadal de chuid Vision Ireland faoi 'Na dúshláin a bhaineann le tráchtaireacht fuaime in Éirinn: Oideachas, Úsáideoirí agus Tionscal a Aontú.' Fiosraíonn an tionscadal infhaighteacht tráchtaireachta fuaime san Ardoideachas, i dtionscal na siamsaíochta, i gcultúr, ealaín agus spórt chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt na Tráchtaireachta Fuaime in Éirinn.

### *Na céimeanna atá romhainn*

Tháinig an chéad Chód maidir le Seirbhísí Meán agus Rialacha maidir le Soláthraithe Seirbhísí Meán Closamhairc ar Éileamh de chuid Choimisiún na Meán i bhfeidhm i mí na Samhna 2024. Leis sin ní mór do sholáthraithe seirbhísí ar éileamh a gcéad phleananna gnímh maidir le hinrochtaineacht a ullmhú ina leagfar amach conas a dhéanfaidh siad a seirbhísí níos inrochtana, ar bhealach leanúnach agus de réir a chéile, do dhaoine atá faoi mhíchumas. Rachaidh an Coimisiún i mbun plé le soláthraithe físeán ar éileamh maidir leis na pleananna sin le linn na chéad leithe de 2025.

Tagann Ionstraim Aontais Eorpaigh um Inrochtaineacht i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2025. Tugann sí ceanglais íosta inrochtaineachta éigeantacha isteach le haghaidh raon táirgí agus seirbhísí tomhaltais a úsáidtear go coitianta thar roinnt earnálacha, lena n-áirítear táirgí agus seirbhísí digiteacha, iompar, r-thráchtáil, baincéireacht tomhaltais, cumarsáid leictreonach agus seirbhísí meán closamhairc. In Éirinn, le I.R. Uimh. 636/2023 ainmnítear Coimisiún na Meán mar an t-údarás comhlíonta atá freagrach as a áirithiú go mbeidh seirbhísí lena soláthraítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ar a dtugtar breac chuntas san Ionstraim Inrochtaineachta. Bunóidh an Coimisiún feidhmeanna nua maidir le comhlíonadh, gearáin agus forfheidhmiú do na seirbhísí sin in 2025.

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

# Clárú Soláthraithe Físeán ar Éileamh

### Clár na Soláthraithe Seirbhíse Meán

Tá dualgas reachtúil ar an gCoimisiún Clár na Soláthraithe Seirbhíse Meán a bhunú agus a choinneáil ar bun. Tá soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin má tá sé lonnaithe sa Stát agus má sholáthraíonn sé seirbhís meán closamhairc ar éileamh amháin nó níos mó (físeán ar éileamh). Tá clárúchán faoi réir próiseas féinfhógartha agus foráiltear le Cuid 3A den Ionstraim go bhfuil cumhachtaí forfheidhmithe ag an gCoimisiún nuair is léir dó gur theip ar sholáthraí seirbhíse meán a sheirbhísí a fhógairt.

Agus é ag leanúint ar aghaidh leis an obair a tosaíodh in 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún Clár athbhreithnithe agus méadaithe an 2 Eanáir 2024.

Tá réimse leathan soláthraithe seirbhíse agus seirbhísí Físeán ar Éileamh ar an gclár, ó bhrandaí so-aitheanta de chuid Ardáin An-Mhór Ar Líne (AMALanna), seinnteoirí meán agus seirbhísí athdheise de chuid craoltóirí tráchtála agus seirbhíse poiblí, soláthraithe spórt ar éileamh, go tairiscintí Físeán ar Éileamh ó phictiúrlanna sainealaíne, agus cuimsítear leis an ábhar a thairgtear réimse seánraí lena n áirítear scannáin, sraitheanna teilifíse, spórt, míreanna gearra nuachta, agus ábhar oideachais.



Mar threoir ghinearálta, is féidir a bheith ag súil leis go dtiocfaidh na cineálacha seirbhísí seo a leanas faoi raon feidhme na sainmhínithe reachtúla i gcoitinne agus áirítear ar an gClár reatha iad:

- Seirbhísí atá bunaithe ar shíntiús ina bhfuil ábhar dílsithe agus/nó tríú páirtí.
- Seirbhísí atá bunaithe ar idirbhearta a chuireann cláir ar fáil lena sruthú agus/nó lena n íoslódáil ar bhonn aonair/cuaiche.
- Seirbhísí lena "gcomhbhailítear" réimse seirbhísí closamhairc ar éileamh agus lena bhfágtar go bhfuil siad inrochtana trí chomhéadan úsáideora, suíomh gréasáin, aip nó ardán aonair.
- Baineann 'Seinnteoirí meán' go hiondúil le craoltóirí a thairgeann seirbhís athdheise le haghaidh ábhar a craoladh cheana féin, ábhar nach bhfuil ar fáil ach ar an seinnteoir, boscraí, etc.
- Codanna indealaithe de shuíomhanna gréasáin/aipeanna nuachta a chuireann catalóg d'ábhar closamhairc ar leith ar fáil.

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

In 2024, cláraíodh soláthraithe seirbhíse meán breise: DoyleUp Limited agus Eiretainment Limited agus a seirbhísí closamhairc ar éileamh faoi seach ClubberTV agus Eiretainment, cé gur fhógair soláthraí seirbhíse amháin, Sorrento Film and TV Limited, don Choimisiún gur chuir sé deireadh lena sheirbhís Físeán ar Éileamh, *Volta*. Foilsíodh an Clár nuashonraithe seo an 16 Nollaig 2024. Áirítear leis an gClár 17 soláthraí seirbhíse meán agus 26 seirbhís meán closamhairc ar éileamh.

Tá oibleagáid reachtúil leanúnach ar an gCoimisiún a chinntiú go bhfuil an Clár cothrom le dáta agus cruinn, rud lena gcuimsítear mar is gá oibleagáid lena chinntiú gur cuireadh gach seirbhís meán closamhairc atá faoi réir clárúcháin san áireamh sa Chlár. Féadfar athruithe agus leasuithe a dhéanamh ar an gClár go leanúnach. Is dócha go gcuirfear tuilleadh iontrálacha sa Chlár tar éis don Choimisiún na fógraí a mheas a fhaightear in 2025, mar thoradh ar thuilleadh eolais a fháil maidir le seirbhísí meán closamhairc ar éileamh reatha.

## Rialacha agus Treoirlínte maidir le Físeán ar Éileamh

De réir Chuid 3A den Acht Craolacháin 2009, féadfaidh an Coimisiún Rialacha Clárúcháin agus Treoirlínte do Sholáthraithe Seirbhíse Meán a fhoilsiú. In 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Rialacha agus Treoirlínte Clárúcháin athbhreithnithe a bhí bunaithe ar thaighde, ar chomhairliúchán, agus ar thaithí an chlárúcháin in 2023.

Sna Rialacha Clárúcháin leagtar amach an fhaisnéis atá le soláthar ag na soláthraithe seirbhíse meán san fhógra lena gcur san áireamh sa Chlár. Leagtar amach iontu freisin na rialacha reachtúla a bhaineann leis an athbhreithniú agus leis an gceartú arna ndéanamh ag an gCoimisiún ar an gClár; iarrataí ón gCoimisiún ar fhaisnéis bhreise; agus orduithe ón gCoimisiún chun ailt ábhartha den Acht a chomhlíonadh.

Tá na Treoirlínte do Sholáthraithe Seirbhíse Meán beartaithe chun cúnamh a thabhairt do sholáthraithe maidir leis an bpróiseas clárúcháin a oibriú agus a thuiscint. Ina theannta sin, leagtar amach tosca agus táscairí iontu maidir le sainmhínithe reachtúla a chur i bhfeidhm agus déantar achoimre leo ar na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhíse meán cláraithe.

In 2025, foilseoidh an Coimisiún Creat Cinnidh maidir le clárú um Fhíseán ar Éileamh. Míneofar tuilleadh sa Chreat do sholáthraithe seirbhíse meán an próiseas céim ar chéim a úsáidfidh an Coimisiún chun a chinneadh an bhfuil soláthraí seirbhíse faoi réir clárúcháin de bhun Alt 3A d'Acht 2009.

Beidh an Creat bunaithe ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa, ar chomhairliúchán, ar bhailiú sonraí, agus ar thaighde neamhspleách. Tá sé ina thaca le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, thrédhearcach, chomhsheasmhach agus chomhréireach de chuid an Choimisiúin i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla.

## Alt 71

De bhun alt 71 den Acht Craolacháin 2009 arna leasú, tá an chumhacht ag Coimisiún na Meán conradh soláthair ábhair a dhéanamh le hiarratasóir ar mian leis bunábhar clár a chur i dtoll a chéile ar mhaithe lena chur san áireamh mar chuid d'ilphléacs, nó chun é a tharchur mar sheirbhís craolacháin sa Stát.

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

Le linn 2024, bhronn an Coimisiún conarthaí cúig bliana ar SIS Media Limited le haghaidh ceithre sheirbhís: SIS Greyhound Channel, SIS World Racing (an Eoraip), SIS World Racing (an Spáinn), agus SIS Independent Retail Service. Is soláthraí 'gnólacht go gnólacht' é SIS Media Limited a sholáthraíonn seirbhísí gealltóireachta 24/7 d'oibreoirí miondíola agus ar líne amháin, agus cuireann na seirbhísí fothaí beo de rásaíocht capall agus rásaíocht chon ar fáil d'oibreoirí gealltóireachta, chomh maith le sonraí trí ghrafaicí ar an scáileán, agus é dírithe ar oibreoirí agus ar chustaiméirí miondíola i gcríocha LEE, sa Spáinn agus in Éirinn.

Bronnadh conradh cúig bliana ar CSI Sports Networks Limited don tseirbhís CSI Fightsports, a chraolann dornálaíocht, ealaíona comhraic, agus spóirt teagmhála eile de chineál Oilimpeach i roinnt tíortha ar fud an domhain.

I mí na Nollag 2024, bronnadh conradh deich mbliana ar Setanta Ukraine Limited le haghaidh seirbhís nua freisin: Setanta Sports Premium, seirbhís síntiúis dhigiteach OTT a sholáthraíonn réimse leathan ábhar spóirt do lucht féachana na hÚcráine ar ardáin teilifíse íoctha amháin. Is é an dáta tosaithe atá beartaithe tús Eanáir 2025.

## Éagsúlachtaí Conartha

Féadfaidh craoltóirí athruithe a iarraidh ar na gealltanais chlársceidealaithe ina gconarthaí craolacháin faoi réir réamhcheadú ón gCoimisiún. Caithfidh an Coimisiún réamhcheadú a thabhairt freisin i gcás athruithe suntasacha ar úinéireacht agus rialú craoltóra, ar bhallraíocht boird, ar róil bainistíochta shinsearaí, nó ar oibleagáidí teicniúla. Breithníonn an Coimisiún na hiarratais seo i gcomhréir leis na forálacha reachtúla agus na beartais ábhartha (e.g. Beartas Úinéireachta agus Rialaithe, Beartas Iolrachta na Meán, an Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin). In 2024, ceadaíodh 36 athrú chonarthacha; bhain 26 díobh sin le hathruithe ar Úinéireacht agus Rialú, bhain naoi gcinn le hathruithe ar ráitis beartais clár agus bhain ceann amháin le hathrú teicniúil a bhain leis an limistéar craolta.

Sa bhliain 2024, cheadaigh an Coimisiún Beat 102-103, an stáisiún raidió ceoil réigiúnach do dhaoine óga a fhreastalaíonn ar an oirdheisceart, a dhíol leis an Bauer Media Group. Tugadh ceadú faoi réir coinníollacha maidir le clársceidealú agus ábhar eile.

## Staidéar Indéantachta

In 2024 leanadh leis an obair ar staidéar indéantachta de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le seirbhís náisiúnta do dhaoine óga trí mheán na Gaeilge. Choimisiúnaigh an Coimisiún Oliver and Ohlbaum Associates (O&O) chun an staidéar indéantachta agus an measúnú gaolmhar ar thionchar earnála agus ar luach poiblí a dhéanamh.

Tá an obair seo bunaithe ar thionscadal a chuir Coiste Comhairleach na Gaeilge de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann i bhfeidhm in 2021 agus ar thaighde a rinne Údarás Craolacháin na hÉireann i gcomhpháirtíocht le Foras na Gaeilge le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Cuireadh i gcrích dhá thionscadal taighde lucht féachana nó éisteachta ar leith: Rinne Ipsos MRBI taighde cainníochtúil chun féachaint ar thuairimí an ghrúpa 15-34 maidir lena spéis agus lena oscailteacht i leith éisteacht le stáisiún raidió Gaeilge; agus rinne Bricolage staidéar cáilíochtúil i measc phobail na Gaeilge chun tuiscint a fháil ar a gclos-nósanna agus a nósanna meán agus an raibh aon bhearnaí aitheanta in ábhar na Gaeilge. Foilsíodh na tuarascálacha taighde sin i mí Feabhra 2023.

Freagraíonn an Staidéar Indéantachta freisin do mholadh ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán (CTM). Luaitear i dTuarascáil CTM go bhfuil seasamh uathúil agus tábhachtach ag an nGaeilge, nach mór tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí chun í a chur chun cinn agus a chaomhnú, agus go bhfuil gá le níos mó acmhainní chun cáilíocht agus infhaigheacht chlársceidealú na Gaeilge a chinntiú.

Chuir O&O tús le hobair allamuigh don staidéar, lenar áiríodh rannpháirteachas spriocdhírithe le páirtithe leasmhara agus suirbhé poiblí (lucht féachana nó éisteachta), i mí na Samhna 2024. Tá an tuarascáil deiridh le soláthar don Choimisiún i samhradh na bliana 2025 agus cuirfear faoi bhráid an Aire í. Leis an Staidéar Indéantachta comhlíonfar cuspóir reachtúil agus straitéiseach an Choimisiúin chun tírdhreach meán Gaeilge inmharthana, éagsúil agus inbhuanaithe a chinntiú agus rannchuidiú le hathbhreithniú an Choimisiúin ar a Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin in 2025-2026, lena leagfar amach a straitéisí ceadúnaithe amach anseo agus lena n áiritheofar go bhfreastalófar ar lucht féachana agus éisteachta na hÉireann le réimse leathan seirbhísí craolacháin.

## Soláthar Chóid agus Rialacha nua na Meán le haghaidh Craolacháin & Físeán ar Éileamh

### Athruithe ar Chóid agus Rialacha Craolacháin

In 2024, chríochnaíomar nuashonruithe suntasacha ar ár gcóid agus ar ár rialacha maidir le craoltóireacht raidió agus teilifíse. Bhí na hathruithe sin riachtanach chun éifeacht a thabhairt do dhlí an AE faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus chun cuntas a thabhairt ar athruithe reachtaíochta eile, lena n-áirítear bunú an Choimisiúin mar an rialtóir nua do chraoltóireacht. Idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2024, reáchtálamar comhairliúcháin phoiblí ar na hathruithe beartaithe sin. Craoltóirí, grúpaí sainleasa, páirtithe leasmhara, agus baill den phobal, chuir siad uile aighneachtaí ar fáil mar fhreagra, agus bhí a n-aiseolas thar a bheith luachmhar agus na cóid agus na rialacháin á gcur i gcrích. Tá sonraí iomlána na gcomhairliúchán agus na n-aighneachtaí a fuarthas le feiceáil ar ár suíomh gréasáin. Faoi mhí na Nollag 2024, bhí na cóid agus na rialacháin nua go léir foilsithe agus i bhfeidhm, lena n-áirítear an Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála, an Cód um Chaighdeáin Chlár, Rialacha Rochtana, agus Rialacha Fógraíochta, Teilishiopadóireachta, Sláine Comharthaí agus Faisnéise, agus iad nuashonraithe. Chuir sé seo críoch le trasuí an TSMC in Éirinn.

### *Rannpháirteachas ar chúrsaí Inrochtaineachta le hEagraíochtaí Ionadaíocha um Dhaoine faoi Mhíchumas agus leis an bPainéal Comhairliúcháin Úsáideoirí*

I mí Mheán Fómhair 2024, d'óstálamar cruinnithe comhairliúcháin tiomnaithe le hEagraíochtaí Ionadaíocha um Dhaoine faoi Mhíchumas agus le Painéal Comhairliúcháin Úsáideoirí an Choimisiúin maidir leis na hathruithe beartaithe ar na ceanglais inrochtaineachta don chraoltóireacht agus do sheirbhísí físeán ar éileamh faoi na Rialacha Rochtana agus faoin gCód agus faoi na Rialacha maidir le Físeán ar Éileamh faoi seach. Ba dheis iad na cruinnithe sin dúinn le dul i ngleic go díreach le húsáideoirí lena mbaineann maidir le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an taitneamh a bhaineann siad as na seirbhísí sin agus a gcuid eolais agus taithí a ionchorprú i Rialacha éifeachtacha nuashonraithe agus nua.

### *Tuilleadh athbhreithnithe ar na Cóid agus na Rialacha Craolacháin*

Mar chuid dár gcomhairliúcháin phoiblí in 2024, spreagamar an pobal lena dtuairimí a roinnt freisin ar shaincheisteanna éagsúla a d'fhéadfaí a bhreithniú mar chuid d'athbhreithniú amach anseo, amhail fógraíocht táirgí ard-saille, salainn agus siúcra agus bainne foirmle do naíonáin. Dhún an comhairliúchán seo i mí na Nollag 2024 agus fuarthas 34 aighneacht mar fhreagra, atá á mbreithniú againn faoi láthair mar chuid de phleananna gníomhaíochta an Choimisiúin don todhchaí.

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

### Cóid agus Rialacha nua le haghaidh seirbhísí Físeán ar Éileamh

I mí na Samhna 2024, tar éis comhairliúchán poiblí a chríochnú, d'fhoilsíomar Cóid agus Rialacha na Seirbhíse Meán Closamhairc ar Éileamh, agus ba é an chéad uair a bhí seirbhísí físeáin ar éileamh faoi réir mhaoirseacht rialála Choimisiún na Meán.

Leis an gCód agus na Rialacha tugtar oibleagáidí isteach do sholáthraithe Físeán ar Éileamh chun lucht féachana nó éisteachta a chosaint ar ábhar díobhálach ar a gcatalóg clár, caighdeáin a chur i bhfeidhm maidir le cumarsáid tráchtála agus suíomh táirgí, agus bearta comhréireacha a ghlacadh chun a chinntiú go bhfuil a seirbhís inrochtana. Baineann siad le gach seirbhís Físeán ar Éileamh atá lonnaithe in Éirinn atá liostaithe inár gClár Soláthraithe Seirbhíse Ar Éileamh, lena n-áirítear RTÉ Player, Virgin Media Player, agus Apple TV+.

## Soláthar Athbhreithnithe Reachtúla ar Mheáin na Seirbhíse Poiblí

Mar a fhoráiltear san Acht Craolacháin 2009 (arna leasú), tá roinnt freagrachtaí ar an gCoimisiún maidir le Meáin na Seirbhíse Poiblí (MSP) agus craoltóirí bainteacha. Cuimsítear leis sin measúnú ar RTÉ agus TG4 maidir leis an maoiniú a thugtar dóibh, a n-oibríochtaí agus a gcomhlíontacht le cuspóirí seirbhíse poiblí mar a shainítear.

Áirítear leis na forálacha reachtúla sin:

- measúnú a dhéanamh ar na Ráitis Bhliantúla um Ghealltanais Feidhmíochta faoi Alt 102(3) den Acht;
- Athbhreithnithe Bliantúla ar Fheidhmíocht agus ar Mhaoiniú Poiblí a dhéanamh faoi Alt 124(2);
- Athbhreithnithe Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí a éascú le haghaidh MSP atá leagtha amach in Alt 124(8);
- Measúnuithe ar Thionchar Earnála, Luach Poiblí (Ailt 100 & 103) agus Comhfhiontair (Alt 104) a chomhlánú, nuair a iarrann an tAire é.



Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

Foráiltear leis an Acht Craolacháin freisin do cheadúnú agus maoirseacht ar Theilifís an Oireachtais.

Tá ár gcuid oibre neodrach ó thaobh ardáin de agus cuimsítear léi gach seirbhís (teilifís, raidió, digiteach) a sholáthraíonn na heagraíochtaí meán seirbhíse poiblí. Ceanglaítear go mbeidh gach seirbhís ar fáil, a mhéid is féidir go réasúnta, do phobal iomlán oileán na hÉireann, agus do phobail Éireannacha atá ina gcónaí thar lear.

Bunaíodh ár bplean oibre do 2024 ar thrí phríomhréimse:

- Athbhreithnithe Reachtúla
- Athchóiriú reachtach
- Creat MSP

**Athbhreithnithe Reachtúla**

Tugadh na hathbhreithnithe seo a leanas chun críche le linn 2024:

***Athbhreithniú Bliantúil 2022 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí RTÉ***

Cuireadh stop sealadach leis an bpróiseas seo chun go bhféadfaí athbhreithnithe níos leithne arna gcoimisiúnú ag an Roinn agus ag RTÉ araon ar shaincheisteanna rialachais airgeadais ag RTÉ a thabhairt chun críche. Dá bhrí sin, tugadh ***Athbhreithniú Bliantúil 2022 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú*** do RTÉ chun críche ag tús 2024 agus cuireadh faoi bhráid an Aire é.

Cuimsíodh san athbhreithniú measúnú ar a mhéid a chomhlíon an craoltóir a chuid gealltanas sa bhliain 2022 ag féachaint dá chuspóirí seirbhíse poiblí, agus leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí nó a mhalairt lena chur ar a chumas don chorparáid freastal ar a chuspóirí seirbhíse poiblí.

Áiríodh le conclúidí agus moltaí do RTÉ an méid seo a leanas:

- Tugadh faoi deara gur bhliain dhúshlánach a bhí in 2022 do RTÉ, agus nár éirigh leo a gcuid spriocanna a chomhlíonadh. Thit méadrachtaí braistintí agus laghdaigh méid an tomhaltais freisin.
- D'aithin an Coimisiún an maoiniú a fuarthas do 2023 agus rinne sé tuilleadh moltaí maidir lena réimsí fócais.

***Athbhreithniú Bliantúil 2023 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí RTÉ agus TG4***

Rinneadh ***Athbhreithniú Bliantúil 2023 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí*** do RTÉ agus TG4 i rith 2024. Cuireadh tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire an 16 Iúil 2024.

Mar ab amhlaidh sna blianta roimhe seo, cuimsíodh san athbhreithniú measúnú ar a mhéid a chomhlíon na craoltóirí a gcuid gealltanas a rinneadh sa tréimhse ábhartha ag féachaint dá gcuspóirí seirbhíse poiblí, agus leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí nó a mhalairt lena chur ar a chumas don chorparáid freastal ar a gcuspóirí seirbhíse poiblí.

I gcomparáid le blianta roimhe sin, rinneadh measúnú i bpróiseas 2023 ar phleananna straitéiseacha na gcraoltóirí do 2024 agus 2025 araon, agus tugadh moltaí maoinithe eatramhacha agus breise don Aire do na tréimhsí airgeadais seo.

Bhreithnigh an tuarascáil gealltanais agus comhlíonadh an dá chraoltóir, rinne sí anailís ar iarratais mhaoinithe siarghabhálacha agus ionchasacha, leagadh amach forbairtí níos leithne sa mhargadh, agus thuairiscigh sí ar úsáid mhaoiniú an "Chur Chuige, Nua Deich mBliana" a fuarthas ón rialtas.

Bhí an méid seo i leanas i measc na gconclúidí do RTÉ:

- In ainneoin na bhfadhbanna a bhí ag RTÉ le déanaí maidir le maoiniú agus rialachas, choinnigh an craoltóir a sciar den tomhaltas teilifíse agus raidió agus d'fhás sé go suntasach i measc na ndaoine faoi bhun 55 bliain d'aois.
- Tá laghdú tagtha ar an margadh féachana teilifíse traidisiúnta líneach, agus tá laghdú 15% tagtha ar an bhféachaint in aghaidh an duine ó díreach roimh phaindéim COVID, agus tá titim i bhfad níos mó tagtha air do lucht féachana níos óige. Bíonn tionchar diúltach ag an bhfachtóir seo ar ioncam RTÉ freisin, ós rud é gur fógraíocht líneach teilifíse den chuid is mó a ioncam tráchtála. aNí caitheadh ach 5% den tomhaltas

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

digiteach le RTÉ, agus ní raibh mórán tionchair aige ar an laghdú ar ioncam tráchtála ó fhógraíocht líneach teilifíse atá ag titim a fhritháireamh.

- Lean méadrachtaí braistinte RTÉ de bheith ag meath. Cé gur chuir na saincheisteanna rialachais leis na fadhbanna seo, amhail an laghdú 13% ar dhíolacháin táillí ceadúnais i gcomparáid le leibhéil réamh-ghéarchéime, ní fhéadfaí iad uile a chur i leith na saincheisteanna a bhain le rialachas airgeadais. Mar shampla, thit líon na ndaoine a aontaíonn go bhfuil 'ábhar agus seirbhísí ardchaighdeáin' ag RTÉ ó 72% go 58% in imeacht na dtrí bliana, 2021-2023.nTá rátáil muiníne os cionn an mheáin ag aschur nuachta RTÉ i measc Craoltóirí Seirbhíse Poiblí ar fud an domhain agus ní raibh sin ach beagán níos ísle in 2023.

Conclúidí do TG4:

- Bhí bliain láidir ag TG4 maidir le féachaint líneach agus d'fhás a sciar féachana ó 1.8% go 2.1% sna trí bliana roimhe sin. Mhéadaigh sé a sciar den lucht féachana níos óige freisin.
- Sa bhliain 2023, thit líon na nóiméid a breathnaíodh ar Sheinnteoir TG4 2% agus b'ionann féachaint ar an Seinnteoir agus níos lú ná 2% den tomhaltas iomlán.
- D'éirigh go maith le TG4 i dtéarmaí braistint cáilíochta, agus aontaigh 81% go soláthraíonn sé ábhar agus seirbhísí ardchaighdeáin.
- I measc ghealltanais feidhmíochta TG4, tháinig feabhas ar shé cinn, níor athraíodh dhá cheann agus tháinig meath ar chúig cinn.
- Cé go bhfuil sé deacair a thomhas, tá sochar agus buntáiste cultúrtha suntasach gan amhras ag baint le cur chun cinn na Gaeilge, ní hamháin trí ábhar na gclár ach freisin trína húsáid i scoileanna agus mar idirghabháil eacnamaíoch i gceantair Ghaeltachta.

### *Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí*

Díreach mar a tharla le***Athbhreithniú Bliantúil 2022 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú***, cuireadh stop sealadach leis an athbhreithniú seo chun go gcríochnódh an Roinn agus RTÉ athbhreithnithe níos leithne ar rialachas airgeadais. Mar sin féin, cuireadh tús leis an bpróiseas um Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí d'eagraíochtaí na Meán Seirbhíse Poiblí, RTÉ agus TG4 ag deireadh na bliana agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 2025.

Is féidir raon feidhme an athbhreithnithe seo a roinnt ina thrí chuid.

Sa chéad chuid, cuimsítear athbhreithniú siarghabhálach ar fheidhmíocht agus ar mhaoiniú poiblí na MSPanna ó rinneadh an tAthbhreithniú Cúig Bliana deireanach i leith chomhlíonadh a gcuspóirí poiblí. Tabharfar aird ar leith ar oibriú an Chuntais Léiriúcháin Neamhspleácha in RTÉ i gcomhréir le moladh 5.10 ón CTM inar iarradh athbhreithniú ar an gcuntas seo chun cur le moltaí maidir le leibhéal maoinithe.

Sa dara cuid, déantar anailís ionchasach ar straitéisí costasaithe MSP don tréimhse trí bliana atá romhainn, ag tabhairt aird ar leith ar cé chomh hoiriúnach is atá a straitéisí chun cabhrú leo a gcuspóirí poiblí a chomhlíonadh, agus riachtanais reatha agus athraitheacha an lucht féachana, na teicneolaíochta agus tírdhreach na meán níos leithne á gcur san áireamh.

Agus sa chuid dheireanach, moltar leibhéil chuí de mhaoiniú poiblí chun an tacaíocht agus an treoir is fearr a thabhairt don MSP chun a gcuspóirí poiblí a chomhlíonadh agus fanacht ábhartha i dtimpeallacht meán atá ag éirí níos scoilte agus níos saincheaptha don duine aonair.

### *Measúnuithe ar Thionchar Earnála agus ar Luach Poiblí*

I mí na Nollag 2024, fuair an Coimisiún iarratas ón Aire go ndéanfadh sé Measúnú Tionchair Earnála agus Luach Poiblí ar iarratas ar thoiliú a fuair RTÉ i ndáil lena phlean chun ceithre cinn dá stáisiúin raidió digiteacha a dhúnadh. Seachadfar an tuarascáil seo i mí an Mhárta 2025 de réir an spriocdháta reachtúil.

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

## Ionchur chun Creat Nua MSP a Fhorbairt

Le linn 2024, bhí an fhoireann MSP i dteagmháil leanúnach leis an Roinn chun ionchur a thairiscint maidir le hathruithe atá beartaithe ar an Acht Craolacháin, 2009 (arna leasú) agus mar thoradh air sin, foilsíodh Scéim Ghinearálta an Achta Craolacháin (Bille Leasaithe) an 8 Deireadh Fómhair 2024, rud a thugann ról maoirseachta rialála níos leithne don Choimisiún agus a réitíonn saincheisteanna seicheamhaithe sna forálacha reachtacha reatha don phróiseas athbhreithnithe ar mhaoiniú poiblí. e
Faoin gcóras athbhreithnithe, forbróidh an Coimisiún modheolaíocht athbhreithnithe shoiléir agus thrédhearcach chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí do sholáthraithe meán seirbhíse poiblí gach trí bliana. Leis an modheolaíocht athbhreithnithe cumasaítear don Choimisiún, den chéad uair, cinneadh a dhéanamh ar an gcreat maidir le gealltanais feidhmíochta, agus aschuir agus ionchuir airgeadais ghaolmhara, táscairí agus méadracht feidhmíochta ar bhonn ilbhliantúil. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag déanamh athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht agus ar leordhóthanacht an mhaoinithe.



Ina theannta sin, beidh freagrachtaí breise ar an gCoimisiún i ndáil le Comhairlí Lucht Féachana RTÉ agus TG4, mar chuid de shraith níos leithne forálacha chun a neamhspleáchas a chinntiú. Leis an Scéim Ghinearálta, tugtar isteach athchóiriú rialachais chorparáidigh freisin agus déantar Ciste Meán atá neodrach ó thaobh ardáin de den Chiste Craolacháin.

Cuireann an Scéim Ghinearálta moltaí ón gCoiste Comhairleach Saineolaithe (CCS), ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán (CTM), agus forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM) chun feidhme.

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

Thug foireann MSP aiseolas mionsonraithe ar an gcóras atá beartaithe chun feidhmíocht agus maoiniú MSP a mheasúnú le linn chéim an dréachtaithe. Ó shin i leith, tá ár sreabhadh oibre ábhartha méadaithe againn, lena n-áirítear ár dtionscadal Chreat MSP a sholáthróidh an bonn fianaise láidir don mhodheolaíocht athbhreithnithe nua lasmuigh de dheiseanna eile don Tírdhreach MSP a spriocdhíriú agus a mheasúnú amach anseo. Beimid ag plé go gníomhach leis an bpobal chun tuiscint a fháil ar a bhfuil uathu agus a bhfuil de dhíth orthu ó MSP na hÉireann.

### *Creat um na Meáin Seirbhíse Poiblí*

Cuireadh tús le tionscadal Chreat MSP i mí Mheán Fómhair 2024. Breithníonn an tionscadal na hathruithe féideartha ar an tsamhail mhaoinithe agus ar an réimeas reachtaíochta/rialála agus ceistiú á dhéanamh aige ar thodhchaí MSP na hÉireann, lena n-áirítear suntasacht (ábhar a bhfuil spéis ghinearálta ann) agus tosaíochtaí an lucht féachana.

Bhuail an grúpa stiúrtha tras-fheidhmeach a bunaíodh chun ionchur a thabhairt agus forbairt an tionscadail a mhúnlú, lena n-áirítear an achoimre oibre, le chéile i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag 2024.

Tá ceithre phríomhchuspóir ag Creat MSP:

- An lucht féachana nó éisteachta a chur i gcroílár MSP mar shaoránaigh, tomhaltóirí agus comhchruthaitheoirí meán
- MSP a cheistiú agus a ullmhú don todhchaí i ré ina bhfuil athrú teicneolaíoch tapa, an lucht féachana/éisteachta scoilte agus nósanna tomhaltais ag athrú
- Forbairt beartais fhadtéarmaigh a chur chun cinn agus;
- Eolas a thabhairt do mhisean éabhlóideach agus pleananna gníomhaíochta straitéiseacha Choimisiún na Meán.

Áirítear le Sreabhadh Oibre Thionscadal Chreat MSP an méid seo a leanas:

- Taighde ar an Lucht Féachana/Éisteachta
- Ceistiú na bPrionsabal agus na Luachanna atá mar bhonn le MSP
- Creat a bhunú do ról rialála atá ag forbairt
- Tuiscint a fháil ar athruithe teicneolaíochta agus nuálaíochta amach anseo i ndáileadh MSP agus ullmhú dóibh

Tá suntasacht (Ábhar Leasa Ghinearálta) faoin gceathrú sreabhadh oibre "nuálaíocht". Rinneadh gníomhaíochtaí suntasacha scóipeála agus rannpháirteachais neamhfhoirmiúla in 2024. Tá grúpa oibre inmheánach bunaithe freisin i ndáil leis an gcuspóir sonrach seo. Faoi réir an Ordaithe Tosaigh riachtanaigh a bheith á dhéanamh ag an Aire maidir leis na hailt sin den Acht Craolacháin, 2009, rachaimid ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.

Bhí rannpháirteachas na bpáirtithe leasmhara ina ghné lárnach den obair i gcaitheamh 2024 freisin, le hionchuir ó Údaráis Rialála Náisiúnta eile, ó cheardchumainn tionscail Náisiúnta agus Idirnáisiúnta agus ó ionadaithe craolta agus meán áitiúla agus idirnáisiúnta eile.

### *Na Céimeanna atá Romhainn*

Mar a luadh, cinnteoidh an bhliain seo chugainn go leanfar lenár bpríomhshreabhadh oibre agus go mbunófar tuilleadh bunachar fianaise agus taighde a chuirfidh eolas ar fáil dár ról rialála nua de réir mar a bhunófar é. Trínár dtionscadal creata, cinnteoimid agus cuirfimid chun cinn MSP iontaofa, inbhuanaithe agus nuálach amach anseo do lucht féachana/éisteachta uile na hÉireann.

Craoltóireacht agus físeáin ar éileamh (ar lean)

### Athbhreithniú ar an moratóir craolacháin

Le linn 2022 agus 2023, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann ', Coimisiún na Meán anois) athbhreithniú ar roinnt dá chóid reachtúla faoi alt 45 d'Acht Craolacháin 2009 mar a bhí. Measadh go raibh an Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha mar chuid den athbhreithniú seo agus bhí glaonna sonracha ann ó pháirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar an moratóir le linn an phróisis sin. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, ag tosú i mí Feabhra 2024, rinne Coimisiún na Meán athbhreithniú ar an moratóir craolacháin.

Cuireadh an moratóir craolacháin san áireamh den chéad uair i dtreoirlínte craolacháin do Thoghchán Uachtaránachta 1997, tráth a raibh an teilifís agus an raidió mar phríomhfhoinsí nuachta. Ba iad a chuspóirí bunaidh tréimhse machnaimh a thabhairt do vótálaithe sula gcaithfidís a vótaí, agus cosaint ar fhaisnéis nua nó mífhaisnéis a chur i láthair vótálaithe ag an nóiméad deireanach nuair a bheadh sé rómhall chun í a mheasúnú nó a phlé i gceart. Le fás úsáid foinsí nuachta ar líne, bhí gá le hathmheasúnú a dhéanamh ar úsáideacht an mhoratóra ar chraoladh.

Áiríodh leis an athbhreithniú iniúchadh ar thréimhsí ciúnais na dtoghchán i dtíortha eile, suirbhé ar dhearcthaí a rinneadh le Ipsos B&A, agus comhairliúchán poiblí.

Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, cuireadh Ceanglas Cúraim Bhreise in ionad an Mhoratóra Craolacháin le haghaidh craoltóirí le linn Thréimhse Chriticiúil an Toghcháin (an tréimhse 24 uair an chloig roimh oscailt na stáisiún vótála agus le linn na tréimhse ina dtarlaíonn an vótaíocht). Éilíonn an Ceanglas Cúraim Bhreise nua, rud a thagann in ionad an Mhoratóra Craolacháin, go léireodh craoltóirí cúram breise le linn Thréimhse Chriticiúil an Toghcháin. Le linn Thréimhse Chriticiúil an Toghcháin, ba cheart do chraoltóirí fíor-chúram a léiriú i láimhseáil aon eolas a bhaineann leis an toghchán agus eolas a chreideann siad, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, a bheith scaipthe leis an aidhm vótálaithe a chur amú nó ar míthreoir nó gur dócha go gcuirfeadh sé vótálaithe amú nó ar míthreoir. Tá cur chun feidhme an cheanglais cúraim bhreise seo faoi rogha eagarthóireachta an chraoltóra. Mar chuid de sin d'fhéadfadh sé go mbréagnódh na Craoltóirí na míthuiscintí nó go gceartóidís míthuiscintí a eascraíonn as eolas míthreorach.

Léirítear Tréimhse Chriticiúil an Toghcháin i dTreoirlínte Choimisiún na Meán maidir le Clúdach Craolacháin Toghchán, rud a bhí i bhfeidhm don Olltoghchán an 29 Samhain.

# Forbairt na Meán

## Scéimeanna Iriseoireachta

I mí Iúil 2024, sheol Coimisiún na Meán dhá scéim nua maoinithe chun tacú leis an iriseoireacht. Tá sé d'aidhm ag an **Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil** agus ag **Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna** tacú le hearnáil na meán ar fud na hÉireann agus táirgeadh iriseoireachta ardchaighdeáin a chothabháil.

Bunaíodh na scéimeanna lena chinntiú go mbeidh teacht ag daoine ar nuacht ina gceantair féin agus go mbeidh an nuacht a fhaigheann siad iontaofa agus cruinn. Tá siad dírithe freisin ar feabhas a chur ar rannpháirtíocht na saoránach sa daonlathas áitiúil agus ar a dtuiscint ar an gcóras breithiúnach.



Bunaíodh na Scéimeanna ar bhonn riaracháin a bhuí le maoiniú €6m a dhaingnigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, T.D., agus ceapadh iad mar fhreagra ar mholtaí ó Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán.

Maoineoidh deontais a bhronntar faoi na Scéimeanna róil nua iriseoireachta – poist lánaimseartha agus feabhsaithe do thuairisceoirí daonlathais áitiúil agus cúirte – agus maoineoidh siad ábhar iriseoireachta leasa phoiblí fadfhoirme freisin. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh maoiniú cúnamh do sholáthraithe seirbhíse meán píosaí nó sraith fócais dhomhain a dhéanamh faoi réimse leathan saincheisteanna a eascraíonn as an gclúdach ar na húdaráis áitiúla/fóraim dhaonlathacha eile, clúdach ar na cúirteanna, nó ábhair ghaolmhara.

Tháinig seoladh na Scéimeanna i ndiaidh comhairliúchán poiblí i mí Aibreáin. Tarraingíodh aird in go leor aighneachtaí ar thábhacht na Scéimeanna chun daonlathas sláintiúil a chothú, eolas a thabhairt do shaoránaigh agus iad a dhéanamh rannpháirteach. Léiríodh sna freagraí freisin go raibh na freagróirí sásta ar an iomlán leis an gcur chuige a mhol an Coimisiún.

Forbairt na Meán (ar lean)

Cuirfear an t-ábhar ar fad a mhaoineofar ar fáil in aisce don phobal seacht lá ar a laghad tar éis é a fhoilsiú den chéad uair, agus éascóidh Coimisiún na Meán rochtain air.

Bhí na Scéimeanna nua Iriseoireachta oscailte d'iarratais ó iriseoirí agus ó eagraíochtaí meán, lena n-áirítear ardáin chraolta, chlóite agus ar líne, i nGaeilge agus i mBéarla araon. Le bheith incháilithe, ní mór d'iarratasóirí a bheith tar éis saineolas, cumas agus cuntas teiste eagarthóireachta a léiriú, agus ní mór freisin gur eintitis rialáilte iad nó ní mór dóibh a bheith cleamhnaithe le heintitis rialáilte.

Faoin dáta deiridh, an 30 Meán Fómhair 2024, bhí 131 iarratas san iomlán faighte, lenar iarradh maoiniú €9.08m san iomlán. Tháinig formhór na n-iarratas ó nuachtáin áitiúla, lena n-áirítear grúpaí foilsitheoireachta seanbhunaithe, chomh maith le hardáin éagsúla ar líne, gníomhaireacht tuairiscithe cúirteanna thiomnaithe agus roinnt saoririseoirí.

Rinne painéal measúnóirí neamhspleácha measúnú ar na hiarratais in R4 de 2024 agus dhaingnigh na Coimisinéirí na cinntí maoinithe i mí na Nollag 2024. Cuireadh maoiniú ar fáil do 103 iarratas rathúil ar an iomlán.

# Straitéis ICÉI

## Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Tá Coimisiún na Meán tiomanta do chinntiú go léiríonn tírdhreach na meán an éagsúlacht atá i sochaí na hÉireann, ina mbíonn comhionannas deiseanna, rochtana agus ionadaíochta chun tosaigh. Rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Meán roinnt moltaí chun éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn ar fud thírdhreach na meán. Cuireadh roinnt tionscadal i ngníomh in 2024 a bhfuil sé mar aidhm acu na moltaí seo a chur i gcrích.

An 3 Iúil, sheol an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD agus baill de Choiste Stiúrtha ICÉI an Choimisiúin an chéad straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (ICÉI) don earnáil fuaime agus closamhairc. Ar na gníomhartha a leagtar amach sa Straitéis tá an gá atá ann do na meáin agus na comhlachais meán fuaime agus closamhairc uile a mbeartais, a bpleananna agus a straitéisí ICÉI féin a fhoilsiú.



Coimisinéir na Forbartha Meán Rónán Ó Domhnaill agus an Cathaoirleach Feidhmiúcháin Jeremy Godfrey leis an Aire Catherine Martin, baill foirne agus baill de Choiste Stiúrtha ICÉI ag seoladh Straitéis ICÉI

Forbairt na Meán (ar lean)

Faoin Straitéis, tá Coimisiún na Meán ag súil go ndéanfaidh soláthraithe seirbhíse meán bearta chun ionchuimsiú níos fearr san earnáil a éascú, lena n-áirítear:

- soláthar oiliúna a éascú don fhoireann maidir le feasacht ar mhíchumas agus claontuairim neamh-chomhfhiosach,
- inrochtaineacht na n-ionad oibre agus an ábhair a fheabhsú
- scrúdú a dhéanamh ar sholáthar intéirneachtaí íoctha agus meantóireachtaí straitéiseacha do ghrúpaí mionlaigh.

Déanfar féinmheasúnú bliantúil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na meáin seirbhíse poiblí agus ag craoltóirí ceadúnaithe maidir leis na prionsabail, na gníomhartha agus na tionscnaimh atá leagtha amach sa Straitéis.

### *Coiste Stiúrtha ICÉI*

Bunaíodh Coiste Stiúrtha ICÉI mar chuid de Straitéis ICÉI; chun cabhrú linn athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhghníomhartha atá sa Straitéis agus maoirseacht a dhéanamh ar an treoir a sholáthraítear inti d'earnáil na meán. Bhí an chéad chruinniú ar siúl an 3 Iúil 2024 agus reáchtáladh an dara ceann an 9 Deireadh Fómhair. Is iad seo a leanas na baill sheachtracha den choiste a ngabhaimid ár mbuíochas ó chroí leo:

- Margaret Ward
- Gareth Lee
- Teresa Hanratty
- Eleanor McSherry
- Leon Diop
- Emer O' Neill
- Colman Farrell

### *Forbairt na gCaighdeán Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta do Scéimeanna Maoinithe*

Baineann Moladh 2.4 de CTM le forbairt caighdeán éagsúlachta d'eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú poiblí. Tar éis iarratas ar luachana, fostaíodh CommSol Consultants i mí na Samhna chun oibriú ar fhorbairt na gCaighdeán agus ar mheasúnú a dhéanamh ar an gcreat is oiriúnaí lena chur chun feidhme. Bhí roinnt comhairliúcháin tosaigh ar siúl le páirtithe leasmhara. Cinneadh gurb í an scéim mhaoinithe Fuaim &Fís 4 an scéim a roghnófaí le beartaithe na gcaighdeán in R4 2025 ar bhonn píolótach a chur chun feidhme.

### *Monatóireacht, Sonraí agus Taighde CÉI*

Tá sé de chúram ar Choimisiún na Meán sonraí bonnlíne CÉI comhsheasmhacha agus inchomparáide MSPanna agus Soláthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí (PSCPanna) a bhailiú agus a fhoilsiú, i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta um Shonraí Comhionannais. Rinneadh obair ar an anailís tosaigh maidir leis na roghanna féideartha a chur chun feidhme in R4 2024.

### *Mná sa Cheol agus Taighde Craoltóireachta Fuaime*

Foráiltear le halt 46N(4)(b) den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 go bhféadfaidh cóid maidir le seirbhísí meán foráil a dhéanamh maidir le "caighdeáin agus cleachtais chun go gcraoltar ceol arna chumadh nó arna chasadh ag mná i gcláir arna gcraoladh ar sheirbhísí craolacháin fuaime". Chuir an Coimisiún gealltanas san áireamh ina Straitéis ICÉI taighde a dhéanamh ar mhná, ceol agus craoltóireacht fuaime agus rinneadh an taighde sin in 2024. Rinne an fhoireann inmheánach Straitéise agus Taighde an taighde agus táthar ag súil leis an tuarascáil ar na torthaí ag tús 2025.

### *Conairí Gairme in Earnáil na Meán a Mhapáil*

D'aithin CTM an gá atá ann don Choimisiún na conairí reatha chuig gairm bheatha san earnáil meán a aithint agus a mhapáil. Le linn 2024, thosaíomar ag obair le príomhpháirtithe leasmhara ar an tionscnamh seo, lenar áiríodh athbhreithniú ar straitéisí oideachais reatha, bacainní a aithint, agus deiseanna nua oiliúna agus forbartha a fhiosrú. Is é an sprioc atá againn na conairí seo a dhéanamh inrochtana do chách, ag leagan béim ar leith ar ionchuimsitheacht agus ar thacaíocht do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena chinntiú go léiríonn agus go neartaíonn earnáil na meán guthanna éagsúla de chuid shochaí na hÉireann. Críochnófar an obair in 2025.

Forbairt na Meán (ar lean)

### *Maoiniú agus Forbairt*

I gcaitheamh na bliana, leanamar de ghníomhaíochtaí, imeachtaí agus tionscnaimh a chur chun cinn agus tacú leo, mar aon le cruthú agus cur ar fáil ábhair arb é is aidhm dó inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn san earnáil fuaime agus closamhairc. Leithdháileadh an tacaíocht sin tríd an Scéim Maoinithe  Fuaim & Fís 4, an Clár Foghlama agus Forbartha Earnála agus an Scéim Urraíochta.

### *Scéim Maoinithe Fuaim & Fís 4*

I gcaitheamh 2024, lean Fuaim & Fís 4 dá chuspóir a bhaint amach chun spreagadh a thabhairt le níos mó ban a cheapadh i bpríomhróil chruthaitheacha i gcláir arna maoiniú ag an scéim. Chun tacú leis sin, bailítear sonraí sa scéim ó iarratais arna maoiniú maidir le hionadaíocht na mban i gcúig phríomhról chruthaitheacha: Léiritheoir, Stiúrthóir, Scríbhneoir, Stiúrthóir Grianghrafadóireachta (SG), agus Eagarthóir. Ar an iomlán, léirítear sna sonraí a bailíodh go bhfuil cuspóir leanúnach na scéime chun níos mó ban a spreagadh éifeachtach i gcónaí, go háirithe i bpríomhróil an Léiritheora, an Scríbhneora, agus an Eagarthóra. Mar a sainaithníodh i dtuarascálacha roimhe seo, tá éagothroime mhór fós ann a mhéid a bhaineann le ról an SG i measc na mban agus na bhfear, cé go bhfuil treocht dhearfach le feiceáil sa teilifís. Sna staitisticí thíos cuimsítear na figiúirí sin a bailíodh ó iarratais a cuireadh isteach ar an dá bhabhta ‘oscailte’ den scéim a oibríodh le linn 2024.

| Babhta | Líon na dTionscadal ar Cuireadh Maoiniú Ar Fáil Dóibh | Léiritheoir | Stiúrthóir | Scríbhneoir | SG | Eagarthóir |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Babhta 51 | 27 | 85% | 33% | 67% | 23% | 67% |
| Babhta 53 | 35 | 80% | 54% | 41% | 31% | 60% |

# Inbhuanaitheacht

Cuireann Coimisiún na Meán ardchaighdeáin i gcleachtais chomhshaoil chun cinn in earnáil na meán.

### Sustainable Media Ireland (SMI)

Is líonra inbhuanaitheachta é SMI chun gníomhaíocht dhearfach maidir le hinbhuanaitheacht a chur chun cinn agus a chumasú ar fud earnáil na meán in Éirinn. Bunaíodh an líonra sa bhliain 2020 agus is é Coimisiún na Meán a éascaíonn é. Tagann eagraíochtaí meán le chéile chun foghlaim, eolas a chomhroinnt agus comhpháirtíocht a dhéanamh ar thionscnaimh inbhuanaitheachta. Seoladh ‘limistéar nua do bhaill’ in 2024 agus leathnaíodh an líonra chun ionadaithe ó na meáin scáileáin, phobail agus chlóite a áireamh. h

**Ról na Meán san Fhorbairt Inbhuanaithe – Cur le dul chun cinn maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**

I mí Feabhra, reáchtáil Sustainable Media Ireland, le tacaíocht ó Choimisiún na Meán, plé ar ról lárnach na meán maidir le dlús a chur le dul chun cinn na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) le hionadaithe ó na meáin, ón rialtas, ó ghnólachtaí agus ón tsochaí shibhialta.

Forbairt na Meán (ar lean)

Bhí rannpháirtíócht na gcraoltóirí san SDC Champions Programme, a reáchtáil an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ina spreagadh don ócáid, a bhí á óstáil ag RTÉ, ball den líonra.
**Lón & Foghlaim:** Chomh maith leis sin, d'óstáil an líonra trí sheisiún Lóin & Foghlama ar líne inar cumhdaíodh réimse leathan topaicí.

- Meán Fómhair: Do Chuid Oibríochtaí a Ghlasú: ceachtanna ón raidió agus ón teilifís
- Deireadh Fómhair: Ábhar Aeráide i Meáin na hÉireann: plé painéil
- Samhain: An scéal is déanaí maidir le albert in Éirinn

***Tionscadal Áireamháin Carbóin albert BAFTA***

Chuir *Screen Greening Coalition (SGC)* tús le háireamhán agus foireann uirlisí carbóin albert BAFTA in Éirinn in 2018. Mar a mhol an Coimisiún um Thodhchaí na Meán, d'oibrigh Coimisiún na Meán le comhpháirtithe ón SGC mar aon le páirtithe leasmhara scannánaíochta agus teilifíse na hÉireann chun próiseas deimhniúcháin buan a bhunú trí áireamhán agus foireann uirlisí albert BAFTA a úsáid in 2024.

Bunaíodh aonad gnó inmheánach chun comhpháirtíocht na hÉireann le BAFTA a bhainistiú, rud a chuirfidh ar chumas raon níos leithne léiriúcháin teilifíse agus scannánaíochta a dtionchar carbóin a thomhas, tagarmharcáil a dhéanamh de réir seánra agus céimeanna gníomhacha a ghlacadh chun é a laghdú.

# Maoiniú d'Fhuaim & Fís

**An Ciste Craolacháin**

Feidhmíonn an Ciste Craolacháin mar uirlis ríthábhachtach chun roinnt spriocanna straitéiseacha tábhachtacha de chuid Choimisiún na Meán a chur chun cinn. Ach síneadh a chur le hinfhaigheacht agus inrochtaineacht ábhar closamhairc agus fuaime Gaeilge agus ábhair atá tábhachtach go cultúrtha do mhuintir na hÉireann, ní hamháin go gcuirtear chun cinn cruthaitheacht agus nuálaíocht leis an gciste ach cothaítear níos mó inbhuanaitheachta laistigh de na hearnálacha craoltóireachta agus léiriúcháin neamhspleách freisin. Thairis sin, cuireann an maoiniú a leithdháiltear ón gciste le baint amach na gcuspóirí inscne, comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta ar bhonn gníomhach, rud lena gcinntítear go léirítear tuairimí ó chúlraí éagsúla, lena n-áirítear mná agus grúpaí mionlaigh agus go dtacaítear leo sa tionscal.

Bainistímid an riarachán a dhéantar ar dhá scéim maoiniúcháin chun ábhar a chraoladh nó le haghaidh clársceidealú faoin gCiste Craolacháin de bhun an Achta Craolacháin, 2009. Cuimsíonn an t-ioncam ón gciste 7% de na glan-admhálacha bliantúla ó tháillí ceadúnais teilifíse.



Forbairt na Meán (ar lean)

Forbraíodh agus feidhmíodh dhá Scéim go dtí seo:

1. An Scéim um Chartlannú
2. Fuaim & Fís 4

## An Scéim um Chartlannú

Leis an Scéim Maoinithe d'Ábhar Clár a Chartlannú ("an Scéim um Chartlannú") cuirtear tacaíocht mhaoinithe ar fáil chun cultúr cartlainne a fhorbairt in earnáil craolacháin na hÉireann, rud a chuirfidh le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Baineann an scéim le bunábhar clár, agus fógraí a chraoltar go hiomlán nó go páirteach nó a thaifeadtar le haghaidh craolacháin ar an raidió agus/nó ar an teilifís.

Le hathbhreithniú reachtach ar an dara leagan den Scéim um Chartlannú (an Scéim um Cartlannú 2), a tugadh chun críche in 2022, rinneadh measúnú ar a hoibríocht, éifeachtacht agus tionchar. Chuir torthaí agus moltaí an athbhreithnithe sin bonn eolais faoi fhorbairt na chéad Scéime um Chartlannú eile arna déanamh ag Coimisiún na Meán, "an Scéim um Chartlannú 3" a cuireadh faoi bhráid na Roinne lena breithniú ag an Aire.

## Fuaim & Fís 4

Le Fuaim & Fís 4 cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do chraoltóirí agus do chuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha chun ábhar ilghnéitheach atá ábhartha ó thaobh cultúir de a chruthú ar fud na teilifíse agus an raidió. Ar cheann de phríomhchuspóirí Fuaim & Fís 4, tá infhaighteacht agus infheictheacht clár Gaeilge agus ábhair atá tábhachtach ó thaobh cultúir de a mhéadú don lucht féachana in Éirinn agus níos faide i gcéin. Ach é sin a dhéanamh, tá ról ríthábhachtach ag an scéim maidir le hoidhreacht shaibhir teanga agus chultúrtha na hÉireann a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Cuireann Fuaim & Fís 4,  le fás agus inbhuanaitheacht na n-earnálacha craolacháin agus léiriúcháin neamhspleách freisin ach acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun ábhar closamhairc ardchaighdeáin a fhorbairt, a léiriú agus a dháileadh. Leis an tacaíocht sin cuidítear le cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú laistigh den tionscal agus an tráth céanna éascaítear iniúchadh a dhéanamh ar fhormáidí agus teicnící scéalaíochta nua.

### *Fuaim & Fís 4 in 2024*

In 2024, d'fhógraíomar torthaí na gceithre bhabhta maoinithe a oibríodh faoi Fuaim & Fís 4.

Rinne painéil mheasúnaithe measúnú ar 403 iarratas a bhí ag lorg beagán os cionn €45m i maoiniú iomlán. Faoi dheireadh na bliana, chur an Scéim maoiniú €22.7m ar fáil chun tacú le léiriú 210 tionscadal.

Ina theannta sin, osclaíodh babhta eile d'Fhuaim & Fís, babhta 55, i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus fuarthas 159 iarratas a lorg maoiniú €18.3 milliún san iomlán. Táthar ag súil go bhfógrófar torthaí an bhabhta seo i mí Feabhra 2025.

| Babhta | Iarratais a Measúnaíodh | Maoiniú a Iarradh | Iarratais Rathúla | Maoiniú Curtha ar fáil |
|---|---|---|---|---|
| Babhta 51 | 165 | € 18,842,292.84 | 65 | € 7,906,612.00 |
| Babhta 52 - Babhta Sochair Sóisialta | 19 | € 721,582.70 | 19 | € 706,579.00 |
| Babhta 53 | 175 | € 21,089,457.70 | 91 | € 10,186,082.00 |
| Babhta 54 - Guthanna na nInimirceach & na bPobal Éireannach Nua | 44 | € 4,366,095.53 | 35 | € 3,961,240.00 |
| **Móriomlán** | **403** | **€ 45,019,428.77** | **210** | **€ 22,760,513.00** |

Forbairt na Meán (ar lean)

### *Babhta 51 - Fógraíodh na cinntí i mí Aibreáin 2024*

Rinneadh measúnú ar 165 iarratas sa bhabhta seo, agus lorgaíodh beagán os cionn €18.8m. Chuir an Coimisiún maoiniú €7.9m ar fáil chun tacú le léiriú 65 tionscadal. Áiríodh leis an mbabhta seo sraith maoinithe do chlársceidealú a dhíríonn ar chomhionannas inscne, éagsúlacht, agus cuimsiú pobal agus guthanna nua Éireannacha ó mhaoiniú státchiste breise a fuair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD.

Chuir babhta 51 maoiniú ar fáil chun tacú le 27 tionscadal teilifíse agus 38 tionscadal raidió a dhéanamh. Thacaigh beagnach 35% den mhaoiniú molta (€2.7m) le léiriú na dtograí Gaeilge nó Dátheangacha, agus chuaigh 95% (€7.4m) go díreach chuig an earnáil léiriúcháin neamhspleách.

### *Babhta 52 - Fógraíodh an cinneadh i mí Aibreáin 2024*

Ba Bhabhta Sochair Sóisialta é Babhta 52 a dhírigh go sonrach ar Chraoltóirí Pobail agus treoir aige ón mBeartas um Mheáin Phobail agus ón gCreat um Shochar Sóisialta. Bronnadh beagán os cionn €700k ar 19 gCraoltóir Pobail a léirigh an chaoi a n-úsáidfidís an maoiniú chun rochtain fheabhsaithe ar a bpobail féin agus ionadaíocht ar na pobail sin a éascú agus chun rannpháirtíocht an phobail maidir le léiriú agus leithdháileadh ábhar craoltóireachta a mhéadú. Thacaigh an maoiniú leis na craoltóirí pobail freisin, agus cuireadh deiseanna clársceidealúcháin, oiliúna agus forbartha ar fáil do bhaill foirne agus d’oibrithe deonacha na stáisiún.

### *Babhta 53 - Fógraíodh na cinntí i mí Mheán Fómhair 2024*

Cuireadh isteach 175 iarratas faoi Bhabhta 53 den Scéim le measúnú a dhéanamh orthu, ag lorg os cionn €21 milliún. Bhronn an Coimisiún beagán os cionn €10.1 milliún de mhaoiniú chun tacú le 35 tionscadal teilifíse agus 56 tionscadal raidió a dhéanamh. Tacóidh 30% den mhaoiniú molta (breis agus €3 mhilliún) le léiriú tograí i nGaeilge nó tograí dátheangacha, agus rachaidh 95% (€9.6 milliún) díreach chuig an earnáil léiriúcháin neamhspleách. Áiríodh leis an leithdháileadh maoinithe iomlán i mbabhta 53 maoiniú breise €2 mhilliún arna urrú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, agus maoiniú á leithdháileadh ar 13 thionscadal don teilifís agus don raidió le haghaidh clár a dhíríonn ar leanaí agus ar dhaoine óga.

### *Babhta 54 – Fógraíodh na cinntí i mí na Samhna 2024*

Rinneadh measúnú ar 44 iarratas a bhí ag lorg beagán os cionn €4.3 milliún faoi Bhabhta 54 den Scéim, babhta spriocdhírithe a bhronn maoiniú chun tacú le léiriú clár a chuirfidh le tuiscint an phobail agus a fhéachfaidh ar an taithí ar leith agus na luachanna cultúrtha atá ag na pobail nua in Éirinn, fad a chuirfidh siad réimse leathan ábhair ar ardchaighdeán, atá ábhartha ó thaobh cultúir de, ar fáil. Bronnadh beagán os cionn €3.9 milliún de mhaoiniú chun tacú le 35 tionscadal a dhéanamh. Áiríodh leis an maoiniú don bhabhta €2 mhilliún breise a fuair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD.

Tacóidh beagnach 35% den mhaoiniú molta le léiriú tograí i nGaeilge nó tograí dátheangacha, agus tá tograí ann a bhaineann le raon teangacha éagsúla eile mar gheall ar aidhm an Bhabhta. Téann 97% den mhaoiniú (breis is €3.8 milliún) díreach chuig an earnáil léiriúcháin neamhspleách.

### *Babhta 55 – Seolta i mí Dheireadh Fómhair 2024, Dúnta an 28 Samhain*

Osclaíodh Babhta 55 i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus dúnadh é an 28 Samhain. Tá buiséad táscach suas le €6.4m ar fáil don Bhabhta seo. D’urraigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, maoiniú €1m den tsuim sin. Tá 159 iarratas á measúnú faoi láthair, agus tá breis agus €18.3 milliún á lorg.

Forbairt na Meán (ar lean)

## *Forbhreathnú ar Mhaoiniú Molta*

| Meán | Iarratais a nDearnadh Measúnú orthu | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | % den Iomlán a Iarradh | Iarratais Rathúla | Maoiniú Iomlán arna Mholadh | % den € Iomlán arna Mholadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Raidió | 255 | €5,497,330.34 | 12% | 127 | €3,103,551.00 | 14% |
| Teilifís | 148 | €39,522,098.43 | 88% | 83 | €19,656,962.00 | 86% |
| **Móriomlán** | **403** | **€45,019,428.77** | **100%** | **210** | **€22,760,513.00** | **100%** |


| Meán | Iarratais a nDearnadh Measúnú orthu | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | % den Iomlán a Iarradh | Iarratais Rathúla | Maoiniú Iomlán arna Mholadh | % den € Iomlán arna Mholadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Raidió | 255 | €5,497,330.34 | 12% | 127 | €3,103,551.00 | 14% |
| Teilifís | 148 | €39,522,098.43 | 88% | 83 | €19,656,962.00 | 86% |
| **Móriomlán** | **403** | **€45,019,428.77** | **100%** | **210** | **€22,760,513.00** | **100%** |


| Cineál Seirbhíse | Iarratais a nDearnadh Measúnú orthu | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | % den Iomlán a Iarradh | Iarratais Rathúla | Maoiniú Iomlán arna Mholadh | % den € Iomlán arna Mholadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Raidió Tráchtála | 155 | €3,720,789.61 | 8% | 71 | €1,803,048.00 | 8% |
| Teilifís Tráchtála | 13 | €5,444,602.00 | 12% | 10 | €4,017,493.00 | 18% |
| Raidió Pobail | 69 | €1,060,609.24 | 2% | 34 | €758,237.00 | 3% |
| Teilifís Phobail | 14 | €794,616.94 | 2% | 7 | €378,672.00 | 2% |
| Raidió CSP | 31 | €715,931.49 | 2% | 22 | €542,266.00 | 2% |
| Teilifís CSP | 98 | €24,960,242.32 | 55% | 66 | €15,260,797.00 | 67% |
| Le Deimhniú | 23 | €8,322,637.17 | 18% | | | 0% |
| **Móriomlán** | **403** | **€45,019,428.77** | **100%** | **210** | **€22,760,513.00** | **100%** |

Forbairt na Meán (ar lean)

| Lucht Féachana/Éisteachta | Iarratais a nDearnadh Measúnú orthu | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | % den Iomlán a Iarradh | Iarratais Rathúla | Maoiniú Iomlán arna Mholadh | % den € Iomlán arna Mholadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| <15 | 33 | €8,205,471.03 | 18% | 16 | €3,299,921.00 | 14% |
| 15-34 | 25 | €6,050,182.30 | 13% | 14 | €3,665,612.00 | 16% |
| 35-54 | 31 | €2,148,435.29 | 5% | 10 | €882,129.00 | 4% |
| Daoine fásta ar fad | 239 | €21,438,048.63 | 48% | 130 | €11,328,439.00 | 50% |
| Teaghlach | 75 | €7,177,291.52 | 16% | 40 | €3,584,412.00 | 16% |
| **Móriomlán** | **403** | **€45,019,428.77** | **100%** | **210** | **€22,760,513.00** | **100%** |

| Formáid | Iarratais a nDearnadh Measúnú orthu | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | % den Iomlán a Iarradh | Iarratais Rathúla | Maoiniú Iomlán arna Mholadh | % den € Iomlán arna Mholadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Beochan | 23 | €7,567,815.17 | 17% | 10 | €2,386,483.00 | 10% |
| Clár Faisnéise | 210 | €16,009,876.80 | 36% | 100 | €8,673,115.00 | 38% |
| Drámaíocht | 58 | €10,220,029.26 | 23% | 26 | €4,415,419.00 | 19% |
| Oideachas | 25 | €2,399,808.08 | 5% | 17 | €1,698,797.00 | 7% |
| Siamsaíocht | 68 | €8,100,316.76 | 18% | 38 | €4,880,120.00 | 21% |
| Sochar Sóisialta (Pobal) | 19 | €721,582.70 | 2% | 19 | €706,579.00 | 3% |
| **Móriomlán** | **403** | **€45,019,428.77** | **100%** | **210** | **€22,760,513.00** | **100%** |

| Seánra | Iarratais a nDearnadh Measúnú orthu | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | % den Iomlán a Iarradh | Iarratais Rathúla | Maoiniú Iomlán arna Mholadh | % den € Iomlán arna Mholadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ealaíona/Cultúr | 88 | €6,309,120.49 | 14% | 41 | €2,533,985.00 | 11% |
| Do Leanaí | 45 | €9,916,628.32 | 22% | 23 | €4,300,385.00 | 19% |

Forbairt na Meán (ar lean)

| Seánra | Iarratais a nDearnadh Measúnú orthu | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | % den Iomlán a Iarradh | Iarratais Rathúla | Maoiniú Iomlán arna Mholadh | % den € Iomlán arna Mholadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sochaí Chomhaimseartha | 143 | €19,200,073.85 | 43% | 75 | €10,389,677.00 | 46% |
| Stair/Oidhreacht | 85 | €5,841,214.40 | 13% | 39 | €3,034,381.00 | 13% |
| Litearthacht sna Meáin | 4 | €274,714.00 | 1% | 3 | €228,354.00 | 1% |
| Litearthacht Aosach | 2 | €61,328.95 | 0% | | | 0% |
| Eolaíocht/Dúlra/ Comhshaol | 17 | €2,694,766.06 | 6% | 10 | €1,567,152.00 | 7% |
| Sochar Sóisialta(Pobal) | 19 | €721,582.70 | 2% | 19 | €706,579.00 | 3% |
| **Móriomlán** | **403** | **€45,019,428.77** | **100%** | **210** | **€22,760,513.00** | **100%** |

| Teanga an Chláir | Iarratais a nDearnadh Measúnú orthu | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | % den Iomlán a Iarradh | Iarratais Rathúla | Maoiniú Iomlán arna Mholadh | % den € Iomlán arna Mholadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Béarla | 314 | €31,097,439.27 | 69% | 159 | €15,461,396.00 | 68% |
| Dátheangach nó ilteangach (Béarla ann) | 7 | €875,564.61 | 2% | 5 | €533,191.00 | 2% |
| Dátheangach | 45 | €7,608,763.09 | 17% | 23 | €3,488,637.00 | 15% |
| Gaeilge | 37 | €5,437,661.80 | 12% | 23 | €3,277,289.00 | 14% |
| **Móriomlán** | **403** | **€45,019,428.77** | **100%** | **210** | **€22,760,513.00** | **100%** |

Forbairt na Meán (ar lean)

| Iarratasóir | Iarratais a nDearnadh Measúnú orthu | Iomlán an Mhaoinithe a Iarradh | % den Iomlán a Iarradh | Iarratais Rathúla | Maoiniú Iomlán arna Mholadh | % den € Iomlán arna Mholadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Craoltóir | 106 | €3,359,027.09 | 7% | 49 | €1,909,476.00 | 8% |
| Léiritheoir Neamhspleách | 297 | €41,660,401.68 | 93% | 161 | €20,851,037.00 | 92% |
| **Móriomlán** | **403** | **€45,019,428.77** | **100%** | **210** | **€22,760,513.00** | **100%** |

*Tionscadail Shuntasacha ar Tairgeadh Maoiniú Dóibh in 2024*

- **Welcome To Moore Street:** Craolfar an tsraith teilifíse seo ar RTÉ, agus tabharfaidh sí léargas ar Éirinn an lae inniu trí shaolta, scéalta agus eispéiris na ndaoine atá ina gcónaí agus ag obair ar cheann de na sráideanna is ilchultúrtha sa phríomhchathair.
- **Joy to the World:** Sraith faisnéise raidió a chraolfar ar KCLR 96FM a cheiliúrann an Nollaig le pobail imirceach agus nua in Éirinn trína gcuid traidisiún, ceoil, ullmhúchán, maisiúchán, bia agus trí mhalartú bronntanas.
- **Election ’24:** Craolfar an clár faisnéise seo ar Theilifís an Oireachtais i gcomhar leis an gCoimisiún Toghcháin, agus cuirfidh sé an lucht féachana ar an eolas faoinár bpróiseas daonlathach trí iarrthóirí agus vótálaithe a leanúint agus iad ag ullmhú d’Olltoghchán 2024 agus ag glacadh páirt ann.
- **Ours to Protect: Sraith 2**: I rith bliana, léireoidh 16 stáisiún raidió tráchtála ar fud na tíre clársceidealú ábhartha áitiúla chun éisteoirí a oiliúint agus a chur ar an eolas faoin athrú aeráide agus faoi ghníomhú ar son na haeráide. Cuireann an tsraith seo le foghlaim agus rath na chéad sraithe a maoiníodh roimhe seo.
- **My Ireland Too:** Sraith faisnéise teilifíse, atá le craoladh ar Virgin Media Television, ina dtéann iarrthóirí tearmainn agus imircigh óga i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le saol nua a thosú in Éirinn. Tá sé mar aidhm ag an tsraith léargas macánta agus dílis a chur i láthair ar thaithí na n-imirceach in Éirinn.
- **Yesterday’s Girl/Ar Ais Arís:** Sraith dráma Gaeilge le haghaidh daoine óga le craoladh ar TG4 faoi thriúr cairde sna déaga a thugann cailín óg, Fiadh, ar ais trí thimpiste chuig saol an lae inniu, agus sin ó Éirinn san 11ú haois.
- **Mondays with Maddy:** Craolfar an tsraith beochana seo ar RTÉ Junior, agus déanfaidh sí iniúchadh ar an gceangal croíúil atá idir Maddy, cailín fuinniúil sé bliana d’aois agus a Seanathair beoga 80 bliain d’aois a bhfuil néaltrú air. Déanfar an dís seo a leanúint i ngach clár agus seal spraíúil á chaitheamh acu le chéile.
- **Alternatyva Alternayvai:** Leanfaidh clár faisnéise a chraolfar ar Theilifís Chathair Bhaile Átha Cliath (TPBAC) forbairt agus léiriú ceoldráma agus ceiliúradh á dhéanamh ar chultúr na Liotuáine ag an am céanna.
- **Mmanwu:** Dráma raidió atá le craoladh ar Newstalk a dhéanfaidh scrúdú ar na castachtaí a bhaineann leis an máithreachas, le meabhairshláinte, agus leis an gcodarsnacht idir an traidisiún agus an nua-aimsearthacht i gcomhthéacs bríomhar Bhaile Átha Cliath agus Onitsha na Nigéire.

Forbairt na Meán (ar lean)

- **First Timers on The Front Line**: Sa tsraith teilifíse seo, a chraolfar ar Virgin Media Television, leanfar grúpa oiliúnaithe i moil oiliúna de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna ar fud fad na tíre agus iad ar a seacht ndícheall chun beatha daoine a shábháil agus iad ag iarraidh a gcáilíochtaí a bhaint amach san am céanna.

*Samplaí de na tionscadail a maoiníodh faoi Bhabhta 52, Sochar Sóisialta do Chraoltóirí Pobail*

- Cuirfidh **Ros FM** leis an oiliúint ar tugadh maoiniú di roimhe sin le Fuaim & Fís agus cuirfidh sé oiliúint ar leibhéal QQI 4 ar fáil do thart ar 20 oibrí deonach.
- Cuirfidh **Athlone Community Radio** oiliúint ar leibhéal QQI 3 agus 4 ar fáil do bhaill foirne, oibrithe deonacha, agus do ghrúpaí pobail.
- Úsáidfidh **Community Radio Youghal** an maoiniú chun rannpháirteachas a mhéadú le seirbhís pobail áitiúil, Ionad San Raiféal, saoráid do dhaoine fásta faoi mhíchumas.
- Déanfar tuilleadh forbartha ar rannpháirteachas **Community Radio Castlebar** le Spéire Nua, grúpa a oibríonn le hiarchiontóirí, agus leis an tionscadal *Involve Youth*, a chomhoibríonn le hógánaigh den Lucht Siúil.
- Leanfaidh **Flirt FM** dá thionscnamh rathúil 'Community Takeover' lena dtugtar ardán ar na haerthonnta do réimse grúpaí pobail amhail Foróige agus Comhpháirtíocht Uathachais na Gaillimhe trí dheis a thabhairt dóibh a gcláir féin a léiriú agus a chur i láthair.

*Maoiniú ar Ábhar Gaeilge*

Is foinse maoinithe ríthábhachtach í Fuaim & Fís 4 fós chun cláir Ghaeilge/dhátheangacha a léiriú a chuimsíonn raon formáidí agus seánraí in ábhar raidió agus teilifíse, a fhreastalaíonn ar lucht féachana agus éisteachta idir óg agus aosta araon. In 2024, tríd an scéim, bronnadh maoiniú €6.7m ar chláir den sórt sin, arb ionann é agus thart ar 29% den mhaoiniú iomlán a cuireadh ar fáil.

I measc na dtionscadal mór le rá bhí:

- **Slán Le Rang a Sé:** Sraith faisnéise bhreathnaitheach a chraolfar ar RTÉ a hAon, ina leantar daltaí rang a sé ó Ghaelscoil Choláiste Mhuire, ceann de na Gaelscoileanna is éagsúla sa tír, agus iad ag dul i ngleic le deasghnáth aistrithe saoil uathúil na bliana deiridh sa bhunscoil.
- **Blúiríní Osnádúrtha:** Sraith raidió Gaeilge a chraolfar ar Raidió na Life, ina ndéanann daoine taighde agus taifeadadh ar scéalta taibhsí ó Bhaile Átha Cliath agus ó áiteanna níos faide i gcéin.
- **Finscéalta Chiarraí: Scéalta Miotasacha ón Ríocht**: Is guthanna beoga leanaí áitiúla scoile a dhéanfaidh reacaireacht sa Ghaeilge ar an tsraith faisnéise raidió seo atá le craoladh ar Radio Kerry, sraith a thógfaidh an lucht éisteachta ar aistear draíochta trí bhéaloideas aoibhinn Chiarraí.
- **Ceol Comhraic 1798:** Úsáidfidh an tsraith faisnéise seo, a chraolfar ar TG4, traidisiún amhránaíochta Éirí Amach 1798 chun lucht féachana a thabhairt ar thuras casta agus suimiúil a chuireann dúshlán na smaointeoireachta traidisiúnta agus a spreagann sinn le scéalta comhroinnte maidir lenár stair agus dul chun cinn ár náisiúin i ndomhan nua-aimseartha a fhiosrú.
- **Clár sa Charr:** Craolfar an tsraith raidió seo ar 16 stáisiún raidió tráchtála ar feadh trí mhí agus beidh guthanna agus comhráite idir daoine fásta agus leanaí ón gceantar inti agus iad ag foghlaim agus ag cleachtadh a gcuid Gaeilge laethúil ar an mbealach chuig an scoil agus ar ais uaithi.
- **Mo Shaol Do Shaol:** Sraith do lucht féachana óg a chraolfar ar Cúla4 ina malartóidh beirt atá go hiomlán difriúil caitheamh aimsire agus saolta ar feadh lá amháin.

Forbairt na Meán (ar lean)

### *Níos mó ban a spreagadh agus tacú leo i bpríomhróil chruthaitheacha*

Lean Fuaim & Fís 4 ag baint chuspóra amach spreagadh a thabhairt agus tacú le níos mó ban i bpríomhróil chruthaitheacha i gcláir arna maoiniú ag an scéim. Measúnú a dhéanamh ar shonraí lena ngabhtar treochtaí le himeacht ama agus rochtain a fháil orthu, mar aon le sonraí ó iarratais arna maoiniú maidir le hionadaíocht na mban i gcúig phríomhról chruthaitheacha: an Léiritheoir, Stiúrthóir, Scríbhneoir, Stiúrthóir Grianghrafadóireachta (SGDOP), agus Eagarthóir.

Leanadh leis an treocht dhearfach maidir le daoine a aithníonn iad féin mar mhná i bpríomhróil chruthaitheacha in 2024, lena n-áirítear an méadú dearfach ar líon na mban i ról an Stiúrthóra Grianghrafadóireachta (teilifís). As an 83 tionscadal teilifíse ar tairgeadh maoiniú dóibh faoin scéim in 2024, bhí 80% de róil na léiritheoirí agus 47% de na stiúrthóirí liostaithe mar mhná. As an 127 tionscadal raidió ar tairgeadh maoiniú dóibh, mná a bhí i 47% de róil na léiritheoirí. Leagtar amach anailís níos mionsonraithe sa chuid den tuarascáil seo ina bpléitear Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht.

### *Inrochtaineacht ar Chlársceidealú atá Maoinithe ag Fuaim & Fís*

Chun tuiscint agus taitneamh a bhaint as cláir teilifíse i measc daoine a bhfuil deacrachtaí amhairc agus/nó éisteachta acu a éascú, éilíonn Fuaim & Fís go gcuirtear fotheidil ar fáil ar a laghad le gach clár teilifíse atá maoinithe, agus ag brath ar leagan amach an chláir atá maoinithe, tá ceanglais bhreise ann maidir le Tráchtaireacht Fuaime (TF) agus/nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) a sholáthar. Molann an Coimisiún go láidir go gcuirfí TCÉ agus TF ar fáil ar an oiread tionscadail teilifíse maoinithe agus is féidir, agus meastar sa scéim go bhfuil na costais a bhaineann le gach seirbhís rochtana incháilithe.

I mí Iúil 2024, d'óstáil an fhoireann Fuaim & Fís ócáid ag Institiúid Scannán na hÉireann i mBaile Átha Cliath do lucht déanta clár agus do chraoltóirí chun plé a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí inrochtaineachta ar chláir atá maoinithe le Fuaim & Fís. D'fhreastail breis agus 40 léiritheoir neamhspleách agus ionadaí ó Theilifís Phobail, RTÉ, TG4, Teilifís an Oireachtais agus Virgin Media ar an ócáid. Thug gach craoltóir forbhreathnú ar a gcur chuige maidir le seirbhísí rochtana a sholáthar agus leag siad amach a mbeartais, a nósanna imeachta agus a sreafaí oibre. Chuir dhá chomhlacht léiriúcháin neamhspleácha cás-staidéir ar fáil freisin, inar roinn siad a dtaithí phraiticiúil maidir le soláthar seirbhísí rochtana a cheapadh agus a thabhairt isteach ina gcláir.

Le Fuaim & Fís maoiníodh 83 thionscadal teilifíse in 2024, agus soláthraíodh fotheidil sna tionscadail uile. Ina theannta sin, in 68 gcinn díobh soláthrófar tráchtaireacht fuaime agus soláthrófar Teanga Chomharthaíochta na hÉireann in 38 gcinn díobh.

### Tobhach Ábhair na Saothar Eorpach

Thug an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (TSMC) isteach an fhéidearthacht do thíortha Eorpacha oibleagáidí airgeadais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse meán a dhíríonn ar lucht féachana/éisteachta ina ndlínse.

Trasuíonn an tAcht Craolacháin 2009, arna leasú, Airteagal 13 den TSMC i ndlí na hÉireann. Le hAirteagal 13(2) den TSMC tugtar an rogha do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (AE) oibleagáidí airgeadais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse meán (SSManna) a dhíríonn ar lucht féachana laistigh dá dteorainneacha, ach atá bunaithe i mBallstát eile.

Forbairt na Meán (ar lean)

Le Cuid 10, Alt 159E den Acht deonaítear an chumhacht ar Choimisiún na Meán, faoi réir cheadú an Aire, chun tobhach na Saothar Eorpach (“tobhach”) a chur ar bun ar mhaithe le scéim a mhaoiniú chun tacú le Saothair Eorpacha a tháirgeadh. Tugann sé cumhacht do Choimisiún na Meán freisin a chinneadh cé na SSManna a bheadh faoi réir an tobhaigh seo, agus cuirtear ar chumas Choimisiún na Meán, i gcomhar le Fís Éireann, scéim a chur ar bun agus deontais a dheonú ag baint úsáid as fáltais an tobhaigh.

Moladh i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán – Straitéis Chur Chun Feidhme & Plean Gníomhaíochta – go ndéanfadh Coimisiún na Meán ‘taighde agus go ndéanfadh sé moltaí don Aire maidir le hindéantacht an tobhaigh agus an chiste ar ábhar closamhairc’. Rinneadh an próiseas seo agus tugadh chun críche é mar chuid dár bplean oibre 2024, agus cuirfimid an Staidéar Indéantachta seo i láthair don Aire lena bhreithniú in 2025.

# Urraíocht agus Foghlaim agus Forbairt Earnála

### Scéim Urraíochta

Gach bliain trínár Scéim Urraíochta cuirimid earnáil meán na hÉireann chun cinn trí thacú le réimse imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis na meáin. Cuireadh €256,125 san iomlán ar fáil do 29 iarratasóir rathúil in 2024. D’oir na tionscadail urraithe go maith lenár ról mar rialálaí agus mar ghníomhaireacht forbartha meán araon, ag ardú feasachta ar an tallann agus an chruthaitheacht atá ar fud thírdhreach meán na hÉireann, agus ag tacú le hinfhaighteacht réimse leathan ábhair do lucht féachana/éisteachta. Áiríodh leis na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí a urraíodh i rith na bliana Culture Crush 2024; imeacht tionscail do ghairmithe atá ag obair sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, agus réimse féilte agus imeachtaí a thacaíonn le hiriseoireacht, ceol, agus tionscail an raidió agus an scáileán araon. Roinnt samplaí ná Dámhachtainí Sláinte Meabhrach na Meán Headline, Duais Cheoil Choice, Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí, agus Beochan an Daingin.



Forbairt na Meán (ar lean)

Is féidir teacht ar liosta de ghníomhaíochtaí urraithe thíos.

| Iarratasóir | Imeacht / Gníomhaíocht |
|---|---|
| Royal Television Society | The Gay Byrne Memorial Lecture |
| Oireachtas na Gaeilge | Gradaim Chumarsáide an Oireachtais 2024 |
| Belfast MEdia Festival | Belfast Media Festival |
| Cork International Film Festival | 69th Cork International Film Festival – Documentary Programme |
| David Reid | Choice Music Prize |
| Dublin Business Innovation Centre | Culture Crush 2024 |
| DCU Anti-Bullying Centre | Children & Young People's Assembly on Online Bullying |
| | |
| Dingle Animation Festival Ltd | Animation Dingle |
| Dublin International Film Festival | DIFF |
| Fresh Film | IYFTY's Regional Finals \| Fresh International Film Festival |
| Galway Film Fleadh CLG | Galway Film Fleadh and Fair |
| Galway Film Resource Centre | FÍS TV Summit |
| Generation Y | The National Student Media Awards 2024 (SMEDIAs) |
| Gorm Media DAC | The GORM Gathering |
| Harp Media | Harp Short School Training & Film Competition |
| Irish Film Institute | IFI Spotlight & Irish Focus |

## Forbairt na Meán (ar lean)

| Iarratasóir | Imeacht / Gníomhaíocht |
|---|---|
| IFTA Academy CLG | 21st Anniversary – IFTA Awards Ceremony |
| IBI | IMRO Radio Awards |
| Kilkenny Animated Festival | Kilkenny Animated Festival |
| Philip Kidd | KinoD |
| Screen Directors Guild of Ireland | Exploring Reality – Documentary Training |
| Sky Ireland | RTS Ireland TV Awards 2024 |
| Catalyst International Film Festival CLG | Catalyst International Film Festival 2024 |
| The Irish Animation Awards | Animation Ireland Conference 2024 |
| The Radharc Awards | The Radharc Trust |
| The Writers Guild of Ireland | Zebbie Awards 2024 |
| Athlone Community Radio | Training Workshops on media literacy |
| Rockfinch Limited | Indie Info 2024 |
| Headline Shine | Mental Helath Media Awards |
| Wildcard Distribution | Sponsorship fo Kneecap Oscars Campaign |

Forbairt na Meán (ar lean)

## Clár Foghlama agus Forbartha Earnála

In 2024 leanamar de bheith ag tacú le heagraíochtaí a oibríonn sna meáin chun réimse gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha a sholáthar faoinár gClár Foghlama agus Forbartha Earnála. Leithdháileadh €536,500 ar réimse tionscadal a thacaíonn le hoiliúint agus forbairt ar fud earnáil na meán in Éirinn.

I measc na dtionscnamh a thacaigh le hinbhuanaitheacht ár n-earnála craoltóireachta bhí clár intéirneachta céimithe iriseoireachta ó Learning Waves, agus gníomhaíochtaí forbartha do raidió pobail arna reáchtáil ag eagraíochtaí ionadaíocha CRAOL agus Cumann Teilifíse Pobail. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin do chlár ceannaireachta dóibh siúd atá ag obair sna tionscail chruthaitheacha agus chabhraigh ceardlanna ar léiriú fíorúil, maoiniú scannán agus cláir faisnéise leo siúd atá ag obair sa tionscal closamhairc.

Ina theannta sin, lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do chur chun cinn na meán cumarsáide Gaeilge trí obair a rinne Oireachtas na Gaeilge, agus léiríodh ár dtiomantas d'inscne, comhionnanas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht sna meáin i maoiniú do réimse tionscnamh. I measc na samplaí sa chomhthéacs seo tá Taispeántas Scannán Gearr Women in Film and Television agus Clár Close-Up GORM Media a sholáthraíonn oiliúint sna meáin dóibh siúd ó chúlraí mionlaigh agus eitneacha éagsúla.

Tá liosta iomlán de na heagraíochtaí ar tugadh tacaíocht dá ngníomhaíochtaí in 2024 leagtha amach thíos.

| **Eagraíochtaí - 2024** | |
|---|---|
| ACE Producers | Near FM |
| CRAOL | X-Pollinator |
| Creative Europe Dublin agus Creative Europe Galway Media Desk | Oireachtas na Gaeilge |
| Community Television Association | Writers Guild of Ireland |
| Film Ireland | Celtic Media Festival |
| Furthr | Women on Air |
| Gorm Media | LW Journalism Graduate Programme |
| IFTA | Screen Composers Ireland |
| Learning Waves | Screen Producers Ireland |
| NUJ | Women in Film and Television |

Forbairt na Meán (ar lean)

## An Ghaeilge

I gcomhréir le moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, chuir Coimisiún na Meán Athbhreithniú Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge chun cinn in 2024 chun an tírdhreach reatha a mheas agus moltaí a fhorbairt chun an earnáil a neartú. Leis an Athbhreithniú seo, déantar machnamh ar an gcaoi a léirítear gnéithe de shaol na hÉireann sna meáin Ghaeilge, lena n áirítear cultúr, polaitíocht, ceisteanna sóisialta agus an geilleagar, agus béim á leagan ar bhearta inghníomhaithe a fhorbairt chun soláthar ábhair a fheabhsú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana, lena n-áirítear seachadadh tuarascálacha eatramhacha agus críochnú suirbhé náisiúnta a ceapadh chun léargas an lucht féachana agus éisteachta ar na meáin chumarsáide Ghaeilge a bhailiú. Cuireann na torthaí sonraí luachmhara ar fáil maidir le hinfhaighteacht, éagsúlacht agus raon feidhme ábhar Gaeilge ar fud na n-ardán.

Ceapadh foireann tionscadail trí phróiseas tairisceana iomaíoch chun na chéad chéimeanna eile den Athbhreithniú a chur chun cinn.

Cuimsítear lena gcuid oibre:

- Anailís dhomhain ar an soláthar ábhar Gaeilge atá ann cheana féin.
- Rannpháirteachas na bpáirtithe leasmhara le heagraíochtaí tábhachtacha agus ionadaithe earnála.
- Deiseanna straitéiseacha a aithint chun infheictheacht agus inbhuanaitheacht na meán cumarsáide Gaeilge a fheabhsú.

Leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2025, agus cuirfidh tuilleadh comhairliúcháin agus tuairiscithe le forbairt sraith chuimsitheach moltaí chun todhchaí láidir a chinntiú don earnáil.

### Foilsiú an tSuirbhé 'An Ghaeilge sna Meáin'

I mí na Nollag 2024, d'fhoilsigh Coimisiún na Meán torthaí an tsuirbhé ar an nGaeilge sna Meáin, tionscadal taighde a d'fhorbair an eagraíocht ón tús. Bhailigh an suirbhé léargas ar láithreacht na Gaeilge ar fud earnáil na meán, ag sainaithint láidreachtaí, dúshlán agus deiseanna fáis.
Tabharfaidh na torthaí eolas d'fhorbairt beartais, straitéisí maoinithe, agus don Athbhreithniú Cuimsitheach atá ar siúl ar na Meáin Ghaeilge, rud a chinnteoidh go mbeidh sonraí láidre agus rannpháirteachas earnála mar threoir don phróiseas cinnteoireachta.

### Coiste Comhairleach na Gaeilge

Tá Coiste Comhairleach na Gaeilge fós ina phríomhfhóram comhoibrithe idir Coimisiún na Meán agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Foras na Gaeilge, RTÉ, TG4, Oireachtas na Gaeilge, CRAOL, Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann, Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann, Conradh na Gaeilge, agus Raidió Rí-Rá.

In 2024, dhírigh an Coiste ar an méid seo a leanas:

- Tacú leis an Athbhreithniú ar na Meáin Ghaeilge, ag imirt ról i ndul chun cinn a chéimeanna éagsúla.
- A bhallraíocht a leathnú chun ionadaíocht níos leithne earnála a chinntiú.
- Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i soláthar oiliúna do ghairmithe na meán Gaeilge.
- Tionscnaimh feasachta gairme a fheabhsú chun níos mó rannpháirtíochta san earnáil a spreagadh.

De réir mar a leanfar leis an bplé isteach in 2025, fiosróidh Coimisiún na Meán agus Foras na Gaeilge conas is féidir le formáid an Choiste teacht chun cinn le bheith ina fhóram éifeachtach ó thaobh comhoibriú agus forbartha earnála de.

Forbairt na Meán (ar lean)

### Staidéar Indéantachta Raidió na Gaeilge don Óige

Ag cur leis na pléití a rinneadh roimhe seo laistigh d'earnáil meán na Gaeilge, lean Coimisiún na Meán leis an obair in 2024 ar mheasúnú a dhéanamh ar indéantacht seirbhís hibrideach raidió do dhaoine óga ar líne agus ar FM.

Ceapadh foireann comhairleoirí i ndiaidh próiseas tairisceana iomaíoch, agus cuirfear tús leis an obair go déanach in 2024. Baineann an chéim seo den staidéar leis an méid seo a leanas:

- Rannpháirteachas na bpáirtithe leasmhara leis an tionscal, le comhlachtaí cultúrtha, agus le lucht déanta beartas.
- Anailís mhargaidh chun indéantacht agus éileamh a mheas.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar mhúnlaí seirbhíse féideartha chun an cur chuige is inmharthana a chinneadh chun seirbhís raidió Gaeilge atá dírithe ar an aos óg a fhorbairt.

Beidh na torthaí ina gcúis le moltaí maidir le forbairt fhéideartha seirbhíse raidió náisiúnta Gaeilge do dhaoine óga.

Tá earnáil láidir meán Gaeilge riachtanach chun a chinntiú go léiríonn agus go neartaíonn tírdhreach meán na hÉireann féiniúlacht chultúrtha na hÉireann. Tá Coimisiún na Meán tiomanta d'inbhuanaitheacht, infheictheacht agus fás ábhar Gaeilge ardchaighdeáin a chur chun cinn ar fud na n-ardán uile.

Leanfaimid orainn de bheith ag tacú le fás agus infheictheacht na meán cumarsáide Gaeilge trí thaighde, forbairt beartais, maoiniú agus comhoibriú. Trí oibriú go dlúth leis an earnáil, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfásfaidh teanga na meán Gaeilge i dtírdhreach atá i gcónaí ag athrú.



# Tacaíocht d'Úsáideoirí agus Caidreamh le hÚsáideoirí






## Oideachas Úsáideoirí agus Litearthacht sna Meáin

Chun ailíniú a dhéanamh le tionscnamh an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha i mí Feabhra 2024, reáchtáil na foirne Litearthachta sna Meáin,  Oideachais Úsáideoirí agus Cumarsáide feachtas feasachta poiblí darbh ainm 'Fainic. Seol tuairisc. Seas roimhe.' a reáchtáladh ó mhí Feabhra go mí an Mhárta 2024. Spreag an feachtas seo an pobal chun ábhar mídhleathach a thuairisciú do na hardáin inar chonaic siad é den chéad uair.

Bliain an-ghnóthach ab ea 2024 i gcás toghchán, ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa. Chun feasacht a mhúscailt faoi shainchúram Choimisiún na Meán agus faoi thacaíochtaí d'iarrthóirí toghcháin a thagann ar ábhar díobhálach nó mídhleathach ar líne, d'fhorbraíomar dhá phacáiste faisnéise toghcháin. Seoladh an chéad phacáiste in am do na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i mí an Mheithimh agus cruthaíodh an dara pacáiste i gcomhar leis an nGarda Síochána agus bhí sé réidh don olltoghchán i mí na Samhna. Cuireadh fáilte mhór roimh na hacmhainní agus cruthaíonn siad comhthéacs chun tacú le sláine toghcháin.

Sa bhliain 2024, sheolamar ár gcéad acmhainní oideachais riamh do dhaltaí meánscoile dar teideal *'Rights, Rules, Reporting Online'*. Tá sé mar aidhm ag na hacmhainní seo a bheith in úsáid in ábhair ar nós OSSP, OSPS agus An Pholaitíocht agus an tSochaí, agus tá dhá fhíseán, póstaer, grafaic faisnéise, Ceisteanna Coitianta do scoláirí, cásanna agus plean ceachta mionsonraithe do mhúinteoirí agus d'oideoirí iontu. Tá na hacmhainní seo beo ar ár suíomh gréasáin nuashonraithe. Fuair na meánscoileanna uile in Éirinn póstaer, grafaic faisnéise agus litir réamhrá ionas go bhféadfaidís oibriú lena scoláirí ar shaincheisteanna maidir le cearta agus rialacha ar líne. Chomh maith leis sin, rinneamar feachtas ina dhiaidh sin chun a chinntiú go raibh múinteoirí ar an eolas faoi na hacmhainní seo. D'éirigh go han-mhaith leis na físeáin ón bhfeachtas sin ar Snapchat agus TikTok, agus spreag postálacha ar na cainéil sin níos mó ná 15,000 clic isteach chuig ár suíomh gréasáin. Lenár n-acmhainn glacaimid cur chuige atá dírithe ar chearta agus tá sé mar aidhm aige sin feasacht a mhúscailt i measc daoine óga go bhfuil rialacha nua ann ar líne atá ina dtaca lena gcearta ar líne.

Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora (ar lean)




Ar deireadh, i gcomhréir lenár ndualgas reachtúil tionscnaimh litearthachta sna meáin a chur chun cinn, leanamar de bheith ag maoiniú agus ag éascú obair líonra Litearthachta sna Meáin, Éire (LMÉ) trí chabhrú leis le lóistíocht, comhordú agus tacaíocht rúnaíochta. Chuidíomar le cainteanna a reáchtáil i leabharlanna poiblí ar ábhar na litearthachta sna meáin agus i ndiaidh scéim phíolótach rathúil in 2023, seoladh Gradaim LMÉ in 2024 a bhuí le cuireadh cineálta ó Virgin Media Studios i mí na Samhna. Rinneadh ceiliúradh agus bronnadh duaiseanna/maoiniú ar go leor samplaí iontacha de thionscadail litearthachta sna meáin ar fud na tíre. Bhí comhdháil LMÉ ar siúl i mí na Nollag freisin agus ba é *'Litearthacht sna Meáin ó Bhreith go Bás'*, an téama a bhí aici, rud a léiríonn tréithe foghlama ar feadh an tsaoil a bhaineann le litearthacht sna meáin agus áiríodh léi príomhóráid ón Dr Leo Pekkala ón Institiúid Chlosamhairc Náisiúnta (KAVI) san Fhionlainn.




Stiúrthóir Polasaí Anne Marie Pollock agus Stiúrthóir um Thacaíocht d'Úsáideoirí agus Caidreamh le hÚsáideoirí Stephanie Comey ag glacadh páirt i gcomhrá painéil ag comhdháil LMÉ i mí na Nollag.

MEDIA LITERACY IRELAND

## Creat nua cinnteoireachta a bhunú le Gearáin faoi Chraoltóireacht agus Físeán ar Éileamh a láimhseáil

Tacaíonn láimhseáil gearán lenár misean chun tírdhreach meán éagsúil, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialáil. Is bealach é seo don phobal craoltóirí agus soláthraithe físeáin ar éileamh a chur faoi dhliteanas i gcás ina gcreideann siad gur sáraíodh caighdeáin ábhair agus ceanglais inrochtaineachta. Tríd an gcuntasacht sin cuirtear le hiompar freagrach i measc craoltóirí agus soláthraithe físeán ar éileamh, agus cothromaíocht á coinneáil idir cearta tábhachtacha na saoirse cainte agus an neamhspleáchais eagarthóireachta agus an gá atá le leasanna an lucht féachana agus éisteachta agus an phobail a chosaint.

Tá sé de cheart ag baill an phobail gearán a dhéanamh chuig an gcraoltóir nó an soláthraí físeáin ar éileamh má chonaic nó má chuala siad rud nach gcreideann siad atá i gcomhréir leis na caighdeáin riachtanacha. Tá an ceart seo ar fáil in alt 47(1) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú. Tá sé de cheart ag an bpobal freisin gearán a dhéanamh le Coimisiún na Meán, a fhoráiltear in alt 48 d'Acht 2009. Go ginearálta, molaimid do ghearánaigh a ngearán a dhéanamh leis an gcraoltóir nó an soláthraí físeáin ar éileamh ar an gcéad ásc mar gurb é sin an bealach is tapúla de ghnáth le freagra a fháil ar ghearán. Mura bhfuil gearánaí sásta leis an bhfreagra, is féidir leo a ngearán a atreorú chugainn.

Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora (ar lean)

Ba é ár bpríomhfhócas i gcéad leath na bliana 2024 próiseas nua láimhseála gearán a bhunú, in ionad próisis a d'oibrigh réamhtheachtaí Choimisiún na Meán, Údarás Craolacháin na hÉireann. Thug an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 athruithe suntasacha isteach ar an bpróiseas foriomlán chun gearáin a bhreithniú agus leathnú ar raon feidhme chun níos mó ábhar agus seirbhísí a chumhdach. Seo iad na hathruithe sin:

- Próiseas scagtha nua don Choimisiún chun gearán a dhíbhe, é a tharchur ar ais chuig an soláthraí seirbhíse nó é a tharchur lena bhreithniú tuilleadh
- Próiseas foirmiúil nua chun sáruithe a bhfuil amhras fúthu a tarraingíodh anuas i ngearán a imscrúdú, agus d'fhéadfadh smachtbhannaí airgeadais a ghearradh ar an soláthraí seirbhíse dá bharr sin
- Soláthraithe físeáin ar éileamh a thabhairt faoi raon feidhme gearán
- An réimse ábhar ar féidir gearán a dhéanamh ina leith a leathnú e.g. seirbhísí rochtana, teorainneacha ama fógraíochta agus cuótaí nuachta agus cúrsaí reatha.

Cuireadh próiseas nua i bhfeidhm faoi dheireadh na chéad leithe de 2024 agus forbraíodh foirm ghréasáin do bhaill den phobal chun gearán a dhéanamh sa dara leath agus seoladh í i mí na Nollag 2024.

## Gearáin faoi Chraoltóireacht agus Físeáin ar Éileamh

I mí Iúil 2024, thosaigh an Coimisiún ag déanamh a chéad chinntí ar ghearáin a cláraíodh agus a coinníodh agus an próiseas nua á fhorbairt. Áirítear leis sin gearáin a rinneadh in 2023.




Ó mí an Mhárta 2023 go mí na Nollag 2024, ghlac Coimisiún na Meán le 138 gearán bailí thar na cineálacha seirbhíse seo a leanas:

- 2023: 29 craoladh raidió, 15 chraoladh teilifíse agus 1 chlár físeáin ar éileamh
- 2024: 48 craoladh raidió, 41 craoladh teilifíse agus 4 chlár físeáin ar éileamh

As na gearáin bhailí a fuarthas sa tréimhse seo, chuimsigh craoltaí agus seirbhísí físeáin ar éileamh RTÉ 77%. Bhain 6% de na gearáin ar glacadh leo le LMFM, 4% le Newstalk 106-108 FM, 2% le Virgin Media Television agus 11% le stáisiúin raidió rialáilte eile.

Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora (ar lean)

## Catagóirí Gearán

Ba faoi chláir cúrsaí reatha formhór na ngearán. Ba faoi chláir nuachta agus cláir ghinearálta an dara sciar is mó, agus glacadh leis an líon céanna gearán don dá chlár. Fuair cumarsáid tráchtála líon na ngearán is lú.




Is iad seo a leanas na hábhair/saincheisteanna is coitianta a ndéantar gearán fúthu:

- 13% - Rialachas & Polaitíocht na hÉireann
- 12% - An Choimhlint in Gaza
- 9% - Tagairtí d'Eascainí, do Ghnéasachas & do Dhrugaí
- 8% - Ginmhilleadh
- 6% - LADTA+
- 4% - Cúram Sláinte
- 4% - Leas Ainmhithe
- 3% - Inimirce

Ábhair/saincheisteanna ar leith a bhí sa 41% eile.

I gcláir faoi cúrsaí reatha, is iad ábhair a bhaineann le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht na saincheisteanna is tábhachtaí do ghearánaigh. Is minic a bhí comhpháirteanna éagsúla sna gearáin seo, lena n-áirítear ábhar amhail díobháil, cion míchuí, dóchúlacht go gcuirfidís coireacht chun cinn nó go spreagfaidís í, dóchúlacht go spreagfaidís foréigean nó fuath, nó go lagóidís údarás an stáit.

I gcás nuachta, baineann na gearáin den chuid is mó le cibé an ndearnadh an nuacht a thuairisciú agus a chur i láthair ar bhealach oibiachtúil agus neamhchlaonta agus gan aon tuairim de chuid an chraoltóra ná an tsoláthraí a chur in iúl. Áiríodh leis na gearáin freisin ábhair amhail cruinneas, cur i láthair/míléiriú tuairimí agus fíricí, agus botúin mhóra a aithint agus a cheartú.

I gclársceidealú ginearálta, bíonn imní ar ghearánaigh faoi ábhar a chreideann siad a rinne díobháil agus/nó cion, a d'fhéadfadh coireacht a chur chun cinn nó a spreagadh, a d'fhéadfadh foréigean nó fuath a spreagadh, nó a d'fhéadfadh údarás an stáit a lagú. Tá imní ar ghearánaigh freisin faoi phrionsabail ón gCód um Chaighdeáin Chlár, go príomha maidir le meas ar chaighdeáin an phobail, tábhacht an chomhthéacs, cosaint ar dhíobháil, meas ar dhaoine agus ar ghrúpaí sa tsochaí agus cosaint leas an phobail.

Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora (ar lean)

**Cinntí ón gCoimisiúin**

Ó mhí Iúil go mí na Nollag 2024, rinne an Coimisiún cinneadh ar 61 gearán in imeacht seacht gcruinniú. Déanann an Coimisiún cinneadh cibé acu:

- An gearán a atreorú ar ais chuig an soláthraí seirbhíse le go mbreithneofar é ina phróiseas láimhseála gearán; nó
- An gearán a dhíbhe, má chomhlíonann sé critéir áirithe; agus, mura gcomhlíonann sé ceachtar acu sin,
- An gearán a chur ar aghaidh le go mbreithneoidh duine é lena imscrúdú.




- An gearán a dhíbhe de bhun Alt 48(4)(a) den Acht Chraolacháin 2009, arna leasú.
- An gearán a chur ar aghaidh le go mbreithneoidh duine údarásaithe é lena imscrúdú, de bhun Alt 48(5) den Acht Craolachán 2009, arna leasú.
- An gearán a atreorú chuig an gcraoltóir le go mbreitheofar é faoina Chód Cleachtais um Láimhséail Gearán, de bhun Alt 48(3) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú.

Déanfar cinneadh faoin 11 ghearán atá le breithniú lena n-imscrúdú in 2025.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh faoi na gearáin eile a fuarthas in 2024 go luath i ráithe 2 2025. Déanfar cinntí freisin maidir le cibé an ndéanfar imscrúdú ar an 11 ghearán atá curtha faoi bhráid an Choimisiúin lena mbreithniú. Déanfaimid athbhreithniú ar ghearáin a láimhseáladh agus ar chinntí a rinneadh, déanfaimid measúnú ar threochtaí agus forbróimid léargas. Tá sé beartaithe againn iad sin a chur in iúl don phobal agus don tionscal chun tacú le comhlíonadh caighdeán agus le feasacht agus tuiscint an phobail ar ár gcinnteoireacht.

## Gearáin a fuarthas faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha

Leagtar síos le hAirteagal 53 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) an ceart atá ag faighteoirí seirbhísí idirghabhálacha, nó ag aon eagraíocht nó comhlachas sainordaithe atá ag gníomhú thar a gceann, gearán a thaisceadh in aghaidh sholáthraithe na seirbhísí idirghabhálacha sin agus sárú ar an GSD á líomhnú acu. Ba cheart gearáin a dhíriú chuig Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha (CSD) sa Bhallstát ina bhfuil faighteoir na seirbhíse lonnaithe nó bunaithe. Is é Coimisiún na Meán an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ainmnithe in Éirinn.

Déanfaidh CSD measúnú ar an ngearán agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé ar aghaidh é chuig CSD sa Bhallstát ina bhfuil soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha bunaithe, agus d'fhéadfadh tuairim a bheith ag gabháil leis. Má thagann an gearán faoi fhreagracht údaráis eile laistigh den Bhallstát céanna, aistreoidh CSD an gearán chuig an údarás ábhartha iomchuí.

Próiseálann an Coimisiún gearáin a thagann faoina dhlínse féin de réir an GSD, agus a reachtaíochta náisiúnta féin, na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile (ARCME), 2009 agus 2022, arna leasú. Faoi Acht 2009, ní mór don Choimisiún roinnt céimeanna a chur i gcrích maidir le gearán. Áirítear leis sin measúnú tosaigh ar an ngearán, measúnú breise ar an ngearán, agus fógra a thabhairt don ghearánach agus don soláthraí seirbhíse idirghabhálach araon faoin ngníomhaíocht atá beartaithe aige agus faoin gcinneadh críochnaitheach ar an ngearán. Lorgaíonn an Coimisiún uiríll freisin ón soláthraí seirbhíse idirghabhála maidir leis an ngníomhaíocht atá beartaithe aige agus déanann sé breithniú ar na huiríll sin sula ndéanann sé cinneadh críochnaitheach. Mar gheall ar an líon soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha atá bunaithe in Éirinn, is suntasach líon na ngearán inár ndlínse.

Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora (ar lean)

Tháinig an GSD i bhfeidhm an 17 Feabhra 2024, agus ó shin i leith, tá foireann gearán GSD á tógáil ag an gCoimisiún mar aon le próisis agus nósanna imeachta chun gearáin a láimhseáil.

I mí Feabhra 2024, thosaigh an Coimisiún ag glacadh gearán GSD ar an leibhéal náisiúnta, agus trí chóras comhroinnte eolais an Aontais Eorpaigh, AGORA. Cuirtear na gearáin a fhaightear ó bhallstáit eile chugainn ón CSD as ar tháinig siad.

Chuaigh foireann gearán GSD i gcomhar lenár gcomhghleacaithe CSD ar fud an Aontais Eorpaigh chun próisis éifeachtacha a bhunú chun na gearáin sin a tharchur agus tá siad ag obair go gníomhach freisin sa Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha chun nósanna imeachta comhaontaithe láimhseála gearán a fhorbairt idir CSDanna.

Mar chuid dár ról mar rialálaí nua, leanfaimid orainn de bheith ag plé le gearánaithe agus ardáin araon chun tuiscint a chinntiú ar ár bpróisis agus a gcur chun feidhme i gcomhréir leis an reachtaíocht. Tá sé sin an-luachmhar d'obair an Choimisiúin agus cuidíonn sé le comhthuiscint a bhunú ar phróiseas gearán GSD faoi ARCME2009-2022

In 2024, fuair an Coimisiún 322 gearán féideartha GSD le measúnú.

As an 322 gearán a fuair an Coimisiún lena measúnú in 2024, ba ghearánaigh lonnaithe in Éirinn a chuir 68 díobh isteach. Cuireadh an 254 gearán eile chuig an gCoimisiún ó CSDanna i mBallstáit eile toisc gur bhain an gearán le ISP atá bunaithe in Éirinn. Díobh sin, tarchuireadh 82 gearán chuig an gCoimisiún ó CSD na Gearmáine, agus tarchuireadh 39 eile ó CSD na hÍsiltíre. Tá miondealú iomlán ar na háiteanna ónar tarchuireadh gearáin leagtha amach thíos:

| Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha tarchurtha ó | Líon na ngearán |
|---|---|
| CSD na Gearmáine | 82 |
| CSD na hÍsiltíre | 39 |
| CSD na Fionlainne | 33 |
| CSD na Danmhairge | 19 |
| CSD na hOstaire | 13 |
| CSD na Gréige | 11 |
| CSD na Seicia | 8 |
| CSD na Portaingéile | 8 |
| CSD na Beilge | 7 |
| CSD na Sualainne | 7 |
| CSD na hUngáire | 6 |
| CSD na Slóvaice | 4 |
| CSD na hEastóine | 3 |
| CSD na hIodáile | 3 |
| CSD Lucsamburg | 3 |
| CSD Mhálta | 3 |
| CSD na Spáinne | 3 |
| CSD na Bulgáire | 1 |
| CSD na Slóivéine | 1 |
| **Iomlán** | **254** |

Le linn 2024, chuir an Coimisiún gearán amháin chuig CSD eile toisc gur bhain sé le ISP atá bunaithe ansin.

| Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha tarchurtha chuig | Líon na ngearán |
|---|---|
| CSD na Gearmáine | 1 |
| **Iomlán** | **1** |

Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora (ar lean)

As an 322 gearán a fuair an Coimisiún lena measúnú in 2024, cinneadh gur bhain 12 díobh seo le hairteagail den GSD a thagann faoi inniúlacht an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí . Dá réir sin, cuireadh an 12 ghearán sin chuig an gCoimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí mar an tÚdarás Inniúil.

Leanfaidh an Coimisiún de ghearáin GSD a phróiseáil amach anseo, i ndlúthchomhar le CSDanna eile agus leis an gCoimisiún Eorpach. Beidh faisnéis faoi ghearáin ina cuid thábhachtach den chaoi a ndéanaimid maoirseacht agus rialáil ar ardáin amach anseo.

## Ionad Teagmhála

Seoladh an tIonad Teagmhála, atá á bhainistiú ag ár bhfoireann Taithí Úsáideora, i mí Feabhra 2024 agus fís shoiléir aige: seirbhís struchtúrtha, éifeachtach agus eolasach a sholáthar d'úsáideoirí atá ag plé le gearáin a bhaineann leis an gCreat Sábháilteachta ar Líne, cóid agus rialacha craolacháin, agus fiosrúcháin ghinearálta i ndáil le tacaíocht agus forbairt earnáil na meán in Éirinn. Tá tairiscint úsáideoirlárnach ar ardchaighdeán aige atá simplí agus éasca le rochtain a fháil uirthi agus d'fhorbair sé de réir mar a tháinig bearta rialála i bhfeidhm. Tá réimse freagrachtaí ar an Ionad Teagmhála, lena n-áirítear déileáil le fiosrúcháin agus gearáin trí na bealaí teagmhála gutha, ríomhphoist agus litreacha i mBéarla agus i nGaeilge. Déantar gach teagmháil leis an ionad a logáil, a thriáiseáil agus a mheasúnú chun a fháil amach an bhfuil an fiosrúchán faoi raon feidhme rialála an Choimisiúin nó an gcaithfidh acmhainn eile, bíodh sé ina rialtóir nó ina sheirbhís phoiblí eile, cabhrú leis an úsáideoir agus comhairle ábhartha a chur ar fáil.

D'fhreagair an tIonad Teagmhála thart ar 1,400 fiosrúchán idir mí Feabhra agus mí na Nollag 2024, le meán de 3-5 idirghníomhaíocht in aghaidh an fhiosrúcháin mar gheall ar chastacht mhéadaitheach na gceisteanna. Déanann an fhoireann Taithí Úsáideora, atá freagrach as an Ionad Teagmhála, obair shuntasach maidir le fianaise a bhailiú, comhairle a thabhairt d'úsáideoirí, agus gearáin bhailí a ardú, lena n-áirítear measúnuithe réamhchéime agus bailíochta domhain a dhéanamh sula ndéantar cásanna a ardú chuig na foirne Gearán. Bunaíodh próiseas le haghaidh cásanna ardaithe a cuireadh ar aghaidh mar gheall ar shaincheisteanna casta agus íogaire nuair a seoladh an tIonad Teagmhála agus cinntíonn sé seo go ndéileálfar leis na cásanna seo go pras agus go héifeachtach chun tacú le húsáideoirí. I gcás inarb iomchuí, bhí gá comhoibriú le páirtithe leasmhara amhail Hotline.ie agus an Garda Síochána mar chuid den phróiseas le haghaidh cásanna méadaithe.

Le linn 2024, rinneadh an-chuid oibre chun próisis a fhorbairt, feabhas a chur ar láimhseáil cásanna, agus rannpháirteachas ardchaighdeáin le húsáideoirí a chinntiú. Ina theannta sin, thug an tIonad Teagmhála léargas bunaithe ar shonraí ar iompraíocht úsáideoirí, rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus fadhbanna a bhíonn ann arís agus arís eile ar fud ardán. Chomh maith leis sin, bhí na sonraí seo in ann samplaí fíorshaoil a sholáthar de thaithí úsáideoirí ar ardáin na meán sóisialta, rud a léiríonn castacht idirghníomhaíochtaí úsáideoirí, tionchar obair an Ionaid Teagmhála agus a chuireann eolas ar fáil do shainchúram rialála an Choimisiúin agus an Choimisiúin Eorpaigh.

Bíonn an tIonad Teagmhála oscailte ó Luan go hAoine ó 8am go 6pm, seachas ar laethanta saoire poiblí. Tá sé beartaithe amach anseo go leathnófar na bealaí cumarsáide chun comhrá gréasáin agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (físeán) a chuimsiú.

Tacaíocht agus Rannpháirteachas an Úsáideora (ar lean)

## Coiste Comhairleach don Ógra

Bunaithe i mí na Nollag 2023, is coiste reachtúil de Choimisiún na Meán é an Coiste Comhairleach don Ógra faoin Acht Craolacháin 2009 (arna leasú). Is é an ról atá aige cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le cúrsaí a bhaineann le daoine óga, agus é á chinntiú go gcuirfear a gcuid leasanna agus tuairimí san áireamh agus cinntí á ndéanamh ag an gCoimisiún.

Tá ionadaithe ó 11 eagraíocht a oibríonn le agus/nó thar ceann leanaí agus daoine óga ar an gCoiste, mar aon le 13 bhall ógánach idir 18-24 bliain d'aois. Cinntíonn an bhallraíocht sin go mbíonn réimse leathan dearcthaí agus taithí saoil mar bhonn le hobair Choimisiún na Meán.

Tar éis cruinniú tosaigh i mí na Nollag 2023, tháinig an Coiste le chéile gach ráithe i rith 2024. D'ailínigh an plé le príomhréimsí chlár oibre Choimisiún na Meán, agus thug an Coiste ionchur luachmhar maidir le:

- An Cód Sábháilteachta Ar Líne agus a chur i bhfeidhm
- Athbhreithniú an mhoratóra craolacháin
- Acmhainní oideachais do dhaoine óga, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí
- Eispéiris fuatha ar líne chun críocha bailithe faisnéise

Chun a chéad bhliain iomlán a cheiliúradh, rinne an Coiste meastóireacht i mí na Nollag 2024, ag machnamh ar a dtaithí agus ag tabhairt aiseolais chun a fhorbairt amach anseo a mhúnlú.

Leanann an Coiste Comhairleach don Ógra de bheith ag feidhmiú mar uirlis ríthábhachtach chun léargas a fháil ar thaithí leanaí agus daoine óga, ag cur le bunú tírdhreacha meán a sheasann le cearta, folláine agus forbairt leanaí agus lena rannpháirtíocht le hábhar.

Baill dár gCoiste Comhairleach don Óige



# Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024


| | |
|---|---|
| Eolas faoin gCoimisiún | 78 |
| An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí | 79 |
| An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 86 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 91 |
| An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 93 |
| An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach | 95 |
| An Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 96 |
| An Ráiteas faoi Shreafaí Airgid | 97 |
| Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 98 |

# Eolas faoin gCoimisiún

| | | |
|---|---|---|
| **Na Coimisinéirí** | Jeremy Godfrey<br>Celene Craig (téarma dar chríoch an 14 March 2024)<br>Niamh Hodnett<br>Rónán Ó Domhnaill<br>John Evans<br>Aoife MacEvilly (Arna ceapadh an 22 Iúil 2024) | |
| **Seoladh** | 1 Foirgnimh Shíol Bhroin,<br>Bóthar Shíol Bhroin,<br>Baile Átha Cliath 4, D04 NP20. | |
| **Aturnaetha** | William Fry LLP<br>2 Cearnóg na Canálach Móire<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>Beauchamps LLP<br>Cois Abhann a Dó<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>Byrne Wallace<br>88 Sráid Fhearchair<br>Toghroinn Chaoimhín<br>Baile Átha Cliath 2 | Hayes Solicitors<br>Áras Uí Labhraí<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>McCann Fitzgerald<br>Cois Abhann a hAon<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>Philip Lee<br>7/8 Ardán Wilton<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí** | AIB<br>1 - 4 Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 | Banc na hÉireann<br>Faiche Stiabhna<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 | |

# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí

Bunaíodh Coimisiún na Meán le héifeacht ón 15 Márta 2023 de thoradh fhorálacha an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 ("Acht OSMR, 2022"). Síníodh Acht OSMR, 2022 ina dhlí an 10 Nollaig 2022. I gcomhréir le forálacha aistrithe Acht OSMR, 2022, díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI"), a bhí ann roimhe sin, nuair a bunaíodh Coimisiún na Meán. Ghlac Coimisiún na Meán le feidhmeanna, sócmhainní, dliteanais agus foireann BAI agus forléiríodh an uile thagairt do BAI i ngach conradh agus ionstraimí dlí eile feasta mar thagairtí do Choimisiún na Meán. Maidir leis na feidhmeanna uile a bhí dílsithe do BAI nó do choistí reachtúla díreach roimh lá an bhunaithe, rinneadh iad a aistriú chuig Coimisiún na Meán ar dháta an bhunaithe. Déantar foráil le Cuid 16 d'Acht OSMR, 2022 d'aistriú foirne, feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanas chuig an gCoimisiún.

Feidhmíonn Coimisiún na Meán i gcomhréir leis an Acht Craolacháin 2009, arna leasú ("an tAcht") go príomha.

I dteannta tabhairt faoi fheidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann mar an rialálaí chun craoladh a dhéanamh in Éirinn, tá Coimisiún na Meán freagrach as an gcreat rialála le haghaidh sábháilteacht ar líne, rialáil seirbhísí ar éileamh agus closamhairc ar líne, agus as tacú le hearnáil na meán agus as í a fhorbairt in Éirinn.

Tá Coimisiún na Meán faoi stiúir Cathaoirleach Feidhmiúcháin agus ceathrar Coimisinéirí; tugtar an Coimisiún orthu i dteannta a chéile.

Ceapann an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus Meán comhaltaí an Choimisiúin de bhun alt 11 den Acht.

Leagtar cumhachtaí agus feidhmeanna Choimisiún na Meán amach in alt 7 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus tá cúram dea-rialachais air. Tugann sé faoin gcúram úd trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad.

De bhun alt 14 den Acht, déanfaidh an Cathaoirleach foireann, riarachán agus gnó an Choimisiúin a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú. Comhlíonann an Cathaoirleach a chuid feidhmeanna faoi réir cibé beartais a chinnfidh an Coimisiún ó thráth go chéile agus i gcomhréir le Ráiteas Straitéise agus Plean Oibre an Choimisiúin; ceanglaítear ar an gCoimisiún a leithéid a tharraingt suas agus a ghlacadh de bhun alt 29 den Acht. Ceanglaítear ar an gCathaoirleach, le halt 27 den Acht, fianaise a thabhairt do Choiste Dháil Éireann, arna iarraidh sin, maidir le rialtacht agus cuibheas idirbhearta an Choimisiúin, barainneacht agus éifeachtúlacht an Choimisiúin i dtaca le húsáid a chuid acmhainní, éifeachtacht oibríochtaí an Choimisiúin, agus aon ní ábhartha i dtuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Ina chéad bhliain iomlán oibríochta, chuir Coimisiún na Meán a fheidhmeanna i gcrích maidir lena chlár oibre bliantúil, a cuireadh faoi

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

bhráid an Aire de bhun Alt 29(7) den Acht. Sa dara leath de 2024, dhírigh Coimisiún na Meán ar a chéad Ráiteas Straitéise a fhorbairt. Foilsíodh an Ráiteas, lena gcumhdaítear an tréimhse 2025 – 2027, i mí Aibreáin 2025.

Féadfaidh an Coimisiún comhlíonadh feidhmeanna neamh-fhorchoimeádta a tharmligean chuig Coimisinéir, nó chuig ball foirne an Choimisiúin, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh sé, agus beidh an Coimisinéir, nó ball foirne an Choimisiúin, freagrach don Choimisiún as sin a chomhlíonadh agus i gcomhréir leis na forálacha sonracha a leagtar amach in alt 8 den Acht. Ní dhearnadh feidhmeanna ar bith a tharmligean le linn na tréimhse tuairiscithe agus rinne an Coimisiún an uile chinneadh.

Tá Coimisiún na Meán freagrach freisin as riar an Chiste Craolacháin agus as idirbhearta maidir leis an gCiste Craolacháin a cheadú. Baineann socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe Choimisiún na Meán leis an gCiste Craolacháin fosta.

Bhí comhaontú maoirseachta i bhfeidhm idir Coimisiún na Meán agus an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt le linn na tréimhse tuairiscithe. Ina theannta sin, bhí meabhrán tuisceana i bhfeidhm lenar cumhdaíodh freagracht Choimisiún na Meán faoi chiorclán 13/2014 i dtaca le maoiniú ón Státchiste.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Leagtar feidhmeanna agus cuspóirí an Choimisiúin amach san Acht. Leagtar freagrachtaí cinnteoireachta sonracha agus forchoimeádta an Choimisiúin amach i ‘Sceideal na Nithe atá Forchoimeádta lena gCinneadh ag an gCoimisiún’ (Schedule of Matters Reserved for Decision of the Commission) de chuid Choimisiún na Meán. Tá siad seo a leanas ar na buanmhíreanna a ndéanann an Coimisiún breithniú orthu:

- Dréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhreithniú agus a cheadú
- Dearbhuithe Leasa
- Nithe a bhaineann le feidhmeanna agus gnó Choimisiún na Meán

Déanann an Coimisiún breithniú ar an méid seo a leanas de réir mar is gá:

- Nithe a bhaineann le baint amach chuspóirí straitéiseacha Choimisiún na Meán
- Miontuairiscí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí
- An scéal is déanaí faoi rioscaí
- Nithe forchoimeádta

Ceanglaítear le halt 26 den Acht go gcoimeádfaidh an Coimisiún na leabhair agus na taifid chuntais go léir is cuí ar ioncam agus ar chaiteachas uile Choimisiún na Meán, agus ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus ar mhaoin, ar shócmhainní agus ar dhliteanais Choimisiún na Meán. Ina theannta sin, ceanglaítear go gcoimeádfaidh an Coimisiún na cuntais speisialta sin go léir a cheanglaítear le halt 26 den Acht, agus a n-ordóidh an Coimisiún, le toiliú an Aire, nó an tAire ina leith, ó am go ham, gur ceart iad a choimeád agus tabharfaidh sé cuntas ina leith.

Agus na ráitis airgeadais seo á réiteach aige, ceanglaíodh ar Choimisiún na Meán:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Coimisiún na Meán ar aghaidh ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann ráitis airgeadais Choimisiún na Meán agus an Chiste Craolacháin ailt 26, 27 agus 28 den Acht. Is é an Coimisiún atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún freagrach as sócmhainní Choimisiún na Meán a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Measann an Coimisiún go dtugann ráitis airgeadais Choimisiún na Meán léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Choimisiún na Meán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

### Ráiteas Straitéise agus clár oibre

De bhun alt 29 den Acht, a luaithe is indéanta i ndiaidh lá an bhunaithe, tá an Coimisiún freagrach as ráiteas straitéise, don tréimhse trí bliana díreach tar éis na bliana ina gcuirtear an ráiteas isteach, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

Sa dara leath de 2024, chuir Coimisiún na Meán tús lena chéad Ráitis Straitéise a fhorbairt. Tar éis comhairliúchán poiblí cuimsitheach agus próiseas rannpháirtíochta páirtithe leasmhara, foilsíodh Ráiteas Straitéise 2025-2027 i mí Aibreáin 2025. Bhí Clár Oibre 2025 ag gabháil leis an Ráiteas Straitéise, ina liostaítear tionscadail tosaíochta ar fud shainchúram Choimisiún na Meán maidir le sábháilteacht ar líne, forbairt agus rialáil earnáil na meán.

In 2024, chuir Coimisiún na Meán a fheidhmeanna i gcrích maidir lena chlár oibre bliantúil, a cuireadh faoi bhráid an Aire de bhun Alt 29(7) den Acht

## Struchtúr an Choimisiúin

De bhun fhorálacha alt 11 den Acht, is é a bheidh ar an gCoimisiún cathaoirleach agus cibé líon comhaltaí lánaimseartha eile, nach lú ná triúr ná nach mó ná seisear, a chinnfidh an tAire.

Rinne an tAire an Cathaoirleach agus gach duine de na Coimisinéirí eile a cheapadh ar mholadh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Sonraítear sa tábla thíos an dáta a ceapadh an Cathaoirleach agus na Coimisinéirí a bhí ag obair le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choimisiúin.

| An Coimisinéir | Ról | Ceapadh den chéad uair é/í | Dáta Éaga | Tinreamh |
|---|---|---|---|---|
| Jeremy Godfrey | Cathaoirleach | 15/3/2023 | 14/3/2028 | 49/57 |
| Celene Craig | Craolachán | 15/3/2023 | 14/3/2024 | 9/9 |
| Niamh Hodnett | Sábháilteacht ar Líne | 15/3/2023 | 14/3/2028 | 39/57 |
| Rónán Ó Domhnaill | Forbairt na Meán | 15/3/2023 | 14/3/2028 | 50/57 |
| John Evans | Seirbhísí Digiteacha | 24/7/2023 | 23/7/2028 | 38/57 |
| Aoife MacEvilly | Craoltóireacht agus Físeáin ar Éileamh | 22/7/2024 | 21/7/229 | 29/29 |

D'éirigh Celene Craig as oifig an 14 Márta 2024.

Ceapadh Aoife MacEvilly an 22 Iúil 2024.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

## An Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí (ARC)

Chuir an Coimisiún Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ar bun freisin. In 2024, bhí beirt Choimisinéirí, Cathaoirleach neamhspleách amháin agus comhalta neamhspleách amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais ar an gCoiste. Cheap an Coimisiún comhalta seachtrach breise chun an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí i mí Eanáir 2025. Leagtar ról an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí amach i dtéarmaí tagartha arna gceadú ag an gCoimisiún agus is é an cuspóir atá aige cuidiú leis an gCoimisiún i dtaca lena chuid freagrachtaí de bhun na nAchtanna Craolacháin agus um Rialáil Meán Eile, 2009 agus 2022 (“BOMRA”) agus An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (“an Cód”), dála rioscaí, rialú inmheánach agus dearbhú lena mbaineann. De réir na dtéarmaí tagartha, ní féidir níos mó ná seisear a bheith sa bhallraíocht — beirt Choimisinéirí ar a mhéad agus ceathrar comhaltaí seachtracha neamhspleácha ar a mhéad.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí, atá neamhspleách ar Chathaoirleach Feidhmiúcháin an Choimisiúin agus ar lucht bainistíochta Choimisiún na Meán, cinnte de go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánaigh Choimisiún na Meán, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí rioscaí agus iniúchta. Athbhreithníonn an Coimisiún miontuairiscí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí i ndiaidh gach cruinnithe agus tugann ARC tuairisc go foirmiúil, i scríbhinn, gach bliain.

Sonraítear sa tábla thíos an dáta ar ceapadh comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí a bhí ag obair le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024.

| Comhalta | Ról | Ceapadh den chéad uair é/í | Dáta Éaga |
|---|---|---|---|
| Patricia Byron | Cathaoirleach Neamhspleách | 25/05/2023 | 31/12/2025 |
| Niamh Hodnett | Coimisinéir | 25/05/2023 | 31/12/2025 |
| Ciara Lynch | Comhalta Airgeadais Neamhspleách | 01/12/2023 | 30/11/2026 |
| Aoife MacEvilly | Coimisinéir | 12/09/2024 | 11/09/2027 |

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí don Tréimhse, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

| | Táillí €’000 | Costais €’000 | Tinreamh |
|---|---|---|---|
| **An Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí** | | | |
| Patricia Byron | 8 | - | 5/5 |
| Niamh Hodnett | - | - | 5/5 |
| Ciara Lynch | 5 | - | 5/5 |
| Aoife MacEvilly | - | - | 2/2 |
| | **13** | **-** | |

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

## Coinbhleachtaí Leasa

Ghlac an Coimisiún le nósanna imeachta de réir fhorálacha BOMRA agus na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Choimisiúin agus chloígh an Coimisiún leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

## Príomhathruithe Pearsanra

Bunaíodh Coimisiún na Meán le héifeacht ón 15 Márta 2023 de thoradh fhorálacha Acht OSMR, 2022. Léirítear i struchtúr an Choimisiúin a leagtar amach thuas an príomhphearsanra agus na dátaí a ceapadh iad.

Ceapadh Celene Craig, a bhíodh ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Údarás Craolacháin na hÉireann, ina Coimisinéir Craolacháin ar feadh téarma seasta de bhliain amháin. D'éirigh sí as nuair a chuaigh a téarma in éag an 14 Márta 2024. I ndiaidh comórtas a ritheadh de bhun alt 11 den Acht, cheap an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus Meán Aoife MacEvilly mar an Coimisinéir um Chraoltóireacht agus Físeáin ar Éileamh le héifeacht ón 22 Iúil 2024.

## Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Ghlac an Coimisiún an Cód a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis na gCód na nithe seo a leanas a nochtadh:

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe (Coimisinéirí san áireamh)**

Rangaítear sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 sna bandaí seo a leanas:

| Raon sochar iomlán na bhfostaithe<br>Ó – Go dtí | 2024<br>12 mhí | 2023<br>9.5 mí |
|---|---|---|
| €60,000 – €69,999 | 19 | 4 |
| €70,000 – €79,999 | 12 | 7 |
| €80,000 – €89,999 | 10 | 3 |
| €90,000 – €99,999 | 8 | - |
| €100,000 – €109,999 | 15 | - |
| €110,000 – €119,999 | 3 | - |
| €120,000 – €129,999 | - | - |
| €130,000 – €139,999 | - | - |
| €140,000 – €149,999 | - | 3 |
| €180,000 – €189,999 | 3 | - |
| €190,000 – €199,999 | - | 1 |
| €250,000 – €259,999 | 1 | - |

Maidir leis an nochtadh seo, áirítear a leanas le sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe i dtaca le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh ar son an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC de chuid na bhfostóirí.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

## Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a thabhairt don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna 'gnó mar is gnáth' a bhíonn seachfhoinsithe agus costais dlí a bhaineann le himeachtaí dlí.

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 2,958 | 1,632 |
| Sainchomhairle | 402 | 780 |
| Taighde Margaidh | 321 | 301 |
| Táillí Sainchomhairleoireachta Eile | 52 | 109 |
| **Costais sainchomhairleoireachta iomlána** | **3,733** | **2,822** |
| | | |
| Costais sainchomhairleoireachta arna gcaipitliú | - | - |
| Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 3,733 | 2,822 |
| **Iomlán** | **3,733** | **2,822** |

## Costais Dlí agus Socraíochtaí

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i dtaca le costais dlí a bhaineann le himeachtaí dlíthiúla, socraíochtaí agus íocaíochtaí réitigh agus eadrána. Ní chuimsítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a cuireadh ar an gCoimisiún agus a nochtar sna Costais Sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Costais dlí a bhaineann le himeachtaí dlí | 2,858 | - |
| Socraíochtaí | - | - |
| Íocaíochtaí réitigh agus eadrána | - | - |
| **Iomlán** | **2,858** | **-** |

Léiríonn na Costais Dlí a bhaineann le himeachtaí dlíthiúla na costais a bhaineann le ceithre chaingean dlí. Áirítear leis sin meastachán ar dhliteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn do thríú páirtithe, i ndáil le caingne dlí ar tugadh fógra fúthu roimh dheireadh na bliana mar a leagtar amach i nóta 15.

Mar gheall ar chineál a chuid oibríochtaí, tá an Coimisiún páirteach i gcaingne dlí, go príomha imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh maidir lena chinntí.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangaítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Intíre | 21 | 14 |
| Eachtrach | 183 | 36 |
| | **204** | **50** |

Taifeadtar caiteachas taistil agus cothaithe na bhfostaithe mar Chostas Riaracháin.

## Caiteachas Fáilteachais

Tá caiteachas fáilteachais san áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas. Ceanglaítear leis An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go mbeidh costais a bhaineann le Clár Folláine na bhFostaithe san áireamh sa chatagóir seo.

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Clár Folláine na bhFostaithe | 84 | 13 |
| | **84** | **13** |

## An Ráiteas faoi Chomhlíonadh

De bharr shainchúram agus ról suntasach an Choimisiúin, leanann an Coimisiún ar aghaidh ag forbairt agus ag daingniú an mhéid seo a leanas d'fhonn a chinntiú go bhfuil prionsabail an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) á gcomhlíonadh: struchtúir nua; rialachas; nósanna imeachta na bainistíochta rioscaí; agus beartais agus nósanna imeachta athbhreithnithe.

Ar mhaithe leis an trédhearcacht, sainaithníodh an laige seo a leanas sa rialú inmheánach, agus tarraingíodh anuas í de réir mar ba chuí:

Cuireadh Clár Rioscaí Corparáide Choimisiún na Meán i bhfeidhm, ach ní dhearnadh forbairt ar chláir rioscaí roinne chun rioscaí a ghabháil agus a bhainistiú ar chéim an oibriúcháin ar fud na heagraíochta go dtí mí na Nollag 2024. Rinneadh obair shuntasach, ar cuireadh tús léi in 2024, chun a chinntiú go bhfuil Creat Rialaithe Inmheánaigh i bhfeidhm chun na príomhrialuithe uile a ghabháil agus le monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht ó am go chéile. Tá sé sin curtha i gcrích agus formheasta ag an gCoimisiún anois.



**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**
Dáta: 27 Samhain 2025

# An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon na Freagrachta

Ar son Choimisiún na Meán, aithnímid an fhreagracht atá ar an gCoimisiún as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i leith Choimisiún na Meán agus an Chiste Craolacháin. Tá ceanglais An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a Rialú san áireamh sa fhreagracht sin.

## Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal measartha seachas fáil réidh leis. Dá bharr sin ní féidir leis an gcóras ach gealltanas réasúnta agus ní ceann iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní cosanta, na hidirbhearta ceadaithe agus taifead ceart déanta orthu, agus go gcuirtear cosc le hearráidí nó mírialtachtaí ábhair nó go dtabharfar faoi deara iad go pras.

Tá struchtúir shainithe á mbunú ag Coimisiún na Meán i rith an ama d'fhonn an Córas Rialuithe Inmheánacha ("SIC") a rialú, a riar agus a thaifeadadh. Cé go bhfuil na struchtúir sin i mbun forbartha de thairbhe na n-athruithe san eagraíocht nuabhunaithe, cuireadh bunchórais rialachais faoi choinne fheidhmiú Choimisiún na Meán ar fáil sna struchtúir sin. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu siúd mar seo a leanas:

- Tá Coimisiún na Meán faoi stiúir Cathaoirleach Feidhmiúcháin agus ceathrar Coimisinéirí;
- Bhí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag a raibh téarmaí tagartha foirmiúla i bhfeidhm le linn 2024 le Cathaoirleach neamhspleách agus comhalta neamhspleách. Ceapadh comhalta neamhspleách breise i mí Eanáir 2025;
- Tá comhaltaí den Lucht Ardbhainistíochta á gceapadh chun ról ríthábhachtach; agus
- Rinneadh forbairt ar Chlár Rioscaí Corparáide agus déantar é a nuashonrú go tráthrialta.

Faoi réir fhorálacha an Achta seo, tá an Coimisiún neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé faoin gcúram úd trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad. Is iad an fhoireann Coimisinéirí, ina bhfuil cúigear comhaltaí, Cathaoirleach Feidhmiúcháin san áireamh, na cinnteoirí deiridh i gCoimisiún na Meán.

Chuir Coimisiún na Meán Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ar bun in 2023. Tá ar an gCoiste Coimisinéir amháin, Cathaoirleach seachtrach neamhspleách agus comhalta seachtrach neamhspleách ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta ar mhaithe le ceanglais an Chóid a chomhlíonadh. Chuir Coimisiún na Meán an dara Coimisinéir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí in 2024 agus cheap sé comhalta seachtrach breise chun an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí i mí Eanáir 2025. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí le chéile cúig huaire in 2024.

## An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach (ar lean)

Is iad na dualgais agus na freagrachtaí atá ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí, mar a leagtar amach ina théarmaí tagartha, a thug an Coimisiún cothrom le dáta agus a d'fhormheas sé in 2024, tacaíocht a thabhairt don Choimisiún ina chuid freagrachtaí maidir le saincheisteanna rioscaí, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe i dtaca le riachtanais dearbhaithe an Choimisiúin agus an Oifigigh Cuntasaíochta a chomhlíonadh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar shláine na ndearbhuithe sin.

Beireann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí comhairle don Choimisiún faoin méid seo a leanas:

- na próisis straitéiseacha i ndáil le rioscaí, rialú inmheánach agus rialachas;
- na beartais chuntasaíochta, na ráitis airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil na heagraíochta, lena n-áirítear an próiseas le haghaidh athbhreithniú ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach iad don iniúchadh, méid na n-earráidí a aithnítear, agus litir uiríll an lucht bainistíochta chuig na hiniúchóirí seachtracha;
- an ghníomhaíocht atá beartaithe agus torthaí na n-iniúchtaí, idir inmheánach agus seachtrach;
- cuibheas fhreagra an lucht bainistíochta ar shaincheisteanna a aithnítear i ngníomhaíocht iniúchta, lena n-áirítear litir uiríll an lucht bainistíochta maidir leis an iniúchadh seachtrach;
- dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht rioscaí agus ceanglais rialachais chorparáidigh don chomhlacht stáit;
- (más cuí) tograí chun tairiscint a chur isteach ar sheirbhísí iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh nó chun seirbhísí neamh-iniúchóireachta a cheannach ó chonraitheoirí a chuireann seirbhísí iniúchóireachta ar fáil;
- beartais frithchalaoise, próisis um nochtadh cosanta, agus socruithe i gcomhair imscrúduithe speisialta; agus

Ina theannta sin, déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí athbhreithniú ar a éifeachtacht go tráthrialta agus tugann sé tuairisc faoi thorthaí an athbhreithnithe don Choimisiún.

Tá treoir, rialú agus bainistíocht laethúil Choimisiún na Meán faoi chúram an Chathaoirligh Feidhmiúcháin, na gCoimisinéirí agus na Foirne Ardbhainistíochta.

Gníomhaíonn na Coimisinéirí mar fhoras ceannaireachta agus cinnteoireachta coláisteach do Choimisiún na Meán. Ní mór don fhoireann ardbhainistíochta agus don fhoireann an treoir straitéiseach atá leagtha síos ag an gCoimisiún a leanúint, agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir acu uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha is dóigh a thiocfaidh chun cinn.

Is ceanglas sa Bheartas Bainistíochta Rioscaí eatramhach é Clár Rioscaí Corparáide agus Cláir Rioscaí Tionscadal/Oibriúcháin a fhorbairt. Sonraítear go soiléir sa Bheartas go bhfuil Príomhoifigeach Rioscaí Choimisiún na Meán, mar aon leis an bhFoireann Ardbhainistíochta, na Bainisteoirí agus an Fhoireann uile, freagrach as bainistíocht rioscaí, agus go bhfuil freagracht ar fhostaithe uile Choimisiún na Meán as tuairisciú don Lucht Bainistíochta, as aon rioscaí a bhaineann lena réimse oibre a bhainistiú, agus as cur leis an bpróiseas rialaithe chun na rioscaí sin a aithnítear a mhaolú go leibhéal inghlactha. D'fhorbair agus ghlac an Coimisiún Beartas maidir le Creat Bainistíochta Riosca in 2025, a tháinig in ionad an Bheartais Bainistíochta Riosca eatramhaigh.

An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach (ar lean)

## Creat Bainistíochta Riosca

Chuir an Coimisiún Creat Bainistíochta Rioscaí i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin agus straitéiseacha Choimisiún na Meán. Ba éard a bhí sa chreat Beartas (Eatramhach) Bainistíochta Rioscaí Choimisiún na Meán, a Ráiteas (Eatramhach) Inghlacthachta Rioscaí agus a Chlár Rioscaí Corparáide, mar aon le bearta freagrachta trí rioscaí a thuairisciú go tráthrialta san eagraíocht uile.

Cuireadh an creat iomlán le haghaidh bainistíocht rioscaí i gCoimisiún na Meán ar fáil sa Bheartas (Eatramhach) Bainistíochta Rioscaí. Leagan nuashonraithe de Bheartas Bainistíochta Rioscaí Údarás Craolacháin na hÉireann is ea é sin, arna ghlacadh ag Coimisiún na Meán ar bhonn eatramhach.

Cuireadh creat rialaithe rioscaí do Choimisiún na Meán ar fáil sa Bheartas (Eatramhach) Bainistíochta Rioscaí, rud a chinntíonn cinnteoireacht atá bunaithe ar rioscaí, ag féachaint don inghlacthacht rioscaí agus do na lamháltais bhainteacha a aithnítear sa Ráiteas Inghlacthachta Rioscaí. Sonraítear sa Bheartas (Eatramhach) Bainistíochta Rioscaí róil agus cúraimí na foirne maidir le bainistiú rioscaí, lena n-áirítear úinéireacht rioscaí agus critéir agus nósanna imeachta um ghéarú rioscaí. Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Bainistíochta Riosca (Eatramhach) mar chuid de thionscadal nach beag ar cuireadh tús leis in 2024 chun creat rialaithe inmheánaigh láidir agus Beartas maidir le Creat Bainistithe Riosca a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ina léirítear próifíl rioscaí, riachtanais agus castacht na heagraíochta nuaí.

## Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá Clár Rioscaí Corparáide i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí agus na neamhchinnteachtaí corparáideacha agus straitéiseacha atá roimh Choimisiún na Meán, agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Cuireadh tús leis an obair in 2024 agus tugadh chun críche í in 2025 chun a chinntiú go bhfuil Clár Rioscaí Roinne iomchuí ag gach ceann de na seacht Rannóg nua. Sonraíonn na cláir chomhlánaithe na rialuithe agus na gníomhartha breise a mheastar atá riachtanach chun na rioscaí a shainaithnítear a mhaolú agus a bhainistiú.

Áirítear leis na córais bainistíochta rioscaí fosta Ráiteas (Eatramhach) Inghlacthachta Rioscaí Choimisiún na Meán arna ghlacadh tráth an bhunaithe. Sainaithnítear sa Ráiteas téamaí riosca do Choimisiún na Meán, ach rinneadh tuilleadh oibre in 2025 chun Inghlacthacht Riosca nua a fhorbairt a bheadh oiriúnach d'eagraíocht leathnaithe. Aithníodh leibhéal inghlacthachta riosca do gach ceann de na catagóirí riosca agus lamháltais rioscaí agus leagtar amach sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca nua é. Ba mhír ar an gclár oibre é an riosca ag cruinnithe an Choimisiúin gach ráithe agus ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí. Athbhreithníonn an Coimisiún an Clár Rioscaí Corparáide ar bhonn ráithiúil agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí athbhreithniú air ag gach cruinniú.

## Creat Rialaithe

Mar a shonraítear thuas, bhí Coimisiún na Meán i mbun gnó agus úsáid á bhaint aige as creat rialaithe a fuair sé le hoidhreacht, tráth a bhunaithe, ó Údarás Craolacháin na hÉireann. Aithnítear nach bhfuil an creat le haghaidh rialuithe inmheánacha ná na cleachtais bainistíochta rioscaí a fuarthas le hoidhreacht ó Údarás Craolacháin na hÉireann sách oiriúnach do Choimisiún na Meán. Tá tuilleadh oibre le déanamh chun próisis agus rialuithe rialachais a cheapadh le haghaidh rialachas corparáideach agus le próisis oibriúcháin a rialú, is próisis atá mar bhonn agus thaca ag comhlíonadh fheidhmeanna nua Choimisiún na Meán. Mar sin féin, forbraíodh Creat Rialaithe Inmheánaigh nua don Choimisiún in 2025.

Cé go bhfuil na struchtúir sin i mbun forbartha, cuireadh bunchórais rialachais faoi choinne fheidhmiú Choimisiún na Meán le linn na tréimhse ar fáil sna struchtúir atá i bhfeidhm agus a fuarthas le hoidhreacht ó Údarás Craolacháin na hÉireann. Áiríodh leis na rialuithe úd:

An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach (ar lean)

- Leagadh amach na cúraimí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le freagracht chomhfhreagrach,
- Is ann do phróiseas buiséadaithe chun buiséad bliantúil a thiomsú a leanann an Coimisiún d'athbhreithniú a dhéanamh air.
- Tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann maidir le ceadú deontas agus le monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe lena chinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm don chuspóir a bhí beartaithe.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Chuir Coimisiún na Meán a fheidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí amach ar conradh. Tá an feidhmeannas Iniúchóireachta Inmheánaí freagrach don Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí as measúnú neamhspleách oibiachtúil a dhéanamh ar phróisis bainistíochta rioscaí, rialaithe agus rialachais. Déanann an feidhmeannas Iniúchóireachta Inmheánaí scrúdú ar leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras, na ndaoine, agus na bpróiseas chun rioscaí féideartha agus réimsí ar féidir iad a fheabhsú a aithint.

Leanann an feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí air ag obair go dlúth leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí lena chinntiú go gcomhaontófar clár oibre atá bunaithe ar rioscaí. Chomhaontaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí agus an Coimisiún creat agus plean iniúchóireachta inmheánaí in 2024.

## Soláthar

Deimhnímid go bhfuil beartas Soláthair i bhfeidhm ag Coimisiún na Meán agus go bhfuil nuashonrú á dhéanamh ar na nósanna imeachta gaolmhara chun fás na heagraíochta a léiriú lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair.

## Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Deimhnímid go ndearna Coimisiún na Meán athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialacha inmheánacha do thréimhse airgeadais 2024. Chuir obair a rinne an lucht ardbhainistíochta, an t-iniúchóir inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí bonn eolas faoin athbhreithniú sin. Ceapadh na hIniúchóirí Inmheánacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe inmheánacha agus tosaíodh ar an obair sin i mí Feabhra 2025. Cuireadh an t-athbhreithniú ar an ráiteas maidir le rialuithe inmheánacha faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ag an gcruinniú a bhí ar siúl an 20 Márta 2025.

Sonraítear in An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha chomh luath agus is féidir i ndiaidh dheireadh na tréimhse airgeadais faoi athbhreithniú, agus tráth nach déanaí ná trí mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse. Cuireadh an t-athbhreithniú deiridh faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon le tuairisc faoin obair a rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí, ag an gcruinniú a bhí ar siúl ar an 27 Samhain 2025.

Sonraítear saincheisteanna a tugadh faoi deara mar chuid den athbhreithniú sin sa chéad mhír eile thíos. Bronnadh rátáil "Teoranta" ar an athbhreithniú ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha, áfach.[1]

1 Is ann do laigí sa chóras rialaithe agus, dá thairbhe sin, tá dearbhú teoranta ann go bhfuil bainistiú éifeachtach á dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an gcóras iniúchta sin. Níl rialuithe á gcur chun feidhme go comhsheasmhach nó níl siad ag feidhmiú go héifeachtach. Ní chloíonn an réimse in-iniúchta, ar bhealach sásúil, le beartais agus nósanna imeachta is infheidhme, caighdeáin oibriúcháin, agus/nó cleachtais ghnó fhónta. Tugann rátáil dearbhaithe theoranta easnaimh le fios, arb easnaimh iad a chuireann baint amach cuspóirí sannta feidhmíochta/gnó i gcontúirt agus a éilíonn ceartú gasta chun caighdeáin inghlactha a chomhlíonadh.

I dteannta leis an méid sin thuas, bhain an Coimisiún leas as tríú páirtí chun athbhreithniú agus measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar acmhainní agus ar struchtúr a aonaid Airgeadais le linn 2024. Tá an Coimisiún i ndiaidh a bhfeidhmeannais Airgeadais agus Rialachais a athrú ó thaobh struchtúir agus soláthar foirne de. Lena chois sin, tá moltaí eile ón tuarascáil sin á n-athbhreithniú aige agus tá sé ag dul i ngleic leo.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Ar mhaithe leis an trédhearcacht, sainaithníodh an laige seo a leanas sa rialú inmheánach:

- Cuireadh Clár Rioscaí Corparáide Choimisiún na Meán i bhfeidhm, ach ní dhearnadh forbairt ar chláir rioscaí roinne chun rioscaí a ghabháil agus a bhainistiú ar chéim an oibriúcháin ar fud na heagraíochta go dtí mí na Nollag 2024. Rinneadh obair shuntasach, ar cuireadh tús léi in 2024, chun a chinntiú go bhfuil Creat Rialaithe Inmheánaigh i bhfeidhm chun na príomhrialuithe uile a ghabháil agus le monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht ó am go chéile. Tá sé sin curtha i gcrích agus formheasta ag an gCoimisiún anois.

Mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha arna dhéanamh ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí, sainaithníodh na laigí seo a leanas:

- Níor dréachtaíodh roinnt beartas agus nósanna imeachta ná níor tugadh cothrom le dáta iad chun na riachtanais agus na cleachtais reatha laistigh de Choimisiún na Meán a léiriú go cruinn. Ina theannta sin, sainaithníodh bearnaí maidir le hoiliúint a sholáthar agus maidir le beartais agus nósanna imeachta a chur in iúl go sásúil don fhoireann uile
- Bunaíodh Clár Rioscaí Corparáide; ach ní dhearnadh forbairt ar chláir rioscaí oibriúcháin chun rioscaí a ghabháil agus a bhainistiú ag céim an oibriúcháin ar fud na heagraíochta go dtí deireadh 2024.
- Ní raibh Creat Rialaithe Inmheánaigh (nó córais eile dá shamhail) i bhfeidhm leis na príomhrialuithe uile a ghabháil agus le monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht ó am go chéile.

Ghlac an Coimisiún le torthaí an iniúchta agus leis na moltaí gaolmhara agus gheall sé go gcuirfeadh sé plean le chéile ar fud an ghnóthais leis na bearnaí rialaithe a sainaithníodh a dhruidim. Tá Cláir Rioscaí Roinne formheasta ag an gCoimisiún ó shin chomh maith le Creat Rialaithe Inmheánaigh.

**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**
Dáta: 27 Samhain 2025

**Aoife MacEvilly**
**Coimisinéir**
Dáta: 27 Samhain 2025

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

### Coimisiún na Meán

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Coimisiún na Meán for the year ended 31 December 2024 as required under the provisions of section 26 of the Broadcasting Act 2009 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of Coimisiún na Meán at 31 December 2024 and of its income and expenditure for 2024 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Coimisiún na Meán and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

Coimisiún na Meán has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Commissioners' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Paula O'Connor**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**2 December 2025**

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

## Appendix to the report

### Responsibilities of Coimisiún na Meán

As detailed in the governance statement and Commissioners' report, the Commissioners are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 26 of the Broadcasting Act 2009 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 26 of the Broadcasting Act 2009 (as amended) to audit the financial statements of Coimisiún na Meán and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on Coimisiún na Meán's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause Coimisiún na Meán to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

# An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 Seirbhís clár teilifíse Tobhach € '000 | 2024 Seirbhís craolacháin fuaime Tobhach € '000 | 2024 Seirbhís meán closamhairc ar éileamh Tobhach € '000 | 2024 Seirbhís ainmnithe ar líne Tobhach € '000 | 2024 Seirbhís idirmhódúil Státchiste € '000 | 2024 Seirbhís óstála Státchiste € '000 | 2024 Aisíocaíocht ón gCiste Craolacháin Státchiste € '000 | 2024 12 mhí Móriomlán € '000 | 2023 9.5 mí Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | | | | | | | | | | |
| Ioncam tobhaigh | 2 (a) | 4,090 | 2,603 | 5,127 | 16,210 | - | - | - | 28,030 | 4,191 |
| Deontas an Oireachtais | 2 (b) | - | - | - | - | 11,309 | 500 | - | 11,809 | 8,355 |
| Táillí Ceadúnúcháin | 3 | 65 | - | - | - | - | - | - | 65 | 69 |
| Ioncam Eile | 4 | 3 | 1 | 2 | 7 | 5 | - | 1,605 | 1,623 | 887 |
| **Ioncam Comhlán** | | **4,158** | **2,604** | **5,129** | **16,217** | **11,314** | **500** | **1,605** | **41,527** | **13,502** |
| **Caiteachas** | | | | | | | | | | |
| Costais tuarastail | 5 | 1,891 | 998 | 299 | 3,124 | 5,363 | 183 | 888 | 12,746 | 3,603 |
| Costais Sochair Scoir | | 265 | 138 | 42 | 452 | 737 | 26 | 118 | 1,778 | 507 |
| Táillí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí | | 2 | 1 | - | 8 | 7 | - | - | 18 | 8 |
| Táillí Gairmiúla & Sainchomhairleoireachta | 7 | 344 | 304 | 95 | 669 | 1,413 | 44 | 287 | 3,156 | 2,841 |
| Táillí Dlí | 8 | (21) | 9 | 262 | 4,183 | 1,221 | 165 | (3) | 5,816 | 1,632 |
| Costais Riaracháin | 9 | 353 | 254 | 94 | 1,417 | 1,633 | 77 | 244 | 4,072 | 1,205 |
| Luach saothair na nIniúchóirí | | 2 | 1 | - | 7 | 6 | 1 | 9 | 26 | 17 |
| Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha | 10 | 293 | 370 | 16 | - | - | - | - | 679 | 596 |
| Áitreabh agus Caiteachas lena mBaineann | 11 | 283 | 107 | 44 | 1,038 | 877 | 63 | 57 | 2,469 | 968 |
| Ús agus Táillí an Bhainc | | 13 | 4 | 2 | 46 | 40 | 3 | 2 | 110 | 17 |
| Dímheas | 12 | 5 | 2 | 1 | 19 | 16 | 1 | 2 | 46 | 55 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **3,430** | **2,188** | **855** | **10,963** | **11,313** | **563** | **1,604** | **30,916** | **11,449** |
| **Barrachas / (Easnamh) Ioncaim thar Caiteachas** | | **728** | **416** | **4,274** | **5,254** | **1** | **(63)** | **1** | **10,611** | **2,053** |
| Aisíoc an Tobhaigh | 2 (a) | (731) | (419) | (4,275) | (5,264) | - | - | - | (10,689) | (1,683) |
| Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | 16 | 3 | 3 | 1 | 10 | 8 | 1 | 2 | 28 | (165) |
| **Barrachas / (Easnamh) i ndiaidh aisíoc an Tobhaigh agus aistrithe** | | **-** | **-** | **-** | **-** | **9** | **(62)** | **3** | **(50)** | **205** |
| Barrachas a tugadh ar aghaidh ag tús na tréimhse | | | | | | | | | 505 | 300 |
| **Barrachas amhail an 31 Nollaig** | | | | | | | | | **455** | **505** |

An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe (ar lean)

**Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Cheadaigh an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 27 Samhain 2025 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**

**Aoife MacEvilly**
**Coimisinéir**

# An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

| | 2024 12 mhí €'000 | 2023 9.5 mí €'000 |
|---|---|---|
| (Easnamh) / Barrachas i ndiaidh Aisíoc an Tobhaigh | (50) | 205 |
| Caillteanas ó thaithí ar dhliteanais na scéime sochair scoir | (7,895) | (2,252) |
| Athruithe ar thoimhdí is bunús le luach láithreach oibleagáidí na scéime sochair scoir | 2,959 | (726) |
| Caillteanas achtúireach iomlán le linn na tréimhse | (4,936) | (2,978) |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha Sochair Scoir ón Státchiste | 4,936 | 2,978 |
| **(Caiteachas) / Ioncam Cuimsitheach eile don tréimhse** | **(50)** | **205** |

**Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Cheadaigh an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 27 Samhain 2025 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**

**Aoife MacEvilly**
**Coimisinéir**

# An Ráiteas faoin Staid Airgeadais

## Amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 31 Nollaig 2024 € '000 | 31 Nollaig 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 12 | 166 | 194 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 13 | 4,209 | 1,060 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 14 | 12,430 | 5,161 |
| | | **16,639** | **6,221** |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | 15 | (16,184) | (5,716) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **455** | **505** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Shochair Scoir** | | **621** | **699** |
| Sócmhainn sochair scoir iarchurtha | 18 | 22,187 | 17,532 |
| Dliteanais sochair scoir | 18 | (22,187) | (17,532) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **621** | **699** |
| **Arb ionann iad agus** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 455 | 505 |
| Cuntas Caipitil | 16 | 166 | 194 |
| | | **621** | **699** |

**Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Cheadaigh an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 27 Samhain 2025 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:



**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



**Aoife MacEvilly**
**Coimisinéir**

# An Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

| | Nóta | 2024<br>12 mhí<br>€'000 | 2023<br>9.5 mí<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh) / Barrachas don Tréimhse | | (50) | 205 |
| Muirear Dímheasa | 12 | 46 | 55 |
| Breisiú ar Shócmhainní Seasta | 12 | (18) | (220) |
| Aistriú (ón)/chuig an gCuntas Caipitil | 16 | (28) | 165 |
| (Méadú) / Laghdú ar Infhháltais | 13 | (3,149) | 506 |
| Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | 15 | 10,468 | 1,628 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **7,269** | **2,339** |
| | | | |
| **Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | | **7,269** | **2,339** |
| | | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag tús na tréimhse | | 5,161 | 2,822 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag deireadh na tréimhse** | | **12,430** | **5,161** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Coimisiún na Meán ("An Coimisiún"). Cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad le linn na bliana agus don tréimhse roimhe.

### (a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Coimisiún faoin Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 (Acht OSMR), agus tá a cheannoifig ag 1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4. I gcomhréir le forálacha aistrithe Acht OSMR, díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") nuair a bunaíodh Coimisiún na Meán. Ghlac Coimisiún na Meán le feidhmeanna, sócmhainní, dliteanais agus foireann BAI agus forléiríodh an uile thagairt do BAI i ngach conradh agus ionstraimí dlí eile feasta mar thagairtí do Choimisiún na Meán.

Seo a leanas achoimre ar na sócmhainní agus na dliteanais a aistríodh chuig Coimisiún na Meán ó BAI i mí an Mhárta 2023.

| | 15 Márta 2023<br>€'000 |
|---|---:|
| Sócmhainní seasta | 29 |
| Airgead sa bhanc | 2,822 |
| Infháltais | 1,566 |
| Dliteanais reatha | (4,088) |
| Dliteanas sochair scoir | (14,472) |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha | 14,472 |
| **Luach na sócmhainní a aistríodh ó Údarás Craolacháin na hÉireann** | **329** |
| | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | |
| Cuntais chaipitil | 29 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | 300 |
| | **329** |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Is é Coimisiún na Meán gníomhaireacht na hÉireann chun tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialú.

Tugaimid faoi fheidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) a bhí ann roimhe seo lena rialaítear agus lena dtacaítear le forbairt na meán in Éirinn agus forfheidhmímid an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 (Acht OSMR), Gníomh an Aontais um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) agus an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR) in Éirinn

Is é misean an Choimisiúin tírdhreach meán a rialáil, tacú leis, agus a fhorbairt a bheidh mar bhonn taca ag cearta bunúsacha agus lena gcothaítear sochaí oscailte, dhaonlathach, agus iolraíoch.

### (b) An Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Cuireadh ráitis airgeadais an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 le chéile de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (“FRC”).

### (c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoin ngnás costais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, de bhun Alt 26 (1) & (2) den Acht OSMR, 2022.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun plé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

### (d) Ioncam

*Ioncam Tobhaigh*

Gineadh príomhfhoinse ioncam an Choimisiúin ó thobhach tionscail de réir mar a éilítear faoi alt 21 den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022. Baintear úsáid as an tobhach chun airgead a chur ar fáil do na costais a bhaineann le feidhmiú na bhfeidhmeanna atá ag an gCoimisiún, agus tá sé bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe don bhliain airgeadais ar leith.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Faoi Alt 21 (11) d'Acht 2009, measfar aon fharasbarr ioncaim, ó thobhaigh arna bhforchur i ndáil le tréimhse tobhaigh, de bhreis ar na caiteachais arna dtabhú go cuí ag an gCoimisiún sa tréimhse sin agus a cheanglais maidir le caipiteal oibre sa tréimhse sin agus:

1. coinneoidh an Coimisiún é lena fhritháireamh go comhréireach in aghaidh oibleagáidí tobhaigh na soláthraithe ábhartha dá éis sin, ar ar forchuireadh an tobhach, nó
2. déanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe sin.

Sonraítear an bunús do ríomh thobhach 2024 san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21), 2023 I.R. Uimh. 657/2023 agus san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21) 2024 I.R. Uimh. 175/2024 agus tugtar cuntas air ar bhonn fabhraithe.

### *Maoiniú ón Státchiste*

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, mhaoinigh an Státchiste an Coimisiún freisin chun feidhm Chomhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha (DSC) agus cur chun feidhme an Rialacháin maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne a bhunú go dtí gur cuireadh tobhaigh nua i bhfeidhm i mí Eanáir 2025. Aithnítear ioncam ó Dheontas an Oireachtais ar bhonn airgid thirim de ghnáth. Mar sin féin, nuair a fhaightear réamh-mhaoiniú, féadfaidh an Coimisiún aitheantas a chur siar go dtí an bhliain dá bhfuil an maoiniú beartaithe.

### *Ioncam ó Tháille Cheadúnúcháin*

De bhun fhorálacha Acht 2009, bhí an Coimisiún freagrach as conarthaí a bhronnadh le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Go ginearálta, rinne an Coimisiún dhá chineál conartha le hoibreoirí craolacháin mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin; agus
- Conarthaí Soláthair Lánais

D'fhéadfadh táillí ceadúnúcháin a bheith iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí leis an gCoimisiún de bhun na bhforálacha reachtúla. Tiocfaidh na conarthaí sin faoin Tobhach anois faoi Acht OSMR, 2022 nua.

### *Ioncam Eile*

Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhraithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

*Ioncam Úis*

Aithnítear Ioncam Úis ar bhonn fabhraithe trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain.

**(e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Dímheas**

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh sonraithe ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar le haghaidh lagú. Déantar soláthar le haghaidh dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dírí thar a saolré fhónta measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta | 33% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Oifige | 0% in aghaidh na bliana |
| Daingneáin agus Feistis | 20% in aghaidh na bliana |
| Feabhsúcháin Léasachta | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Fuaime/Teicniúil | 33% in aghaidh na bliana |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costas measta na diúscartha a bhaint dá mba rud é go raibh an tsócmhainn den aois sin cheana féin agus an bhail a bheith uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí. Má tá fianaise oibiachtúil ann de lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas ó lagú sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

**(f) Infháltais**

Aithnítear infháltais ag luach cothrom lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Sainfhoráil is ea an fhoráil d'fhiacha amhrasacha agus bunaítear í má tá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh ar chumas an Choimisiúin na méideanna uile atá dlite a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

## (g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíří thar thréimhse an léasa ach amháin má tá baint idir arduithe cíosa leis an ráta measta boilscithe. Sa chás seo aithnítear na méaduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## (h) Sochair Fostaithe

### *(i) Sochair Ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

### *(ii) Sochair Scoir*

#### *Cineál Scéimeanna*

Oibríonn an Coimisiún na scéimeanna pinsin sainithe seo a leanas i leith fostaithe:

Tá fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais an Choimisiúin agus dá Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí. Tá na struchtúir scéime seo bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí (an "Scéim Eiseamláireach").

Tá fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí, a sholáthraíonn pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an "Scéim Aonair").

Níl na scéimeanna á maoiniú ag an gCoimisiún, agus tá sochair phinsin iníoctha ag an Státchiste. Tá roinnt saintréithe sonracha ag gabháil le socruithe an Choimisiúin:

Déanann an Coimisiún ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (don Scéim Eiseamláireach) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (don Scéim Aonair).

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Cuimsíonn na ranníocaíochtaí don dá scéim gné fostaí mar aon le gné fostóra. Is ionann ranníocaíochtaí an fhostóra, a d'íoc an Coimisiún, don Scéim Eiseamláireach agus 16.66% den ollphá. Is ionann ranníocaíocht an fhostóra a d'íoc an Coimisiún leis an Scéim Aonair agus trí oiread ranníocaíocht an fhostaí.

Gheall an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bheidh siad dlite.

Aithnítear sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith sochar scoir ar Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ar bhonn fhorálacha alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Go bunúsach, measann an Coimisiún gur ar an gCoimisiún fós atá an oibleagáid sochair phinsin a íoc, ach go soláthróidh an Státchiste dóthain airgid don Choimisiún chun aon oibleagáidí den sórt sin a shocrú de réir mar a bheidh siad dlite, ar an mbonn go n-íocann an Coimisiún ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra ar rátaí a shonróidh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid sochair pinsin iarchurtha agus maoiniú pinsin iarchurtha infhála ón státchiste agus cuirtear sonraí iomlána íocaíochtaí sochair Aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus tá ioncam comhfhreagrach ann a sheasann do Shochar Scoir Státchiste.

### *Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha scéimeanna*

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh taithí don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don iarmhéid do mhaoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste. Cuimsíonn costais phinsin, sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

*Dliteanais scéimeanna*

Déantar dliteanais scéime a thaispeántar mar luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo a thuill fostaithe an Choimisiúin go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe. Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais do mhéid maoinithe an tsochair státchiste iarchurtha a mheas ag méid atá cothrom leis an meastachán ar an oibleagáid do dhliteanais na scéime pinsin.

Tá tuilleadh eolais faoi na scéimeanna ar fáil i nóta 18.

### (i) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

### (j) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe.

### (k) Cánachas

Níl an Coimisiún faoi dhliteanas i leith Cáin Chorparáide.

Tá CBL gearrtha ag an gCoimisiún ar na tobhaigh a eisíonn sé do sholáthraithe meán ó chuir sé tús le hoibríochtaí i mí an Mhárta 2023. Tá comhairle chánach faighte ag an gCoimisiún anois gur cheart a sholáthairtí a bheith lasmuigh de raon feidhme CBL. Scoir an Coimisiún de CBL a chur i bhfeidhm ar na tobhaigh a eisíonn sé ón 1 Eanáir 2025

### (l) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla maidir le Cuntasaíocht

Maidir le hullmhúchán na ráiteas airgeadais, is gá go ndéanfaidh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a bhfuil tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na tréimhse.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh éagsúlachtaí a bheith ann idir na fíorthorthaí agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasaí ag na breithiúnais a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### *(a) Gnóthas Leantach*

Sonraítear i gCuid 16 d'Acht OSMR, 2022 na forálacha díscaoilte agus aistrithe a bhaineann le bunú an Choimisiúin. Maidir leis na feidhmeanna uile a bhí dílsithe d'Údarás Craolacháin na hÉireann díreach roimh lá an bhunaithe, rinneadh iad a aistriú chuig an gCoimisiún ar dháta an bhunaithe. Déantar foráil leis an gcuid sin d'Acht OSMR, 2022 freisin d'aistriú foirne, feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanas chuig an gCoimisiún. Cé gur díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann an 14 Márta 2023, níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Choimisiúin freastal dá dhliteanais de réir mar a bheidh siad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuimsíonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an Coimisiún in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

### *(b) Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh*

Déantar Sócmhainní Seasta Inláimhsithe atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú le haghaidh lagú aon uair a léiríonn teagmhais nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas lagaithe don mhéid a sháraíonn méid in-aisghabhála na sócmhainne a méid inghnóthaithe. Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus luach cothrom níos airde na sócmhainne lúide costas chun é a dhíol agus a luach agus í in úsáid.

D'fhonn lagú a mheasúnú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leithligh (aonaid giniúna airgid) ann ina leith. Déantar sócmhainní neamhairgeadais atá thíos ag lagú a athbhreithniú le haghaidh aisiompú féideartha an lagaithe ar gach dáta tuairiscithe.

### *(c) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha*

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas go háirithe, agus tháinig sé ar an tuairim go bhfuil saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### *(d) Foráil le haghaidh Fiacha Amhrasacha*

Déanann an Coimisiún meastachán ar luach inghnóthaithe féichiúnaithe agus infháltais eile. Úsáideann an Coimisiún meastacháin bunaithe ar thaithí stairiúil chun leibhéal na bhfiach, nach bhféadfaí a bhailiú, a chinneadh. Áirítear leis na meastacháin sin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe féichiúnaithe agus taithí stairiúil. Déantar leibhéal an tsoláthair a theastaíonn a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Tá luach cóir na bhféichiúnaithe sna ráitis airgeadais thart ar a suimeanna glanluacha.

### *(e) Forálacha*

Déanann an Coimisiún forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, arb eol dó a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin go hiondúil agus iad bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair atá sé ábhartha. Is meastacháin iad, áfach, ar chostais airgeadais na n-imeachtaí ar féidir nach dtarlódh siad go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta a ghabhann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir an toradh iarbhír agus an toradh measta sin.

### *(f) Oibleagáid Sochair Scoir*

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí taobh thiar de na luachálacha achtúireacha a mbíonn méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais ina leith (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis agus treochtaí i gcostais sláinte ar fad ina measc) bunaithe ar staid reatha an gheilleagair, agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardcháilíochta;
- leibhéil chúitimh amach anseo, cúinsí an mhargadh saothair amach anseo; agus
- rátaí treochta maidir le costais cúraim sláinte, ráta boilscithe an chostais leighis sna réigiúin lena mbaineann.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### *(g) Maoiniú Pinsin Iarchurtha*

Aithníonn an Coimisiún suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí roimhe seo. I measc na n-imeachtaí sin, tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon ráthaíocht ann maidir leis na suimeanna sonracha sin leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ná leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas maoinithe sin de bheith ag freastal ar an méid sin de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.

## 2. Maoiniú Tobhaigh agus Maoiniú ón Státchiste

### (a) Tobhach Tionscail

De bhun Alt 21 den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 (an "tAcht"), tá sé de chumhacht ag Coimisiún na Meán ordú tobhaigh a fhorchur ar an méid a leanas:

- Soláthraithe seirbhísí meán closamhairc;
- Soláthraithe seirbhísí craolacháin fuaime; agus
- Soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne.

Tá téarmaí an Tobhaigh seo, lena n-áirítear an modh ríofa, leagtha amach in Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 175/2024 – An tAcht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2024. Tháinig an tOrdú Tobhach i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2024, ag teacht in ionad I.R. Uimh. 657/2023 – An tAcht Craolacháin 2009 (Alt 21) Ordú Tobhaigh 2023 a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

Bhí méid an tobhaigh bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe an Choimisiúin chun críocha tobhaigh do 2024. B'ionann an méid a taibhíodh agus €28.03m (2023: €4.19m maidir leis an 9.5 mí go dtí an 31 Nollaig 2023).

Aisíocadh aisíoc tobhaigh de €2.1 milliún le craoltóirí i leith na bliana tobhaigh 2023 trí nótaí creidmheasa i mí na Nollag 2024. Rinneadh foráil d'aisíocaíocht mheasta €10.7m maidir leis an mbliain tobhaigh 2024.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2. Maoiniú Tobhaigh agus Maoiniú ón Státchiste (ar lean)

### (b) Maoiniú ón Státchiste - Deontais ón Oireachtas

Leithdháileadh €11.809 milliún i maoiniú ón Státchiste don Choimisiún. Rinneadh an maoiniú a leithdháileadh mar seo a leanas:

- €11.309 milliún trí Vóta na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, chun tacú le bunú fheidhm Chomhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha sa Choimisiún.
- €0.5 milliún trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, chun costais a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin um Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR) a íoc.

## 3. Táillí Ceadúnúcháin

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Conarthaí ceadúnúcháin S71 | 65 | 69 |
| | **65** | **69** |

## 4. Ioncam Eile

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Ioncam ón gCiste Craolacháin | 1,605 | 667 |
| Daingneáin agus feistis bhronnta (Nóta 12.a) | 18 | 220 |
| | **1,623** | **887** |

San áireamh in Ioncam Eile tá caiteachas arna thabhú ag an gCoimisiún agus a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin costais foirne de €1,006k agus caiteachas neamhphá de €599k.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 5. Luach Saothair

## (a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 11,544 | 3,293 |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach | 1,202 | 310 |
| | **12,746** | **3,603** |

Áirítear le Costais Foirne €1,006k don tréimhse a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin agus a aithnítear in Ioncam Eile.

Bhí seisear (2023: beirt) ag obair sa Choimisiún le linn na tréimhse a fostaíodh trí ghníomhaireacht. Ba é €170k an t-ollchostas don Choimisiún maidir le pearsanra gníomhaireachta le linn na tréimhse (2023: €127k).

Ba é seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gCoimisiún (gan pearsanra Gníomhaireachta san áireamh) le linn na tréimhse airgeadais:

| | 2024<br>12 mhí<br>Uimh. | 2023<br>9.5 mí<br>Uimh. |
|---|---|---|
| Bainistíocht Shinsearach | 34 | 20 |
| Foireann Eile | 122 | 49 |
| **Coibhéis Lánaimseartha Iarbhír** | **156** | **69** |

## (b) Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe na seirbhíse poiblí Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) a eascraíonn ó Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020) agus ón Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Rinneadh asbhaintí ASC arbh fhiú €311k (2023: €115k) iad ó thuarastail foirne le linn na tréimhse agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt iad.

# 5. Luach Saothair (ar lean)

## (c) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 11,544 | 3,293 |
| Ragobair | - | - |
| | **11,544** | **3,293** |

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta i rith na tréimhse.

## (d) Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair)

Téann seirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin isteach sa Scéim Aonair, ar scéim meántuarastail sochair shainithe í. B'ionann ranníocaíochtaí foirne leis an Scéim Aonair le linn na tréimhse agus €440k (2023: €88k). Ba é €1,320k dliteanas anChoimisiúin i leith ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim Aonair (2023: €264k) le linn na tréimhse.

## (e) Príomhphearsanra Bainistíochta

Bhí an Cathaoirleach, ceathrar Coimisinéirí agus 31 Stiúrthóir i gceist le príomhphearsanra bainistíochta an Choimisiúinle linn na tréimhse. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta:

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 3,934 | 1,414 |
| | **3,934** | **1,414** |

Ní chuimsítear sa mhéid sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá roinnt den príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin an Choimisiúin agus tá a gcuid teidlíochtaí ina leith sin faoi réir théarmaí na Scéime Aonair/na Scéime Eiseamláirí agus fúthu siúd amháin.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 6 Luach Saothair an Chathaoirligh

Cuireadh tús le téarma Jeremy Godfrey mar Chathaoirleach an 15 Márta 2023. Téarma cúig bliana é. Fuair an Cathaoirleach tuarastal €250,272 sa tréimhse (2023: €192,234). Tá an Cathaoirleach ina bhall de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. Ní bhfuair an Cathaoirleach aon íocaíocht a bhain le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil eile le linn na tréimhse.

## 7. Táillí Gairmiúla & Sainchomhairleoireachta

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Sainchomhairle | 402 | 780 |
| Taighde Margaidh | 321 | 301 |
| Táillí Sainchomhairleoireachta Eile | 52 | 109 |
| Táillí Gairmiúla | 2,381 | 1,651 |
| | **3,156** | **2,841** |

Is féidir Táillí Gairmiúla a aicmiú mar "gnó mar is gnách" de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## 8. Táillí Dlí

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 2,958 | 1,632 |
| Costais dlí a bhaineann le hImeachtaí Dlí | 2,858 | - |
| | **5,816** | **1,632** |

Áirítear le Costais Dlí a bhaineann le hImeachtaí Dlí meastachán ar dhliteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn do thríú páirtithe, i ndáil le caingne dlí ar tugadh fógra fúthu roimh dheireadh na bliana. Tá tuilleadh eolais ar fáil i nóta 15.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9 Costais Riaracháin

| | 2024 12 mhí € '000 | 2023 9.5 mí € '000 |
|---|---|---|
| Taisteal agus Cothú | 204 | 50 |
| Acmhainní Daonna | 1,324 | 228 |
| Teileafón agus Postas | 90 | 46 |
| Costais Oifige | 755 | 137 |
| Priontáil agus Fógraíocht | 143 | 81 |
| Cleamhnachtaí agus Síntiúis Ghairmiúla | 229 | 57 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 1,072 | 526 |
| Faireachán ar na Meáin | 5 | 5 |
| Taighde | - | 16 |
| Aistriúchán | 105 | 34 |
| Táillí Iniúchóireachta Inmheánaí | 145 | 25 |
| | **4,072** | **1,205** |

## 10. Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha

| | 2024 12 mhí € '000 | 2023 9.5 mí € '000 |
|---|---|---|
| **Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha** | | |
| Maoiniú Líonraí | 413 | 334 |
| Scéim Nuálaíochta Craolacháin | 52 | 47 |
| Éagsúlacht/Inscne | 32 | 48 |
| Urraíocht | 182 | 167 |
| | **679** | **596** |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 11. Áitreabh agus Costais lena mBaineann

| | 2024<br>12 mhí<br>€ '000 | 2023<br>9.5 mí<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Áitreabh agus Costais lena mBaineann** | | |
| Cíos, Rátaí, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil Foirgnimh | 2,173 | 876 |
| Slándáil agus Glanadh | 221 | 66 |
| Soilsiú agus Teas | 75 | 26 |
| | **2,469** | **968** |

## 12. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Iomlán<br>€ '000 | Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta<br>€ '000 | Trealamh Oifige<br>€ '000 | Daingneáin agus Feistis<br>€ '000 | FeabhsúcháinLéasachta<br>€ '000 | Trealamh Fuaime/Teicniúil<br>€ '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Amhail 31.12.2023 | **4,103** | **400** | **56** | **853** | **2,630** | **164** |
| Breiseanna | 18 | - | - | 18 | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| **Amhail 31.12.2024** | **4,121** | **400** | **56** | **871** | **2,630** | **164** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| **Amhail 31.12.2023** | **3,909** | **400** | **56** | **659** | **2,630** | **164** |
| Muirear don Tréimhse | 46 | - | - | 46 | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| **Amhail 31.12.2024** | **3,955** | **400** | **56** | **705** | **2,630** | **164** |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | | | |
| **Amhail 31.12.2024** | **166** | **-** | **-** | **166** | **-** | **-** |
| Amhail 31.12.2023 | 194 | - | - | 194 | - | - |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 12. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

## 12.a. Idirbheart Neamhairgid

Rinneadh comhaontú léasa an 15 Meitheamh 2023 faoi choinne áitreabh oifige nua ar Bhóthar Shíol Bhroin. Mar chuid den dreasacht léasa, chomhaontaigh an tiarna talún íoc as obair feistithe suas go dtí comhiomlán €250,000. I ndiaidh a shuiteála, is leis an tionónta, go hiomlán, a bheidh feistiú/fearastú an tionónta, faoi réir théarmaí an léasa. Amhail an 31 Nollaig 2024, chuir an tiarna talún feistiú/fearastú dar luach €238,120 (2023: €220,360) ar fáil don fhoirgneamh ag an gcóiríocht ar léas. Rinneadh na costais sin a chaipitliú agus tá siad á n-amúchadh thar thréimhse an léasa 5 bliana.

# 13. Infháltais

| | 31 Nollaig 2024 € '000 | 31 Nollaig 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe Trádála | 1,271 | 242 |
| Réamhíocaíochtaí | 557 | 505 |
| Ciste Craolacháin | 1,367 | 313 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 1,014 | - |
| | **4,209** | **1,060** |

# 14. Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | 31 Nollaig 2024 € '000 | 31 Nollaig 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Taiscí Gearrthéarmacha | 277 | 277 |
| Airgead sa Bhanc | 12,153 | 4,884 |
| | **12,430** | **5,161** |

Tá aibíocht níos lú ná 3 mhí ag gabháil le taiscí gearrthéarmacha agus déantar iad a athnuachan nuair a aibíonn siad.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 15. Suimeanna Iníoctha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 31 Nollaig 2024 € '000 | 31 Nollaig 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 1,304 | 1,105 |
| Tobhach In-aisíoctha | 10,689 | 2,123 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais | 201 | 196 |
| Fabhruithe | 2,843 | 1,140 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 775 | 294 |
| Ioncam Iarchurtha | 358 | 853 |
| Eile | 14 | 5 |
| | **16,184** | **5,716** |

Áirítear le fabhruithe €1,053,831 a sholáthar le haghaidh dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn do thríú páirtithe, i ndáil le dhá chaingean dlí ar tugadh fógra fúthu roimh dheireadh na bliana. Tá an soláthar bunaithe ar mheasúnú ar na costais dhóchúla a bhaineann le gníomhaíochtaí aitheanta a chosaint a mhéid is féidir na costais sin a mheas go hiontaofa. Tá an Coimisiún sásta go ndearna sé an meastachán is fearr ar an soláthar cuí sna ráitis airgeadais don toradh dóchúil, d'fhéadfadh an soláthar a bheith faoi réir athbhreithnithe ó am go ham de réir mar a bheidh tuilleadh faisnéise ar fáil.

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir ghnáth-théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar chonarthaí bunúsacha. Tá méideanna eile a áirítear laistigh de chreidiúnaithe nach gcumhdaítear le nochtadh sonrach nótaí neamhurraithe, saor ó ús agus inaisíoctha ar éileamh.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 16. Cuntas Caipitil

| | 31 Nollaig 2024 € '000 | 31 Nollaig 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 194 | 29 |
| *Aistriú (chuig)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:* | | |
| Breiseanna Sócmhainní a Mhaoiniú | 18 | 220 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní | (46) | (55) |
| **Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | **(28)** | **165** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **166** | **194** |

## 17. Léasanna Oibriúcháin

Bhí áitreabh ag Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") ag 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2, ar shealbhaigh sé léas air a rinneadh in 2001 ar feadh 20 bliain. Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") agus tiarna talún an áitribh, Davy Ireland, gníomhas athrúcháin a fhorghníomhú an 2 Nollaig 2021, lenar cuireadh síneadh dhá bhliain eile le téarma an léasa go dtí an 7 Nollaig 2023. Níor tháinig aon athrú ar an gcíos bliantúil ag €530,000 in aghaidh na bliana. Rinne an Coimisiún agus tiarna talún an áitribh gníomhas athrúcháin eile an 25 Deireadh Fómhair 2023 chun an léas a shíneadh go dtí an 7 Márta 2024. Níor tháinig aon athrú ar an gcíos bliantúil ag €530,000 in aghaidh na bliana. Faoin léas seo, taibhíodh muirir chíosa arbh ionann iad agus €97,555 maidir leis an mbliain reatha (2023: €422,364).

Shínigh an Coimisiún léas 5 bliana le IPUT plc an 15 Meitheamh 2023 i gcomhair áitribh ag 1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20. Is ionann an cíos bliantúil agus €1.1 milliún in aghaidh na bliana. Beidh an t-áitreabh ina chóiríocht shealadach nó go bhfaigheann an Coimisiún oifigí buana. Bhog an Coimisiún go dtí 1 Foirgnimh Shíol Bhroin i mí Eanáir 2024.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 17. Léasanna Oibriúcháin (ar lean)

Léirítear sna figiúirí amhail an 31 Nollaig 2024 na gealltanais léasa atá dlite i leith na n-áitreabh sin.

| | 31 Nollaig 2024 €,000 | 31 Nollaig 2023 €,000 |
|---|---|---|
| **2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2** | | |
| Faoi 1 Bhliain Amháin | - | 98 |
| Idir 2-5 Bliana | - | - |
| Thar 5 Bliana | - | - |
| | **-** | **98** |

| | 31 Nollaig 2024 €,000 | 31 Nollaig 2023 €,000 |
|---|---|---|
| **1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4** | | |
| Faoi 1 Bhliain Amháin | 1,100 | 1,100 |
| Idir 2-5 Bliana | 3,161 | 4,261 |
| Thar 5 Bliana | - | - |
| | **4,261** | **5,361** |

## 18. Costais Sochair Scoir

**Sochair Scoir**

Oibríonn an Coimisiún na scéimeanna pinsin sainithe seo a leanas i leith fostaithe:

Tá fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais an Choimisiúin agus dá Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí. Tá na struchtúir scéime seo bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí (an Scéim Eiseamláireach).

Tá fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí, a sholáthraíonn pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an “Scéim Aonair”).

## 18. Costais Sochair Scoir (ar lean)

Is comhlacht reachtúil é an Coimisiún. Cuireadh ar bun é faoi Acht OSMR, 2022. Foráiltear le halt 18 den Acht go ndéanfaidh an Coimisiún scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú dá chomhaltaí foirne, agus ina leith, faoi réir cheadú an Aire.

Feidhmíodh Scéim Aoisliúntais an Choimisiúin agus a Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí (éigeantach le ballraíocht sa phríomhscéim) ar bhonn riaracháin go dtí an 15 Meitheamh 2017. Cheadaigh an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt an Scéim le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus tháinig sí i bhfeidhm go foirmiúil an 16 Meitheamh 2017. Cuireann an chéad scéim sochair scoir (cnapshuim agus pinsean) ar fáil do bhaill foirne, agus sochair aisce báis maidir le bás le linn seirbhíse. Soláthraítear sa dara scéim sochair phinsin do chéilí agus do leanaí cleithiúnacha marthanacha na gcomhaltaí éagtha. Is scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe neamhchistithe iad an dá scéim sin.

Is í Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Soláthraíonn an scéim do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin gairme, mar aon le pinsin do chéilí agus leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta pinsin (ag ardú ar aon dul le hathruithe aoise don phinsean Stáit). Áirítear uirthi an áis chun dul ar luathscor a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliain d’aois ar aghaidh. Méadaítear pinsin atá á n-íoc i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Mar a thuairiscítear sa bheartas cuntasaíochta, déanann an Coimisiún ranníocaíocht bhliantúil leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, a thug faoi mhaoiniú a chur ar fáil don Choimisiún chun sochair scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Tá oiriúnú déanta ag an gCoimisiún ar an gcur chuige agus ar an nochtadh a éilítear le FRS 102 chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú.

Is é €22.19 milliún an dliteanas pinsin amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €17.53m). Faoin socrú atá i bhfeidhm, aisíocfaidh an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, dliteanas pinsin an Choimisiúin ina iomláine, de réir mar a bheidh, agus nuair a bheidh, na dliteanais sin le híoc. Aithníonn an Coimisiún an ceart atá aige i leith na haisíocaíochta mar shócmhainn ar leith.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. Costais Sochair Scoir (ar lean)

Tá na torthaí leagtha amach thíos ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin maidir le foireann an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2024. Is achtúire neamhspleách cáilithe a rinne an luacháil sin.

**Príomhthoimhdí Achtúireacha**

Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 3.50% | 3.15% |
| Méaduithe tuarastail | 3.15% | 3.35% |
| Méaduithe pinsin | 2.65% | 2.85% |
| Ráta Boilscithe | 2.15% | 2.35% |

Tá lamháil sa bhonn básmhaireachta ar glacadh leis le haghaidh feabhsuithe ar ionchas saoil i gcaitheamh ama sa tslí go mbraithfidh ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain ina slánaíonn ball aois scoir (65 bliain d’aois). Taispeántar sa tábla thíos ionchais saoil na mball a shlánóidh 65 bliain d’aois sna blianta 2024 agus 2044.

**An bhliain ina slánaítear 65 bliain d’aois**

| | 2024 | 2044 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fir | 21.7 | 23.0 |
| Ionchas saoil – mná | 24.1 | 25.5 |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 18. Costais Sochair Scoir (ar lean)

**Anailís ar Chostais Iomlána Sochair Scoir**

Is éard atá i gceist le costais iomlána sochair scoir a ghearrtar ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe i leith costais sochair scoir:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht an fhostóra íoctha le DTCAGSM / DPENDR | 1,778 | 507 |
| Costas seirbhíse reatha | 1,295 | 468 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 545 | 411 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha | (1,840) | (879) |
| | **1,778** | **507** |

Gluaiseacht i nglan-oibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 17,532 | 14,472 |
| Costas seirbhíse reatha | 944 | 468 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 545 | 411 |
| Caillteanas achtúireach | 4,936 | 2,978 |
| Ranníocaíochtaí rannpháirtithe a phleanáil | 629 | - |
| Sochair a íocadh | (2,399) | (797) |
| **Glan-oibleagáid sochair scoir amhail an 31 Nollaig** | **22,187** | **17,532** |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. Costais Sochair Scoir (ar lean)

Stair na ndliteanas scéime agus (gnóthachain)/caillteanais ó thaithí

| | 31 Nollaig 2024 €'000 | 31 Nollaig 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | 22,187 | 17,532 |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | (22,187) | (17,532) |
| Caillteanas ó thaithí ar dhliteanais an phlean | 7,895 | 2,252 |
| Caillteanas ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais an phlean | 36% | 13% |

## 19. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann amhail an 31 Nollaig 2024.

## 20. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Tá glactha ag an gCoimisiún le nósanna imeachta i gcomhréir le forálacha Acht OSMR, 2022 agus na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le nochtadh leasanna an Choimisiúin agus chloígh an Coimisiún leis na nósanna imeachta sin le linn na tréimhse.

Ní raibh aon idirbhearta sa Tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh aon leas tairbhiúil ag aon chomhalta. Féach Nóta 6 faoi choinne shonraí an Chathaoirligh.

## 21. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Coimisiún na ráitis airgeadais ag an gcruinniú seo acu an 27 Samhain 2025.

# An Ciste Craolacháin Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch An 31 Nollaig 2024


| | |
|---|---|
| Faisnéis maidir leis an gCoimisiún | 123 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí | 124 |
| Tuairisc de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 126 |
| An Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 128 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 129 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 130 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 131 |

# Faisnéis maidir leis an gCoimisiún

| | |
|---|---|
| Na Coimisinéirí | Jeremy Godfrey (Cathaoirleach Feidhmiúcháin)<br>Celene Craig (Téarma dar chríoch an 14 March 2024)<br>Niamh Hodnett<br>Rónán Ó Domhnaill<br>John Evans<br>Aoife MacEvilly (Arna ceapadh an 22 Iúil 2024) |
| Aturnaetha | McCann Fitzgerald<br>Cois Abhann a hAon<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |
| Baincéirí | AIB<br>1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 |
| Iniúchóirí | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Bunaíodh Coimisiún na Meán le héifeacht ón 15 Márta 2023 anuas ar fhorálacha na nAchtanna Craolacháin agus Achtanna Eile um Rialáil na Meán 2009 agus 2022 ("BOMRA"). I gcomhréir le forálacha idirthréimhseacha BOMRA, díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann ("ÚCÉ") a bhí ann roimhe seo nuair a bunaíodh Coimisiún na Meán. Ghlac Coimisiún na Meán le feidhmeanna, sócmhainní, dliteanais agus foireann BAI agus forléiríodh an uile thagairt do BAI i ngach conradh agus ionstraimí dlí eile feasta mar thagairtí do Choimisiún na Meán.

Oibríonn Coimisiún na Meán go príomha i gcomhréir le hAcht Craolacháin 2009 arna leasú ("an tAcht").

I dteannta feidhmeanna ÚCÉ a ghlacadh mar rialálaí do chraolachán in Éirinn, ceanglaítear ar Choimisiún na Meán creat rialála a bhunú le haghaidh sábháilteacht ar líne, agus chun rialachán maidir le craoltóireacht teilifíse agus seirbhísí closamhairc ar éileamh a uasdátú.

De bhun théarmaí an Achta, tá Coimisiún na Meán freagrach as riaradh agus bainistíocht an Chiste Craolacháin. Bainistíonn agus riarann An Coimisiún cuntas reatha agus cuntas infheistíochta de réir Alt 157 (2) den Acht. Bainistíonn an Coimisiún an cuntas reatha do bhainistíocht laethúil an Chiste Craolacháin, lena n-áirítear airgead a fháil de réir Alt 156 (2)/(3) d'Acht 2009, íocaíocht Deontas agus Dámhachtainí faoi scéimeanna an Chiste Craolacháin agus aon chaiteachas arna thabhú ag an gCoimisiún mar gheall ar oibriúchán an Chiste Craolacháin.

Íoctar aon airgead nach bhfuil de dhíth le haghaidh dliteanais reatha a chlúdach de chuid an Chiste Craolacháin isteach i gcuntas infheistíochta. Infheistítear an t-airgead sin de réir Bheartas Infheistíochta an Choimisiúin.

Tá Coimisiún na Meán freagrach as ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin a ullmhú don bhliain 1 Eanáir go 31 Nollaig 2024 freisin, le go bhféadfar feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Chiste a léiriú go cruinn agus go cothrom.

Leagtar amach sonraí maidir le rialachas agus córas rialaithe agus nósanna imeachta Choimisiún na Meán i ráiteas ó Choimisiún na Meán maidir le rialú inmheánach agus i ráiteas ón gCoimisiún maidir le rialachas.

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí (ar lean)

Agus an tÚdarás ag ullmhú na ráiteas airgeadais, ceanglaítear ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeidh sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Ciste i mbun oibríochta: agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá Coimisiún na Meán freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuntasaíochta shásúla a choinneáil lena nochtar go cruinn réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Chiste agus lena bhféadfar a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 157(8) den Sceideal chuig an Acht agus go bhfuil siad i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- Sócmhainní an Chiste a chosaint agus bearta réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**
Dáta: 27 Samhain 2025

**Rónán Ó Domhnaill**
**Coimisinéir**
Dáta: 27 Samhain 2025

# Tuairisc de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Broadcasting Fund

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Fund for the year ended 31 December 2024 as required under the provisions of section 157 of the Broadcasting Act 2009 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Fund at 31 December 2024 and of its income and expenditure for 2024 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Coimisiún na Meán and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

Coimisiún na Meán has presented certain other information together with the financial statements of the Broadcasting Fund. This comprises the annual report and statement of responsibilities. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Paula O'Connor**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**2 December 2025**

# Tuairisc de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

## Appendix to the report

### Responsibilities of Coimisiún na Meán

As detailed in the statement of responsibilities, the Commissioners are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 157 of the Broadcasting Act 2009 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under 157 of the Broadcasting Act 2009 (as amended) to audit the financial statements of the Broadcasting Fund and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Fund's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Fund to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

#### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

# An Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

| | Nóta | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | | | |
| Deontas an Oireachtais | 3 (a) | 13,270 | 13,570 |
| Maoiniú Státchiste | 3 (b) | 6,000 | 5,000 |
| Ioncam ó Ús | | 340 | 314 |
| Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe | 2 | 111 | 126 |
| **Iomlán** | | **19,721** | **19,010** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Deontais agus Dámhachtainí | 3 | 18,927 | 20,963 |
| Costais Foirne | 5 | 1,006 | 526 |
| Táillí Dlí | | (3) | 30 |
| Muirir bhainc agus Costas Úis | | 3 | 7 |
| Costais Riaracháin | 6 | 302 | 477 |
| Táille Iniúchóireachta | | 9 | 9 |
| Táillí Measúnuithe | | 103 | 59 |
| Costais Ghairmiúla & Sainchomhairleoireachta | 7 | 185 | 139 |
| **Iomlán** | | **20,532** | **22,210** |
| **Easnamh Ioncaim thar Caiteachas** | | **(811)** | **(3,200)** |
| **Iarmhéid ag tús na bliana** | | **35,709** | **38,909** |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | | **34,898** | **35,709** |

**Tá an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1–12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Cheadaigh an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 27 Samhain 2025 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**

**Rónán Ó Domhnaill**
**Coimisinéir**

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

**Amhail an 31 Nollaig 2024**

| | Nóta | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infhháltais | 9 | 128 | 172 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 8 (a) | 40,875 | 19,179 |
| Taiscí gearrthéarmacha eile | 8 (b) | 1,262 | 22,678 |
| Taiscí Iomlána agus Airgead tirim/coibhéisí airgid thirim | 8 | 42,137 | 41,857 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **42,265** | **42,029** |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha (suimeanna le híoc taobh istigh de bhliain amháin) | 10 | (7,367) | (6,320) |
| **Glansócmhainní** | | **34,898** | **35,709** |
| **Arb ionann iad agus** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 34,898 | 35,709 |
| | | 34,898 | 35,709 |

**Tá an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1–12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Cheadaigh an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 27 Samhain 2025 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach Feidhmiúcháin**

**Rónán Ó Domhnaill**
**Coimisinéir**

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Easnamh don Bhliain | (811) | (3,200) |
| Torthaí ar Infheistíochtaí | (340) | (314) |
| Laghdú / (Méadú) ar Infháltais | 44 | (162) |
| Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | 1,047 | 366 |
| **Glan-Eis-Sreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **(60)** | **(3,310)** |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Ús Faighte | 340 | 314 |
| Gluaiseacht maidir leis na Taiscí Gearrthéarmacha | 21,416 | 372 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid do Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **21,756** | **686** |
| | | |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid** | **21,696** | **(2,624)** |
| | | |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Eanáir** | **19,179** | **21,803** |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Nollaig** | **40,875** | **19,179** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús cuntasaíochta agus beartais shuntasacha maidir le cuntasaíocht arna nglacadh ag Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") i ndáil leis an gCiste Craolacháin. Cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad le linn na bliana agus don bhliain roimhe.

**(a) Faisnéis Ghinearálta**

Cuireadh an Ciste Craolacháin ar bun faoin Acht um Maoiniú Craolacháin 2003, agus bhí sé faoi stiúir roimhe ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann. Faoin Acht um Maoiniú Craolacháin 2009, aistríodh bainistiú an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann. Tugadh Alt 60 den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 isteach lenar tugadh freagracht do Choimisiún na Meán as bainistíocht an Chiste.

Tá An Coimisiún freagrach as riar an Chiste Craolacháin agus as idirbhearta maidir leis an gCiste a cheadú. Baineann socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe laistigh den Choimisiún leis an gCiste.

**(b) An Ráiteas faoi Chomhlíonadh**

Cuireadh ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 le chéile de réir Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

**(c) Bunús an Ullmhúcháin**

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoin ngnás costais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, de réir Alt 157 den Acht.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go leanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar mar ábhar a bhain le ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin.

**(d) Taiscí agus Airgead Tirim/Coibhéisí Airgid Thirim**

De réir mar a éilítear le hAlt 157(4) agus (6) den Acht, airgead atá mar shochar i gcuntas reatha agus nach bhfuil ag teastáil le haghaidh dliteanais reatha a íoc, íocfar an t-airgead sin isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Déanfar airgead i gcuntas infheistíochta an Chiste nach bhfuil ag teastáil le haghaidh dliteanais reatha agus ionchasacha den chuntas sin a íoc a infheistiú agus cuirfear na hinfheistíochtaí ar bun nó déanfar athrú ar na hinfheistíochtaí ó am go ham nuair is cuí agus íocfar fáltais an bhunaithe sin, agus aon ioncam ó airgead infheistithe, isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

I dtréimhse na cuntasaíochta, choinnigh An Coimisiún na cistí barrachais i dtaisce le bainc thráchtála agus i Nótaí Státchiste le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Is éard atá in airgead tirim an t-airgead tirim atá ar fáil agus sa bhanc.

### (e) Ioncam (táille an cheadúnais teilifíse)

De bhun Alt 156 den Acht Craolacháin 2009, féadfaidh an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, íocaíocht a thabhairt chuig an gCoimisiún as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas chun críoch deontas faoi scéim agus aon riarachán maidir le scéim, nó costais réasúnta a bhaineann léi, i ndáil le gach bliain airgeadais, dar luach is ionann 7% de ghlanfháltais na bliana sin maidir le táillí ceadúnais teilifíse.

Ciallaíonn glanfháltais, maidir le fáil na dtáillí ceadúnais teilifíse, na fáltais san iomlán lúide aon chostas maidir leis na fáltais sin agus deimhnithe ag an Aire mar thabhaithe aige nó aici féin sa bhliain sin i ndáil le bailiúchán na dtáillí.

Tugtar cuntas ar an ioncam seo ar bhonn fáltas airgid.

### (f) Deontais

Forchuireann deontais faoi Scéim Maoinithe an Chraolacháin coinníollacha todhchaí ar na faighteoirí a bhaineann le feidhmíocht. Aithnítear mar chostas iad ach amháin nuair a chomhlíon an deontaí na coinníollacha todhchaí maidir le feidhmíocht uile bainteach le bronnadh an deontais. Seasann ceangaltais deontais do dhearbhaithe maoinithe nuair atá na coinníollacha a bhaineann leis an deontas fós le comhlíonadh ag an deontaí.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht, áirítear sna coinníollacha sin foráil maidir le haisghabháil deontais ó ioncaim arna nginiúint ag an deontaí go dtí go ndéanfadh An Coimisiún an deontas infheistíochta dá chuid a aisghabháil. Sonraítear Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe i Nóta 2.

I gcúinsí faoi leith, aisíocann an deontaí suimeanna deontais a bronnadh i mblianta roimhe toisc nach féidir leis an deontaí na coinníollacha deontais a chomhlíonadh. Is glanmhéid na suimeanna deontais a aisíocadh sa bhliain é caiteachas an deontais a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

**(g) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla maidir le Cuntasaíocht**

Maidir le hullmhúchán na ráiteas airgeadais, is gá go ndéanfaidh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a mbeadh tionchar acu ar mhéideanna a tuairiscíodh le haghaidh sócmhainní agus dliteanais amhail ag an dáta tuairiscithe agus ar mhéideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. Ciallaíonn nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfaí éagsúlachtaí a bheith ann idir na fíorthorthaí agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasaí ag na breithiúnais a leanas ar shuimeanna feicthe sna ráitis airgeadais.

*Gnóthas leantach*

Níl aon éiginnteacht ábhartha maidir le cumas an Chiste Craolacháin dliteanais dá chuid a íoc agus iad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar bhonn gnóthais leantaigh. Ar an mbonn seo, measann an Ciste Craolacháin mar oiriúnach é na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 2. Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe | 111 | 126 |

Cuirtear clásal aisghabhála san áireamh i gconarthaí Fuaim & Fís le héascú le haisíocaíocht an deontais má thagann rath tráchtála ar an tionscadal. Seasann an t-airgead thuas do sciar deontas a aisíocadh le linn na bliana maidir le deich léiriúchán a maoiníodh roimhe. Tugtar cuntas ar mhéideanna aisghafa ar bhonn fáltas airgid.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin

### (a) Deontas an Oireachtais

| | 2024<br>€ '000 | 2023<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Deontas an Oireachtais | 13,270 | 13,570 |

Faoin Acht, ceanglaítear ar an gCoimisiún scéim nó scéimeanna a ullmhú maidir le híocaíocht deontas chun tacú le, inter alia, cláir áirithe theilifíse agus raidió agus le cartlannú a fhorbairt maidir le bunábhar clár a rinneadh sa Stát. Tá na deontais seo maoinithe le méid de 7% a thagann ó ghlanfháltais na dtáillí ceadúnais teilifíse. Cuireadh Deontas an Oireachtais 2024 san áireamh i bhfo-cheannteideal E6 de Vóta 33 don Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

### (b) Maoiniú ón Státchiste

| | 2024<br>€ '000 | 2023<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Maoiniú Státchiste | 6,000 | 5,000 |

D'aithin an Coimisiún Maoiniú ón Státchiste de €6m sa bhliain reatha a bhaineann le méideanna na Scéime Fuaime agus Físe a fuarthas in 2023 lena n-úsáid in 2024.

Ar an 25 Samhain 2024, fuarthas €6m ón gCúlchiste, méid nár bhain leis an 7% de ghlanfháltais ón gceadúnas teilifíse agus a bhí sa bhreis ar na glanfháltais sin. Tá an méid sin san áireamh in ioncam iarchurtha i Nóta 10.

### (c) Oibríonn An Coimisiún dhá Scéim faofa faoi láthair.

Is í an **Scéim Fuaim agus Fís 4 ("an Scéim")** an chéad cheann de na scéimeanna sin. Bhí an Scéim faofa i dtosach ag an gCoimisiún Eorpach, ó 2005-2009 ar dtús agus ansin ó 2009-2012. Tagann an Scéim reatha faoi réim alt 54 den GBER agus ní bhíonn formheas an Choimisiúin ag teastáil. Cuimsítear leis an Rialachán cabhair do scéimeanna le haghaidh saothair chlosamhairc faoi bhun na tairsí €50m in aghaidh na scéime in aghaidh na bliana. Anuas ar Alt 158(1) den Acht, rinneadh athbhreithniú, mar a éilítear leis an Acht, ar ghníomhaíocht, éifeachtacht agus tionchar scéim maoinithe in 2023 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire i mí Mheán Fómhair 2023.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin (ar lean)

Is é an dara scéim atá ar bun ag **An gCoimisiún ná an Scéim Maoinithe um Bunábhar Clár a Chartlannú ("Scéim Cartlainne")**. Tá sé deartha ar bhealach le go gcuirfear tacaíocht ar fáil chun cultúr cartlannaithe a fhorbairt in earnáil craolacháin na hÉireann a chuireann le hoidhreacht agus le taithí craolacháin na hÉireann a chaomhnú. Baineann sé le hábhar clár a chraoltar go hiomlán nó a chraoltar cuid don ábhar, nó atá taifeadta le haghaidh craolacháin, ar an raidió agus/nó ar an teilifís, agus áirítear cláir agus fógraí. Bhí dhá Scéim Cartlainne ann go dtí seo; Scéim Cartlainne 1 agus Scéim Cartlainne 2, a bhí ar bun ó mhí na Bealtaine 2012 - mí Aibreáin 2016 agus ó mhí Aibreáin 2018 - mí na Nollag 2022 faoi seach. Chomh maith leis sin, anuas ar Alt 158(1) den Acht, rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar ghníomhaíocht, éifeachtacht agus tionchar Scéim Cartlainne 2 in 2022 agus cuireadh an tuarascáil ina dhiaidh sin faoi bhráid an Aire i mí Mheán Fómhair 2022.

### (d) Ceangaltais an Chiste Craolacháin

*Scéim Fuaim agus Fís*

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| **Figiúr Tosaigh an Cheangaltais** | 19,440 | 23,792 |
| Dámhachtainí a dámhadh | 22,751 | 16,776 |
| Deontais íoctha | (18,386) | (20,583) |
| Deontais aisíoctha | - | - |
| Deontais dídhílsithe | (560) | (545) |
| **Figiúr Deiridh an Cheangaltais** | **23,245** | **19,440** |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin (ar lean)

*Scéim na nDámhachtainí Cartlannaithe*

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| **Figiúr Tosaigh an Cheangaltais** | 1,969 | 2,349 |
| Dámhachtainí a dámhadh | - | - |
| Deontais íoctha | (541) | (380) |
| Deontais dídhílsithe | - | - |
| **Figiúr Deiridh an Cheangaltais** | **1,428** | **1,969** |
| **Iomlán Deiridh na gCeangaltas** | **24,673** | **21,409** |

Ba é iomlán na ndeontas a íocadh sa bhliain ná €18,927k (2023: €20,963k)

## 4. Athmhuirearú an Chiste Craolacháin

Baineann athmhuirearú an Chiste Craolacháin le caiteachas arna thabhú ag Coimisiún na Meán agus a athmhuirearaítear chuig an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin costais foirne de €1,006k (2023: €526k) agus caiteachas neamhphá de €599k (2023: €721k).

## 5. Costais Foirne

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 810 | 418 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | 77 | 38 |
| Costais Phinsin | 119 | 70 |
| **Costais Foirne Athmhuirearaithe** | **1,006** | **526** |
| Foireann Shealadach | - | - |
| **Costais Foirne Iomlána** | **1,006** | **526** |

Níl aon fhostaí fostaithe go díreach ag an gCiste Craolacháin.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 5. Costais Foirne (ar lean)

Caitheann roinnt fostaithe de chuid Choimisiún na Meán sciar dá gcuid ama ag obair ar chúrsaí atá bainteach leis an gCiste Craolacháin. In 2024, b'ionann é sin agus 15 (2023:8) choibhéis lánaimseartha.

## 6. Costais Riaracháin

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| *Forchostais:* | | |
| Cíos & Rátaí | 36 | 133 |
| Costais áitreabh | 22 | 49 |
| Costais oifige | 30 | 39 |
| Síntiús | 13 | - |
| Earcaíocht foirne, oiliúint & forbairt | 78 | 17 |
| Taisteal agus cothú | 12 | - |
| **Fo-iomlán na bhforchostas** | **191** | **238** |
| **Urraíocht** | **-** | **75** |
| *Costais dhíreacha:* | | |
| Bainistiú Comhad/Cartlannú | 10 | 133 |
| Feasacht Phoiblí | 17 | - |
| Ceadúnas TF agus costais tacaíochta | 65 | 25 |
| Dearadh, Priontáil agus Foilseacháin | 6 | - |
| Aistriúchán | 6 | 2 |
| Eile | 7 | 4 |
| **Fo-iomlán na gcostas díreach** | **111** | **164** |
| **Foriomlán na gCostas Riaracháin** | **302** | **477** |

Áirítear le Costais Riaracháin costais dhíreacha agus forchostais arna n-athmhuirearú ag Coimisiún na Meán chun caiteachas arna thabhú a bhaineann leis an gCiste Craolacháin a léiriú. Tá tosca amhail líon na foirne, caiteachas díreach, agus táscairí oibríochtúla eile san áireamh sa mhodheolaíocht athmhuireaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 7. Costais Ghairmiúla & Sainchomhairleoireachta

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Go Ginearálta | 185 | 93 |
| Iniúchóireacht agus Monatóireacht | - | 46 |
| | **185** | **139** |

# 8. Taiscí agus Airgead tirim/ coibhéisí airgid

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Gearrthéarmach (aibíocht níos lú ná trí mhí) | 31,073 | 11,300 |
| Eile (aibíocht idir 3 agus 12 mhí) | 1,262 | 22,678 |
| Airgead tirim ag an mbanc agus ar fáil | 9,802 | 7,879 |
| | **42,137** | **41,857** |

## (a) Gluaiseacht in Airgead Tirim/Coibhéisí Airgid Thirim

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 11,300 | 12,300 |
| Gnóthachain | 346 | - |
| Diúscairtí | - | (1,000) |
| Éadálacha | 19,427 | - |
| Airgead tirim atá ar fáil agus sa bhanc amhail an 31 Nollaig | 9,802 | 7,879 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 31 Nollaig** | **40,875** | **19,179** |

Gluaiseacht maidir leis na Taiscí Gearrthéarmacha Eile

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 8. Taiscí agus Airgead tirim/ coibhéisí airgid (ar lean)

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir** | 22,678 | 23,050 |
| Gnóthachain | 1 | 86 |
| Diúscairtí | (21,417) | (6,500) |
| Éadálacha | - | 6,042 |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **1,262** | **22,678** |

## 9. Infháltais

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Ús Fabhraithe | 128 | 172 |
| Eile | - | - |
| | **128** | **172** |

## 10. Suimeanna Iníoctha (Suimeanna le híoc taobh istigh de bhliain amháin)

| | 2024 € '000 | 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Coimisiún na Meán | 1,367 | 320 |
| Roinn an Ioncaim Iarchurtha de chuid na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt | 6,000 | 6,000 |
| | **7,367** | **6,320** |

## 11. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann amhail an 31 Nollaig 2024.

## 12. Formheas na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an Coimisiún na ráitis airgeadais ag an gcruinniú seo acu an 27 Samhain 2025.

# Déan Teagmháil Linn

**Coimisiún na Meán**
**1 Shelbourne Buildings,**
**Shelbourne Road,**
**Dublin 4,**
**D04 NP20,**
**Ireland.**
**Email**: info@cnam.ie
**Website**: www.cnam.ie